Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8042/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0099 (COD)**

**ENV 335**
**CLIMA 159**
**CODEC 469**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 150 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gáis ceaptha fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear RIALACHÁN (AE) Uimh. 517/2014 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 150 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 150 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 5.4.2022
COM(2022) 150 final

2022/0099 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 156 final} - {SWD(2022) 95 final} - {SWD(2022) 96 final} -
{SWD(2022) 97 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, seoladh straitéis nua fáis don Aontas arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua- aimseartha, iomaíoch, a bheidh tíosach ó thaobh acmhainní de. Athdhearbhaítear leis uaillmhian an Choimisiúin chun a spriocanna aeráide a mhéadú agus go mbeadh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050. Thairis sin, tá sé d'aidhm leis freisin sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Mar fhreagairt ar an bpráinn a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, mhéadaigh an tAontas a uaillmhian i leith na haeráide le Rialachán (AE) 2021/1119 (an Dlí Aeráide Eorpach)[1], a ghlac sé in 2021. Leis an dlí aeráide, bunaítear sprioc ceangailteach maidir le glanlaghdú GCT de 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus aeráidneodracht AE faoi 2050 ar a dhéanaí. Mhéadaigh an tAontas a Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta freisin faoi *Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide* ó laghduithe 40 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, go dtí glanlaghduithe 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar a laghad. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus deis a bheith ann an meánteocht dhomhanda a choinneáil laistigh de 1.5 C, ní mór gach ionstraim atá ábhartha maidir le dícharbónú gheilleagar an AE a atreisiú; is uirlis ríthábhachtach an Rialachán maidir le F-gás i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe (F-gáis).

Ceimiceáin de dhéanamh an duine is iad F-gáis ar gáis ceaptha teasa (GCT) an-láidir iad, go minic cúpla míle uair níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin($CO_2$). Chomh maith le dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil, baineann siad leis an ngrúpa astaíochtaí GCT a chumhdaítear faoi *Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide*. Sa lá atá inniu ann is 2.5 % d'astaíochtaí GCT iomlána an Aontais astaíochtaí f-gáis, ach tháinig méadú faoi dhó orthu ó 1990 go 2014 i gcodarsnacht le hastaíochtaí gás ceaptha teasa eile. Is é is cúis leis sin go ndearna F-gáis substaintí ídithe ózóin a ionadú de ghnáth go stairiúil i limistéir inar cuireadh toirmeasc ar substaintí ídithe ózóin a úsáid san Aontas chun an ciseal srathach ózóin a chosaint, mar a cheanglaítear faoi Phrótacal Montréal 1987 maidir le Substaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin ('an Prótacal').

Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe[2] ('an Rialachán maidir le F-gás') chun an méadú ar astaíochtaí F-gás a aisiompú. Is é hidreafluaracarbóin (HFCanna) an grúpa f-gás is tábhachtaí maidir le hastaíochtaí ábhartha don aeráid agus is é an príomh-úrnuacht i leith an Rialacháin maidir le F-gás bunú 'céimniú síos HFC-AE', mar atá córas cuótaí chun sceideal laghdaithe céimnithe a chur chun feidhme maidir leis an méid HFCanna a fhéadfaidh allmhaireoirí agus táirgeoirí a chur ar an margadh gach bliain.

Ní mór beartas an Aontais maidir le F-gás a fheiceáil i gcomhthéacs na tuarascála speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) a foilsíodh le déanaí[3]. Leis na conairí chun an téamh domhanda a theorannú ag 1.5 C, ceanglaítear laghdú ar astaíochtaí F-gás suas le 90 % faoi 2050 *ar fud an domhain* i gcomparáid leis an mbliain 2015.

[1] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.
[2] IO L 150, 20.5.2014, lch. 195.
[3] Tuarascáil Speisialta IPCC. Téamh Domhanda de 1.5 C (mí Lúnasa 2021), https://www.ipcc.ch/sr15/.

D’fhonn astaíochtaí HFC atá ag ardú agus an tionchar atá acu ar an aeráid a aisiompú, agus d’ainneoin nach n-ídíonn HFCanna an ciseal ózóin , chinn na Páirtithe sa Phrótacal in 2016 le Leasú Kigali céimniú síos domhanda HFC a chur i bhfeidhm, rud a laghdóidh táirgeadh agus tomhaltas HFC faoi níos mó ná 80 % sna 30 bliain atá romhainn ar an leibhéal domhanda. Leis sin, tugtar le tuiscint nach mór do gach Páirtí sceideal laghdaithe maidir le tomhaltas agus táirgeadh HFCanna a chomhlíonadh, chomh maith le ceadúnú allmhairiúchán/onnmhairiúchán agus tuairisciú ar HFCanna. Measann eolaithe go ndéanfaidh Leasú Kigali suas le 0.4 % de théamh breise a shábháil, ar a aonair, faoi dheireadh an chéid.

Mar a tugadh chun críche leis an measúnú a d’ullmhaigh an Coimisiún[4], tá aisiompú agus laghdú bliain ar bhliain ar astaíochtaí F-gás, dar thús 2015, mar thoradh ar an Rialachán maidir le F-gás. Thairis sin, ó 2015 go 2019 laghdaigh soláthar margaidh an Aontais maidir le HFCanna 37 % i dtonaí méadracha agus 47 % i dtéarmaí coibhéis de CO2. Tá athrú soiléir tagtha maidir le húsáid roghanna malartacha le hacmhainn téimh domhanda níos ísle, lena n-áirítear roghanna malartacha nádúrtha (e.g. CO2, amóinia, hidreacarbóin, uisce) in go leor cineálacha trealaimh a d’úsáid F-gáis go stairiúil. Mar sin féin, ní bhainfear amach go hiomlán na laghduithe ar astaíochtaí atá beartaithe faoi 2030 agus tá acmhainn nár úsáideadh chun tuilleadh astaíochtaí a laghdú. Thairis sin, cé gur glacadh an Rialachán maidir le F-gás roimh Leasú Kigali agus cé go raibh sé ríthábhachtach chun an comhaontú domhanda sin a bhaint amach, ní féidir a áirithiú leis an Rialachán go gcomhlíonfar na hoibleagáidí go léir (go háirithe tar éis 2030).

Ar deireadh, leis na blianta taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an Rialacháin, chomh maith leis an aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, deimhnítear an gá chun aghaidh a thabhairt ar líon dúshlán maidir leis an gcóras cuóta. I measc na ndúshlán sin tá gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, lena n-áirítear smuigleáil agus trádálaithe bradacha a bhfuil cúiseanna amhantracha acu, go dtí an easpa teicneoirí oilte. Thairis sin tá bearnaí áirithe maidir le faireachán ar gá aghaidh a thabhairt orthu, an éifeachtúlacht maidir le gníomhaíochtaí tuairiscithe agus fíoraithe atá le feabhsú, agus roinnt rialacha atá cheana atá le soiléiriú a thuilleadh, os rud é gur chuir formhór na bpáirtithe leasmhara ón tionscal, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis sin i dtábhacht mar chuspóir tábhachtach don athbhreithniú. Bhí sé soiléir, dá bhrí sin, gur cheart príomhghnéithe an Rialacháin a choinneáil ach go raibh gá le roinnt forálacha a mhionchoigeartú agus roinnt forálacha a chur isteach.

Is mar a leanas cuspóirí ginearálta bheartais F-gás an Aontais:

(1) Astaíochtaí breise f-gás a chosc, agus cur le cuspóir aeráide an Aontais dá bhrí sin

(2) Comhlíonadh an Phrótacail a áirithiú a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí a bhaineann le hidreafluaracarbóin (‘HFCanna’).

Is féidir na hastaíochtaí a chosc ar dhá bhealach: trína sheachaint go mbeidh F-gáis le húsáid ar an gcéad dul síos (i.e. an t-éileamh maidir le F-gáis a laghdú) agus trína áirithiú go mbeidh bearta ann chun astaíochtaí nó sceite a chosc nuair a dhéanfar na gáis a tháirgeadh, a úsáid nó a dhiúscairt (‘imshrianadh’). Tá cuspóir sonracha ag beartas F-gás, dá bhrí sin, maidir leis an méid seo a leanas:

- Úsáid f-gáis le hacmhainn téimh domhanda a dhíspreagadh agus úsáid substaintí nó teicneolaíochta malartacha a spreagadh i gcás ina mbíonn

[4] Féach Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Measúnú Tionchar atá i gceangal leis an togra.

astaíochtaí níos ísle mar thoradh orthu gan cur isteach ar an tsábháilteacht, feidhmiúlacht nó éifeachtúlacht fuinnimh;

- Sceitheadh ó threalamh a chosc agus cóireáil chuí ag deireadh ré maidir le F-gáis i bhfeidhmeanna;
- Fás inbhuanaithe a fheabhsú, nuálaíocht a spreagadh, agus teicneolaíochtaí glasa a fhorbairt trí dheiseanna margaidh a fheabhsú maidir le teicneolaíochtaí malartacha agus gáis le hacmhainn téimh domhanda íseal.

Ar bhonn chonclúidí meastóireachta maidir leis an Rialachán, tá na cuspóirí seo a leanas ag an gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú:

(1) **Laghduithe breise ar astaíochtaí gás-F** a bhaint amach chun cur leis an laghdú 55 % ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 agus glan-aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

(2) Ailíniú go hiomlán leis an bPrótacal.

(3) **Cur chun feidhme agus forfheidhmiú** feabhsaithe a éascú maidir le cúrsaí trádála neamhdhleathaí, feidhmiú an chórais cuótaí agus riachtanais oiliúna maidir le roghanna malartacha F-gháis.

(4) **Faireachán agus tuairisciú** a fheabhsú chun na bearnaí atá ann cheana a líonadh agus chun an próiseas agus cáilíocht sonraí maidir le comhlíonadh a fheabhsú.

(5) **Soiléireacht agus comhleanúnachas inmheánach** a fheabhsú chun tacú le cur chun feidhme agus tuiscint níos fearr maidir leis na rialacha.

Cuireann an tionscnamh le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, go háirithe chun 'an t-athrú aeráide a chomhrac'.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Chun spriocanna aeráide atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaint amach sa Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún spriocanna laghdaithe astaíochtaí na mBallstát a neartú le haghaidh 2021 go 2030 i leasú ar an Rialachán dá ngairtear an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, cumhdaítear astaíochtaí ó earnálacha nach gcumhdaítear le Córas Trádála Astaíochta an Aontais (ETS)[5] agus beagnach 5 % d'astaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán sin astaíochtaí F-gás. Baineann spriocanna aonair na mBallstát leis an gciseán foriomlán GCTanna sin. Níl aon spriocanna ceangailteacha ag an Aontas nó ag na Ballstáit a bhaineann le hastaíochtaí F-gás dá réir sin. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go laghdófar astaíochtaí f-gáis go príomha tríd an Rialachán maidir le F-gás os rud é gur léiríodh go bhfuil gníomhaíocht den sórt sin éifeachtach chomh maith le bheith costéifeachtach déanamh amhlaidh ar an leibhéal Eorpach. Déanfaidh gníomhaíocht den sórt sin bearta breise chun F-gáis a laghdú a chomhlánú, ar bearta iad a dhéantar níos fearr ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar shampla bearta breise maidir le beartas dramhaíola, formhaoirseacht níos déine ar na hearnálacha nó dreasachtaí airgeadais le haghaidh roghanna malartacha. I dteannta a chéile, ní mór a áirithiú leis na bearta a dhéanfar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a

5 COM(2021) 555 final

bhaineann le gach cineál astaíochtaí gur féidir le gach Ballstát a spriocanna náisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha a bhaint amach, ar bhealach éifeachtach, mar a shainítear sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Leis an Rialachán maidir le F-gás, cumhdaítear gach earnáil a bhfuil astaíochtaí F-gás ábhartha ina leith, ach comhlánaítear é le Treoir 2006/40/CE[6] maidir le haerchóiriú soghluaiste lena gcuirtear toirmeasc sonrach ar úsáid cuisneán a bhfuil acmhainn téimh domhanda níos airde ná 150 acu i ngluaisteáin nua paisinéirí ó bhí 2017 ann. Roimh an toirmeasc sin, ba hidreafluaracarbón an cuisneán a úsáideadh le hacmhainn téimh domhanda de 1, 430.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá a lán cosúlachtaí idir an Rialachán atá beartaithe (chomh maith leis an Rialachán reatha maidir le F-gás) agus Rialachán (CE) 1005/2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin[7] (an Rialachán maidir le hídiú an chisil ózóin), Rialachán atá á athbhreithniú go comhuaineach. Ní mór don dá Rialachán seo a áirithiú go comhpháirteach go gcomhlíonann an tAontas a oibleagáidí maidir le hidreafluaracarbóin agus substaintí ídithe ózóin faoin bPrótacal. Cé nach mbíonn tionchar díreach ag an dá athbhreithniú ar a chéile, déanann siad difear do pháirtithe leasmhara agus d'earnálacha comhchosúla, chomh maith le gníomhaíochtaí comhchosúla (trádáil, úsáid trealaimh etc.) agus úsáideann siad bearta rialuithe comhchosúla, lena n-áirítear córas ceadúnúcháin trádála mar a cheanglaítear leis an bPrótacal. Dá bhrí sin, d'iarr an tionscal agus na húdaráis araon go ndéanfaí a gcuid rialacha ábhartha a ailíniú go dlúth (e.g. maidir le rialuithe custaim, rialacha maidir le sceitheadh, sainmhínithe etc.).

Comhlánaítear rannchuidiú an Rialacháin athbhreithnithe maidir le F-gás chun spriocanna GCT a bhaint amach ar leibhéal na mBallstát faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED: Treoir 2010/75/AE) lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí atá freagrach as thart ar 15 % d'astaíochtaí GCT an Aontais nach gcumhdaítear le ETS. Tá an IED dírithe go príomha ar astaíochtaí truailleán agus astaíochtaí GCT ó fhoinsí tionsclaíocha nach gcumhdaítear le EU ETS[8]. I gcodarsnacht leis sin, díríonn na Rialacháin maidir le hídiú an chisil ózóin agus an Rialachán maidir le F-gás den chuid is mó, ach ní go heisiach, ar shubstaintí a ídíonn ózón agus gáis fhluairínithe a chur ar an margadh agus a úsáid chun astaíochtaí na gceimiceán sin, ar GCT an-láidir iad, a chosc. Le IED tugtar deis breithniú córasach a dhéanamh ar astaíochtaí F-gás mar phríomhpharaiméadar comhshaoil i bhforbairt na ndoiciméad tagartha teicníce is fearr atá ar fáil maidir le hearnálacha tionscail. Is é an dara ceann an bunús chun teorainneacha astaíochtaí a shocrú le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha chun a n-astaíochtaí F-gás agus substaintí ídithe ózóin a theorannú. Thairis sin, déanfar Rialachán E-PRTR (Rialachán (CE) Uimh 166/2006) a nuachóiriú chun feabhas a chur ar thuairisciú, agus ar infhaighteacht phoiblí faisnéise maidir le hastaíochtaí truailleán agus gás ceaptha teasa araon agus ba cheart go gceadófaí leis amach anseo níos mó gráinneachta maidir le sonraí astaíochtaí F-gás agus substaintí ídithe ózóin ó shuiteálacha den sórt sin.

---

6 IO L 161, 14.6.2006, lch. 12.
7 IO L 286, 31.10.2009, lch. 1.
8 Treoir 2003/87/CE, IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

Tá dlúthshineirgí ann freisin le beartais fuinnimh, go háirithe le Treoir 2009/125/CE maidir le héicidhearthóireacht[9], i bhfianaise ábharthacht na n-astaíochtaí indíreacha ó úsáid fuinnimh de chuid trealamh F-gás. Leanann an togra 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta' trí roghanna malartacha atá ar a laghad chomh tíosach ar fhuinneamh le trealamh a úsáideann F-gás traidisiúnta a chur san áireamh, agus na roghanna sin amháin. Tugadh aird ar leith freisin ar an ngá a bheidh le rátaí arda fáis do theaschaidéil a mhargaítear faoi láthair le F-gáis san Aontas chun an córas fuinnimh a dhícharbónú. Is é is cúis leis sin go háirithe na forbairtí geopholaitiúla is déanaí a bhfuil fás níos mó i dteaschaidéil ag teastáil chun spleáchas ar ola agus ar ghás a laghdú mar atá leagtha sa Teachtaireacht RePowerEU[10]. Chun aeráidneodracht a bhaint amach, tá sé tábhachtach go mbeidh beartais i bhfeidhm lena méadófar an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéid is féidir agus lena dteorannófar astaíochtaí ó F-gáis. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é go mbeidh astaíochtaí díreacha GCT ann le blianta fada amach anseo mar thoradh ar aon trealamh teaschaidéil le F-gáis a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair de bharr sceite, seirbhísiú riachtanach le tuilleadh F-gás agus astaíochtaí féideartha nuair a chuirfear an trealamh sa sruth dramhaíola. I gcás inar féidir, ba cheart an méid sin a sheachaint, agus sin é an fáth a n-áirítear toirmisc shonracha ar tháirgí. Ar an iomlán, meastar go bhfuil maolán leordhóthanach ag an athbhreithniú atá beartaithe ar an gcóras cuótaí, de réir rogha thosaíochta an mheasúnaithe tionchair, chun fás den sórt sin a cheadú maidir le húsáid teaschaidéal.

A mhéid a bhaineann le forálacha allmhairiúcháin agus tuairiscithe, tá sineirgí ann le Reachtaíocht REACH[11], ar an ábhar go ndéanann an dá cheann difear d'allmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na sonraí níos gráinneacha a bailíodh, agus as na ceanglais allmhairithe dhiana a bhaineann leis an gcóras gcuótaí sa Rialachán maidir le F-gás, chun forbhreathnú agus comhlíonadh na n-oibleagáidí clárúcháin REACH a fheabhsú mar a luaigh tionscal na gceimiceán.

Leis an togra athbhreithnithe, treisítear na naisc le custaim, faireachas margaidh, coireacht chomhshaoil agus sceithireacht trí na hoibleagáidí nithiúla atá ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar na húdaráis inniúla a mhíniú chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, lena n-áirítear smuigleáil, a laghdú chun agus sláine chomhshaoil an Rialacháin a chosaint.

Thairis sin, tá naisc dhíreacha ann le beartas dramhaíola, ós rud é gur céim ríthábhachtach í deireadh ré ina ndéantar go leor astaíochtaí mura gcomhlíontar na hoibleagáidí. Comhlánaítear na hoibleagáidí aisghabhála atá sa Rialachán maidir le F-gáis le tagairtí sa reachtaíocht ábhartha maidir le dramhaíl (e.g. an Treoir maidir le DTLL[12] agus an Treoir maidir le Loingsiú Dramhaíola[13]). D'fhéadfadh scéimeanna neartaithe freagrachta táirgeora, mar a spreagtar iad leis an Rialachán maidir le F-gás, cur go mór leis na cleachtais reatha a fheabhsú agus astaíochtaí deireadh ré a laghdú. Is deis í seo i bhfianaise an athbhreithnithe leanúnaigh atá á dhéanamh ar an Treoir Réime Dramhaíola.

Agus ar deireadh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar caighdeáin sábháilteachta chomh maith le cóid agus reachtaíocht ar gach leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, a

9 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

10 COM(2022) 108 final.

11 https://echa.europa.eu/regulations/reach/legislation

12 Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

13 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsiú dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

nuashonrú go leanúnach agus go tráthúil, chun coinneáil céim ar chéim le forbairt mheas na dteicneolaíochtaí agus chun a fháil amach an féidir úsáid cuisneán atá neamhdhíobhálach don aeráid a uasmhéadú gan an tsábháilteacht a chur i mbaol.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le leis an gcuspóir cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; agus chun bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

- **Coimhdeacht**

Leis an togra, comhlánaítear reachtaíocht AE atá ann ar leibhéal an Aontais ó bhí 2006 ann agus comhlíonann sé prionsabal na coimhdeachta go soiléir mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

Ar dtús, is saincheist trasteorann é an córas aeráide a chosaint agus le scála na faidhbe tá gá le gníomhú ar fud an domhain. Ar an dara dul síos, is iad na bearta is éifeachtaí úsáid nó cur ar an margadh F-gás nó táirgí agus trealamh F-gáis a thoirmeasc nó a shrianadh. Maidir le feidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais agus saorghluaiseacht earraí, is fearr go ndéanfar bearta den sórt sin ar leibhéal an Aontais. Ar an tríú dul síos, meastar sa Phrótacal gur eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta (REIO) é an AE agus dá bhrí sin nach mór don AE oibleagáidí an Phrótacail a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais (e.g. tuairisciú, córas ceadúnúcháin, céimniú síos tomhaltais). Leis sin ceanglaítear reachtaíocht ábhartha ar an leibhéal céanna; bheadh sé an-deacair mura mbeadh sé dodhéanta comhlíontacht a bhaint amach le 27 gcóras náisiúnta éagsúla. Is é an t-aon eisceacht ar chlásal REIO sceideal céimnithe síos an Phrótacail maidir le táirgeadh hidreafluaracarbóin, rud lena gceanglaítear comhlíonadh ar leibhéal na mBallstát.[14] Mar sin féin, d’iarr roinnt Ballstát go ndéanfar táirgeadh a rialáil ar leibhéal an Aontais freisin toisc go méadódh sé sin an tsolúbthacht do na cuideachtaí lena mbaineann.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Áirithítear leis an togra go laghdófar a thuilleadh astaíochtaí gás-F agus go leanfaidh an AE de bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoin bPrótacal chun táirgeadh agus tomhaltas hidreafluaracarbón a chéimniú síos. Tá na bearta atá beartaithe bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar a gcost-éifeachtúlacht a léiríonn go bhfuil na costais laghdaithe astaíochtaí imeallacha d’earnáil ar bith laistigh den raon a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh ar earnálacha eile sa gheilleagar aghaidh a thabhairt orthu chun an t-aistriú is gá i dtreo neodracht aeráide a áirithiú faoi 2050. Thairis sin, san fhadtéarma beidh coigilteas costais ar an iomlán mar thoradh ar na bearta maolaithe. Méadóidh roinnt beart beagán an t-ualach riaracháin ar an tionscal ach tá cuid acu riachtanach chun an Prótacal a chomhlíonadh agus tá bearta eile ag teastáil chun forfheidhmiú iomchuí na rialacha a éascú chomh maith le faireachán a dhéanamh ar bhagairtí amach anseo.

[14] De bhun Airteagal 2(8)(a) den Phrótacal, is féidir comhlíonadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais faoi REIO maidir le táirgeadh, ach ní hamhlaidh atá faoi láthair toisc nach raibh aon chomhaontú ag na Ballstáit.

Ní bhaineann costais arda le haon cheann de na bearta deireanacha sin. Ní bheartaítear forálacha mionsonraithe i gcásanna inarbh fhearr a d'fhéadfaí na cuspóirí a bhaint amach trí ghníomhaíocht i réimsí eile beartais, mar shampla trí bhíthin reachtaíocht maidir le dramhaíl. Níorbh fhéidir an leibhéal tairbhí a baineadh amach leis na bearta sin a bhaint amach ar bhealach cost-éifeachtúil don tionscal agus do na Ballstáit trí 27 mbeartas éagsúla breise a thabhairt isteach sna Ballstáit.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán an ionstraim dlí a roghnaítear toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an togra teacht in ionad an Rialacháin maidir le F-gás agus é a fheabhsú, ach a struchtúr ginearálta maidir le bearta rialaithe a choinneáil ag an am céanna. Léiríodh go bhfuil an Rialachán maidir le F-gás éifeachtach. Ós rud é go bhfuil roinnt leasuithe sa togra chomh maith le hoiriúnuithe ar struchtúr an Rialacháin maidir le F-gás, ba cheart an Rialachán maidir le F-gás a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú. Chuirfeadh aon athruithe móra (i.e. aisghairm nó Treoir a dhéanamh de) ualach míchuí ar na Ballstáit agus chruthófaí neamhchinnteacht bhreise do na gnóthais atá gníomhach san earnáil sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireacht ex post**

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán maidir le F-gás i gcomhréir leis na ceanglais maidir le 'Rialáil Níos Fearr', agus d'fhreagair sé Airteagal 21(2) den Rialachán maidir le F-gás, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil chuimsitheach a fhoilsiú maidir lena éifeachtaí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2022.

Is é conclúid na meastóireachta go raibh an Rialachán maidir le F-gás éifeachtach den chuid is mó maidir lena chuspóirí bunaidh a bhaint amach, is é sin astaíochtaí F-gáis a laghdú agus a bheith ríthábhachtach maidir le comhaontú idirnáisiúnta a fháil chun hidreafluaracarbóin a laghdú. Thairis sin, bhí na bearta aonair ag obair go maith le chéile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar thoradh díreach ar an reachtaíocht, tá astaíochtaí F-gáis tar éis laghdú bliain ar bhliain ag tosú in 2015 tar éis deich mbliana de mhéideanna ag ardú. Baineadh na laghduithe sin amach ar chostais laghdaithe an-íseal a bhaineann le hathrú teicneolaíoch (i.e. EUR 6 in aghaidh an tona de choibhéis $CO_2$ ar an meán), agus gan éifeachtúlacht fuinnimh an trealaimh lena mbaineann a laghdú. Leis an Rialachán maidir le F-gás, cosnaíodh uaillmhian ard ó thaobh an chomhshaoil de trí na hoibleagáidí céanna a choinneáil ar fud an Aontais, agus ag an am céanna cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach lena mbaineann i dtionscail agus gnóthais.

Ag an am céanna, is é toradh na meastóireachta, ó glacadh an Rialachán, gur athraigh roinnt forbairtí tábhachtacha (go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, agus timpeallacht bheartais idirnáisiúnta athraithe le Comhaontú Pháras agus Leasú Kigali) an creat beartais ábhartha, rud a thugann le fios nach bhfuil Rialachán AE maidir le F-gás oiriúnach go hiomlán don fheidhm, i dtéarmaí leas a bhaint as an acmhainneacht nár úsáideadh chun laghduithe breise astaíochtaí a bhaint amach agus chun comhlíonadh an Phrótacail sa todhchaí a áirithiú. Léirítear le samhaltú go mbeidh na laghduithe ar astaíochtaí F-gáis in 2030 níos ísle

ná mar a bhíothas ag súil leis i measúnú tionchair 2012[15] a raibh sé mar chuspóir aige rannchuidiú le sprioc aeráide 2030 a bhaint amach (ar a laghad -40 % i gcomparáid le 1990). Chomh maith leis sin, leanann roinnt earnálacha de F-gáis a úsáid agus a astú, nuair a d'fhéadfaí é sin a sheachaint (e.g. i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta) agus tá astaíochtaí ann ó earnálacha nó ó shubstaintí nach n-áirítear faoi raon feidhme an Rialacháin faoi láthair.

Sainaithnítear sa mheastóireacht freisin dúshláin eile, lena n-áirítear allmhairiú neamhdhleathach hidreafluaracarbóin a théann timpeall ar an gcóras cuótaí agus 'trádálaithe bradacha' (iolrú allmhaireoirí ar an mórchóir go minic gan nasc leis an earnáil a théann isteach sa mhargadh ar chúiseanna amhantracha agus/nó a bhaineann tairbhe díréireach as an gcóras cuóta). Ina theannta sin, tá easpa pearsanra a bhfuil scileanna acu chun trealamh a shuiteáil agus a chothabháil le roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don aeráid, chomh maith le caighdeáin sábháilteachta nach bhfuil cothrom le dáta go hiomlán de réir an dul chun cinn teicneolaíochta, ag cur bac ar ghlacadh roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don aeráid. D'fhéadfadh rialú níos fearr ar astaíochtaí aghaidh a thabhairt freisin ar chuid de na hábhair imní faoi iarmhairtí éiceathocsaineolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag táirgí dianscaoilte san atmaisféar de hidreafluaracarbóin agus de hidrea(clóra)fluaraolaifíní (H(C)FOanna). Thairis sin, d'fhéadfaí bearnaí áirithe sna substaintí agus sna gníomhaíochtaí a chumhdaítear le bearta faireacháin agus tuairiscithe a sheachaint. Ina theannta sin, d'fhéadfaí roinnt oibleagáidí a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe agus fíoraithe a dhéanamh níos éifeachtúla. Ar deireadh, measadh gur bagairt é nach bhfuil aon solúbthacht ann faoi láthair gníomhú go tapa i gcás éifeachtaí neamh-inmhianaithe maidir leis an gcóras cuótaí amhail easpa soláthair hidreafluaracarbón.

Tríd is tríd, fuarthas go raibh an Rialachán maidir le F-gás comhsheasmhach agus comhleanúnach go seachtrach le hidirghabhálacha eile a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu, cé go bhfuil réimsí ann a bhfuil roinnt neamhleanúnachais ann ar cheart aghaidh a thabhairt orthu. Réimse tábhachtach is ea an dlí custaim, inar cheart leas a bhaint as sineirgí le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE do Chustaim agus rialuithe teorann éifeachtúla a éascú chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a stopadh. Tá sineirgeachas tábhachtach eile ann le Rialachán REACH, áit a bhfuil iarrachtaí faoi stiúir na mBallstát ar bun chun féachaint ar ábharthacht na dtáirgí díghrádaithe marthanacha ó H(C)FOanna. Tá comhsheasmhacht inmheánach an Rialacháin go maith, ach tá gá le roinnt soiléirithe agus ailínithe.

Ar bhonn na dtorthaí sin, sainaithníodh na cúig chuspóir athbhreithnithe a luaitear i roinn 1.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara. Leis an *gcomhairliúchán maidir leis an treochlár athbhreithnithe* ón 29 Meitheamh 2020 go dtí an 7 Meán Fómhair 2020 agus leis an *gcomhairliúchán poiblí ar líne* ón 15 Meán Fómhair 2021 go dtí an 29 Nollaig 2021, tugadh deis do gach páirtí leasmhar tuairimí a thabhairt faoin Rialachán maidir le F-gás, gan beann ar leibhéal eolais na bhfreagróirí faoin Rialachán. Leis na gníomhaíochtaí sin, fuarthas 76 agus 241 fhreagairt faoi seach. Tá na freagairtí aonair agus achoimre ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin 'Cloisimis uait' an Choimisiún[16]. Rinneadh *comhairliúchán spriocdhírithe*, lena mbaineann 34 agallamh leathstruchtúrtha a bhí oiriúnaithe d'údaráis F-gáis inniúla, d'údaráis chustaim, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do chomhlachais ghnó agus

15 SWD(2012) 364 final.

16 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12479-Review-of-EU-rules-on-fluorinated-greenhouse-gases/public-consultation_en

eagraíochtaí gnó an Aontais, agus do roinnt cuideachtaí aonair. Reáchtáladh ceardlann oscailte do pháirtithe leasmhara an 6 Bealtaine 2021 ar ar fhreastail 355 rannpháirtí, inar cuireadh i láthair réamhthorthaí an mheasúnaithe agus an mheasúnaithe tionchair. Tá an clár oibre, ábhar an tseisiúin faisnéise agus an cur i láthair a rinneadh ag an gceardlann ar fáil ar shuíomh gréasáin AS CLIMA[17].

Leis na comhairliúcháin sin bailíodh tuairimí faoin méid atá bainte amach ag an Rialachán go dtí seo maidir lena ábharthacht, a éifeachtacht, a éifeachtúlacht, a bhreisluach Aontais agus a chomhleanúnachas inmheánach agus seachtrach. Ina theannta sin, bailíodh aiseolas freisin faoi bhearta féideartha agus na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta is dóigh a bheidh acu, agus an Comhaontú Glas don Eoraip agus a chuspóirí níos uaillmhianaí agus na hoibleagáidí maidir le hidreafluaracarbóin faoin bPrótacal á gcur san áireamh.

D'aontaigh páirtithe leasmhara go ginearálta go raibh an Rialachán maidir le F-gás an-rathúil ach gurbh fhéidir agus gur cheart é a fheabhsú. Thairis sin, tugadh faoi deara go soiléir nárbh fhéidir oibleagáidí an Rialacháin a bhaint amach níos fearr trí ghníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát (seachas ar leibhéal an Aontais).

Luaigh formhór na ngeallsealbhóirí, agus na n-údarás inniúil go háirithe, gur gá an Rialachán a ailíniú leis an bPrótacal tar éis 2030 chun comhleanúnachas agus comhlíonadh amach anseo a áirithiú. Cé nár theastaigh ó roinnt páirtithe leasmhara tionscail agus gnó a oibríonn go rialta le F-gáis in earnáil an chuisniúcháin, an aerchóiriúcháin agus na dteaschaidéal leibhéal uaillmhéine an Rialacháin reatha maidir le F-gás a ardú tuilleadh, thacaigh monaróirí trealaimh a úsáideann cuisneáin mhalartacha agus eagraíochta neamhrialtasacha le huaillmhian níos airde. Thar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin uile, léirigh páirtithe leasmhara tionsclaíocha tacaíocht láidir do bhearta éagsúla atá dírithe ar dhul i ngleic leis an trádáil neamhdhleathach agus le dúshláin don chóras cuótaí, rud lena léirítear go mbraitheann siad air seo mar phríomhshaincheist chun an Rialachán a fheabhsú (agus fuair bearta éagsúla leibhéil éagsúla tacaíochta). Léirigh na páirtithe leasmhara sin ardleibhéal tacaíochta freisin d'oiliúint bhreise agus do dheimhniú breise le haghaidh teicneoirí maidir le roghanna malartacha F-gáis, rud lena dtugtar chun suntais gur príomhbhacainn é seo ar ghlacadh roghanna malartacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhailigh an Coimisiún comhairle theicniúil fhorleathan ó líon staidéar saineolach, lena n-áirítear tuarascálacha ón gCoimisiún[18] maidir le haerchóiriúchán, lascghiar, infhaighteacht hidreafluaracarbón, cuisniúchán tráchtála, leithdháileadh cuóta, caighdeáin sábháilteachta agus oiliúint le haghaidh pearsanra seirbhíse. Ina theannta sin, rinneadh staidéar cuimsitheach ullmhúcháin le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin ag comhairleoirí seachtracha, lenar áiríodh samhail stoic mhionsonraithe ón mbun aníos de na hearnálacha a úsáideann F-gás (samhail AnaFgas) chun cásanna éilimh agus astaíochtaí le haghaidh F-gás a ríomh, i gcomhair na bunlíne agus na roghanna beartais, agus chun úsáid fuinnimh an trealaimh ábhartha a ríomh, i gcomhair AE27+RA le linn na tréimhse 2000 go 2050**.** Leis an modúl costais a ghabhann leis, ceadaítear cainníochtú na gcostas lena mbaineann ar oibreoirí an trealaimh a bhíonn ag brath ar F-gáis nó ar a roghanna malartacha. Rinneadh éifeachtaí maicreacnamaíocha a shamhaltú trí úsáid a bhaint as samhail GEM-E3 an Ionaid

[17] https://ec.europa.eu/clima/eu-action/fluorinated-greenhouse-gases/eu-legislation-control-f-gases_en#ecl-inpage-1474

[18] C(2020)6637 final, C(2020) 6635 final, C(2020)8842 final, C(2017)5230 final, COM(2017) 377 final, COM/2016/0749 final, COM/2016/0748 final.

Chomhpháirtigh Taighde[19]. An staidéar ullmhúcháin sin agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis (Öko-Recherche et al., 2021) ina bhfuil na sonraí foluiteacha, na toimhdí agus na torthaí mionsonraithe, cuirtear ar fáil go poiblí iad ar shuíomh gréasáin AS CLIMA. Chuir earnáil an tionscail, údaráis na mBallstát agus an tsochaí shibhialta ionchur leitheadach agus tacaíocht theicniúil ar fáil le haghaidh an staidéir.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair lena ndearnadh anailís ar thrí rogha bheartais i dtéarmaí a n-éifeachtachta chun na cuspóirí atá á lorg a bhaint amach agus i dtéarmaí a dtionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta. Le haghaidh gach cuspóir ón athbhreithniú, sainaithníodh sraith beart. Rinneadh na bearta, atá comhlántach agus nach bhfuil comheisiatach, a ghrúpáil i dtrí rogha beartais ar bhonn na gcostas (laghdaithe) a bhfuil coinne leo ina leith:

Áirítear leis na trí rogha na feabhsuithe lena bhfuiltear ag iarraidh na rialacha a shoiléiriú nó iad a dhéanamh níos comhleanúnaí. Is iad seo a leanas na trí roghanna atá ann:

- **Rogha 1**: **Ailíniú leis an bPrótacal - bearta ar chostas íseal.** Áirítear leis sin na bearta uile chun comhlíontacht fhadtéarmach leis an bPrótacal a áirithiú. Áirítear leis an rogha seo freisin aon bheart tairbheach maidir le gach cuspóir a raibh coinne leis go mbeadh costais agus iarracht an-íseal (más ann dóibh) mar thoradh orthu.

- **Rogha 2: Laghduithe astaíochtaí comhréireacha agus feabhsú cur chun feidhme**. I dteannta Rogha 1, áirítear leis bearta lena mbaintear amach laghduithe astaíochtaí agus feabhsuithe cur chun feidhme ar chostais mheasartha agus iarracht mheasartha, go dtí an pointe nach mbeadh ar fho-earnáil níos mó ná na himeallchostais laghdaithe earnálacha a bhfuil coinne leo ionas go mbainfidh an geilleagar foriomlán neodracht carbóin a bhaint amach in 2050. Dá bhrí sin, tá na leibhéil chuóta HFC níos sriantaí ná i Rogha 1 agus comhlánaítear an céimniú síos le toirmisc F-gáis bhreise a bhfuil teorainneacha acmhainne téimh domhanda ar leith agus dátaí ar leith acu. Áirítear leis an rogha seo freisin níos mó beart chun forfheidhmiúchán agus faireachán a fheabhsú, fad is nach mbainfidh costais arda leo.

- **Rogha 3: Indéantacht uasta agus feabhsuithe cur chun feidhme**. Is rogha costais ard í Rogha 3. I dteannta gach beart roimhe seo i Roghanna 1 agus 2, áireoidh le Rogha 3 na bearta sin lena bhfuiltear ag iarraidh na laghduithe astaíochtaí GCT uasta a bhaint amach bunaithe ar indéantacht theicniúil an lae inniu agus éifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe sábháilteachta a chur i gcuntas an tráth céanna. Tá an córas cuóta is géire ag an rogha seo. Na bearta uile chun forfheidhmiú agus faireachán a fheabhsú ar measadh go raibh siad indéanta, áirítear iad sa rogha seo freisin.

Cé go ndéanfaí comhlíonadh iomlán an Phrótacail a chosaint leis na roghanna go léir, léirítear go soiléir sa mheasúnú tionchair mionsonraithe go mbeidh an chothromaíocht costais is iomchuí mar thoradh ar Rogha 2, agus go mbainfí amach méid an-suntasach d'astaíochtaí breise leis an Rialachán atá ann faoi láthair (i.e. an bhunlíne) ag clib praghsanna measartha agus go seachnófar cruatan míchuí d'aon earnáil lena mbaineann. I gcomhthéacs 2030, meastar go mbeidh coigilteas breise 40 $MtCO_2e$ mar thoradh ar an Rialachán atá beartaithe. Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne go mbeidh an coigilteas seo sa bhreis ar an 430 $MtCO_2e$ a mheastar a bheidh mar thoradh ar an Rialachán atá ann faoi láthair. Faoi 2050

[19] https://joint-research-centre.ec.europa.eu/gem-e3/gem-e3-model_en

beidh coigilteas breise Rogha 2 cothrom le 310 MtCO2e. Ciallaíonn sé sin nach meastar ach 14 MtCO2e a bheith i gceist le hastaíochtaí iarmharacha gáis-F in 2050. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil Rogha 2 comhoiriúnach le glan-aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, rud a laghdóidh an gá atá le beartais bainte carbóin chun astaíochtaí nach féidir a sheachaint in 2050 a chúiteamh chun glan-aeráidneodracht a bhaint amach.

Mar thoradh ar an gcoigeartú teicneolaíoch is gá, spárálfar costais ar an iomlán agus in go leor fo-earnálacha, mar gheall ar chostais fuinnimh níos ísle do na húsáideoirí. Mar sin féin, tá roinnt costas ar úsáideoirí deiridh nach n-athraíonn go roghanna malartacha mar thoradh ar phraghsanna níos airde hidreafluaracarbón faoi chóras cuótaí treisithe. Mar sin féin, san am céanna, bainfidh roinnt earnálacha den gheilleagar tairbhe as an gcomhshó teicneolaíochta, as a dtiocfaidh aschur, nuálaíocht agus fostaíocht níos airde. Dá bhrí sin, is í Rogha 2 an rogha is mó atá i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, chomh maith leis an bprionsabal 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh'. Mar a dheimhnigh na páirtithe leasmhara, tá breisluach AE ag baint leis na cineálacha beart atá i Rogha 2. Níorbh fhéidir an leibhéal tairbhí a baineadh amach a bhaint amach ar bhealach chomh cost-éifeachtúil don tionscal agus do na Ballstáit, dá réir sin, trí 27 mbeartas éagsúla breise maidir le F-gás a thabhairt isteach sna Ballstáit. Dealraítear nach n-éiríonn le Rogha 1 aon choigilt bhreise ar astaíochtaí carnacha a bhaint amach i gcomparáid leis an Rialachán atá ann faoi láthair agus nuair a dhéantar acmhainneacht coigilte a léirítear i Rogha 2 agus i Rogha 3 a chur san áireamh, ní bheadh rogha 1 chomh leordhóthanach sin i bhfianaise spriocanna uaillmhianacha aeráide an AE. Os a choinne sin, le Rogha 3 bhainfí amach laghdú beag níos airde ar astaíochtaí i gcomparáid le Rogha 2 ach bheadh costais an-ard ag baint leis na coigiltis bhreise sin do roinnt earnálacha (costais imeallacha earnálacha ar lacáiste faoi 2050 de suas le EUR 2, 111/t de choibhéis CO2 i dtaobh Rogha 3, i gcomparáid le EUR 336/t de choibhéis CO2 ar a mhéad i Rogha 2; costais choigeartaithe teicneolaíochta do gach earnáil dar luach EUR 113 milliún in aghaidh na bliana do Rogha 3 i gcomparáid le EUR 12 milliún in aghaidh na bliana do Rogha 2) agus is fearr bealaí eile a lorg chun rannchuidiú leis na spriocanna náisiúnta maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach.

Le Rogha 2, áiritheofar rialú níos fearr ag méadú measartha ar an ualach riaracháin don tionscal agus d'údaráis (Measadh go mbeadh EUR 7.6 milliún i gceist leis na glanchostais iomlána don tionscal mar chostais athfhillteacha bhliantúla, sa bhreis ar chostais aonuaire EUR 3 milliún). Leis na hathruithe sin, ba cheart go mbeifí in ann forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh, ag dul i ngleic leis na dúshláin shainaitheanta atá ann cheana, go háirithe iad siúd a bhaineann le trádáil neamhdhleathach. Ina theannta sin, éireoidh na rialacha faireacháin níos cuíchóirithe agus níos cuimsithí trí ghnéithe nua atá ábhartha anois a chumhdach. Cuirtear torthaí mionsonraithe na dtionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta i láthair sa mheasúnú tionchair.

Déantar roinnt simplithe i réimse an fhaireacháin. Áirítear orthu sin coigilteas ó athruithe ar phróiseas dearbhaithe na gcuótaí (coigilt EUR1.2 milliún de chostais in aghaidh na bliana), ailíniú a dhéanamh ar thairseacha tuairiscithe agus údaraithe d'allmhaireoirí trealaimh (EUR 0.09 milliún in aghaidh na bliana), an tairseach fíoraithe d'allmhaireoirí trealaimh a mhaolú (EUR 1.7 milliún in aghaidh na bliana) agus an próiseas fíoraithe a dhigitiú (EUR 1.5 milliún in aghaidh na bliana).

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach a raibh forchoimeádas inti ar an measúnú tionchair an 25 Feabhra 2022. Tugadh aghaidh i dtéacs athbhreithnithe den mheasúnú tionchair ar na moltaí deiridh chun míniú níos fearr a thabhairt ar na naisc leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, an gá le huaillmhian a ardú, cur síos níos mionsonraithe ar an modheolaíocht agus lena mínítear na paraiméadair rathúlachta. Tugtar gach tuairim mhionsonraithe ón mBord agus conas ar tugadh aghaidh orthu sa mheasúnú

tionchair. Tá an measúnú tionchair iomlán seo agus leagan achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin DG CLIMA.

- **Cearta bunúsacha**

Leis na rialacha atá beartaithe maidir leis an tionscnamh seo, áirithítear go n-urramófar ina n-iomláine na cearta agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Áirítear sa togra seo praghas cuóta socraithe do chuid mhór den chuóta hidreafluaracarbóin a leithdháiltear ar allmhaireoirí agus ar tháirgeoirí gach bliain. Taispeántar an t-ioncam bliantúil uasta sa tábla thíos.

| | **milliún EUR/bliain** |
|---|---|
| 2025 - 2026 | 125 |
| 2027 - 2029 | 53 |
| 2030 - 2032 | 27 |
| 2033 - 2035 | 25 |
| 2036 - 2038 | 20 |

Mar sin féin, beidh gá le hacmhainní breise chun tuilleadh forbartha, oibríochta, cothabhála agus slándála TF a dhéanamh ar chóras cuótaí HFC agus ar chóras ceadúnúcháin F- gáis agus substaintí ídithe ózóin a cheanglaítear faoi Phrótacal Montréal, chomh maith leis na naisc riachtanacha le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE chun Custaim agus forfheidhmiú níos fearr a éascú. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, an t-ioncam díola cuóta a úsáid chun costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a chumhdach agus go mbeidh ioncam díola na gcuótaí atá fágtha ag sreabhadh isteach i mBuiséad an AE mar ioncam ginearálta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

D’fhéadfadh sé go mbraithfeadh faireachán agus meastóireacht a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán ar shonraí tuairiscithe bliantúla cuideachta an Rialacháin, ar sonraí iad a bhailíonn agus a chomhiomlánaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil gach bliain.[20] Ullmhaíonn an ghníomhaireacht tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le F-gháis d’ionadaithe na mBallstát agus don Choimisiún (DG CLIMA), ina n-áirítear sonraí inter alia maidir le hallmhairí, onnmhairí, táirgeadh, scriosadh agus mínghlanadh atá ábhartha do F-gáis ar an mórchóir agus trealamh ina bhfuil gáis den sórt sin. Thairis sin, chun cloí leis an bPrótacal, tá an Coimisiún ag úsáid na sonraí chun tuairisc bhliantúil a thabhairt ar tháirgeadh, bunábhar, scriosadh, allmhairí agus onnmhairí HFC do Rúnaíocht Ózóin an Phrótacail thar

[20] https://www.eea.europa.eu/publications/fluorinated-greenhouse-gases-2020

ceann an AE. Ina theannta sin, tá leagan poiblí den tuarascáil i bhfoirm táscaire F-gáis atá gréasán-bhunaithe a fhoilsíonn agus a nuashonraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) go rialta. Leis na bearta atá molta maidir le tuairisciú agus faireachán, chuirfí tuilleadh feabhais ar an mbonn sonraí sin amach anseo.

Na hathruithe ar an raon feidhme tuairiscithe (substaintí nua; daoine a fhaigheann cuóta díolmhaithe; saoráidí mínghlanta) críochnóidh siad an pictiúr ar gháis agus ar úsáidí ábhartha. Leis na bunachair shonraí tuairiscithe maidir le hastaíochtaí, cuirfear feabhas ar an eolas ar astaíochtaí agus, dá bhrí sin, cuirfear feabhas ar thionchar earnáil an F-gháis chomh maith le cáilíocht sonraí níos fearr a thuairiscítear do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC). Ba cheart go gcuideodh cuíchóiriú na rialacha maidir le tuairisciú agus fíorú le cáilíocht sonraí níos fearr a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar phraghsanna, ar oibriú chóras na gcuótaí agus ar fhorbairtí eile sa mhargadh san earnáil ar bhonn conarthaí le saineolaithe seachtracha. Tugann na Ballstáit an t-eolas is déanaí go rialta maidir le gníomhaíochtaí ábhartha a dhéantar amhail (i) bailiú agus úsáid sonraí chun astaíochtaí a chinneadh, (ii) scéimeanna freagrachta táirgeora, (iii) forfheidhmiú agus bearta eile arna ndéanamh i leith gníomhaíochtaí neamhdhleathacha lena n-áirítear pionóis don Choiste Cur chun Feidhme arna bhunú leis an Rialachán.

Ar deireadh, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeart atá beartaithe. Sa chomhthéacs sin, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta e.g. na saineolaithe náisiúnta ar shubstaintí ídithe ózóin, na húdaráis chustaim agus na húdaráis um fhaireachas margaidh. Tabharfaidh an coiste dá dtagraítear sa togra cúnamh don Choimisiún maidir lena chuid oibre agus pléifidh sé ceisteanna maidir le forfheidhmiú comhchuibhithe na rialacha atá beartaithe i gcás inarb iomchuí. Déanfar faireachán freisin ar fhorbairt chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chomh maith le haon chinneadh ó Choiste Cur Chun Feidhme Phrótacal Montréal maidir le comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát.

Chiallódh dea-fheidhmíocht an Rialacháin na nithe seo a leanas:

- Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar astaíochtaí F-gás faoi mar a thuartar leis an samhaltú a dhéantar faoin measúnú tionchair a ghabhann leis seo, i.e. ba cheart go mbeadh astaíochtaí bliantúla 37 MtCO2e in 2030.

- Níor cheart go mbeadh aon saincheisteanna ann maidir le comhlíonadh Phrótacal Montréal maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann le hidreafluaracarbóin.

- An córas cuótaí a chur chun feidhme go rianúil agus trádáil neamhdhleathach a laghdú ionas nach ndéanfar dochar i dtéarmaí comhshaoil, geilleagrach nó clú.

- Tacaíonn an faireachán agus an tuairisciú le meastóireacht beartais agus seiceáil ar chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí ach níos éifeachtúla freisin.

Ba cheart meastóireacht rialta a dhéanamh ar thionchair an Rialacháin; Ba cheart an chéad mheastóireacht, bunaithe ar na sonraí sin, a fhoilsiú faoi 2033. Sa chomhthéacs sin, bheadh gá

le staidéar saineolaithe chun an dul chun cinn atá déanta maidir le stórais chúir a mheas. Ba cheart scrúdú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar na forbairtí maidir le costais riaracháin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra.**

Ní chuirtear faoi cheist sa togra reatha na bearta arna mbunú faoin Rialachán maidir le F-gás chun astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a laghdú. Go príomha, áirithítear leis an togra go ndéanfar an Rialachán atá beartaithe a ailíniú le cuspóirí uaillmhianacha aeráide an Aontais agus go ráthófar comhlíonadh fadtéarmach na n-oibleagáidí idirnáisiúnta. Déantar na rialacha atá ann cheana a shoiléiriú agus a neartú chun forfheidhmiú níos fearr a áirithiú.

**<u>Caibidil I</u>**

Leis an togra, bunaítear ábhar agus raon feidhme an Rialacháin agus áirítear ann na sainmhínithe is gá.

**<u>Caibidil II</u>**

Áirítear sa togra rialacha maidir le srianadh (astaíochtaí a chosc, seiceálacha ar sceitheadh, córas aimsithe sceite agus rialacha maidir le haisghabháil). Cumhdaítear leis an gcosc astaíochtaí F-gás a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, agus forchuirtear é ar na gníomhaithe ábhartha uile le linn tháirgeadh, stóráil, iompar, monarú agus oibriú F-gás agus an trealaimh ina bhfuil siad. Cumhdaítear le seiceálacha sceite agus le taifid a choimeád freisin gáis atá liostaithe in Iarscríbhinn II, Roinn I.

Déantar oibleagáidí aisghabhála maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a leathnú chun cúir i bpainéil ceapairí agus i gcláir lannacha a chumhdach freisin nuair a bhaintear as foirgnimh iad. Leis an togra, freisin, bunaítear oibleagáidí oiliúna agus deimhniúcháin lena n-áirítear cúraimí i ndáil le trealamh ina bhfuil gáis a úsáidtear in ionad gáis ceaptha teasa fhluairínithe (gáis mhalartacha) chun a n-úsáid agus a láimhseáil go sábháilte a chur chun cinn. Ba cheart gnéithe éifeachtúlachta fuinnimh a chumhdach freisin sna cláir oiliúna agus deimhniúcháin.

**<u>Caibidil III</u>**

Áirítear sa togra srianta agus toirmisc maidir le F-gáis agus na táirgí agus an trealamh lena mbaineann a chur ar an margadh. Soiléirítear ann nach féidir táirgí agus trealamh a chuirtear ar an margadh go neamhdhleathach a úsáid ná a sholáthar a thuilleadh. Maidir le táirgí agus trealamh a chuirtear ar an margadh go dleathach, ní cheadaítear a soláthar breise amhail dhá bhliain tar éis spriocdháta an toirmisc ach amháin má sholáthraítear fianaise go bhfuil a gcur (tosaigh) dleathach ar an margadh. Beidh toirmeasc ar choimeádáin nach féidir a athlíonadh dul isteach sa chríoch chustaim agus iad a úsáid nó a sholáthar tuilleadh.

Áirítear sa togra freisin ceanglais lipéadaithe maidir le F-gáis a chur ar an margadh i gcoimeádáin agus i dtrealamh áirithe. Áirítear ar na ceanglais sin hidreafluaracarbóin atá díolmhaithe ó na ceanglais chuóta chun go bhféadfar na díolúintí sin a fhorfheidhmiú. Leis an togra cuirtear toirmeasc freisin ar úsáidí sonracha F-gáis áirithe.

**<u>Caibidil IV</u>**

Leis an togra, bunaítear sceideal laghdaithe táirgeachta le haghaidh HFCanna, ag cloí le rialacha ceangailteacha Phrótacal Montréal. Gheobhaidh léirithe a choinníonn an táirgeadh ar bun faoi láthair cearta bunaithe ar an mbonnlíne stairiúil idir 2011 agus 2013, agus féadfaidh

an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát agus laistigh de theorainneacha táirgeachta an Stáit sin arna leagan síos leis an bPrótacal, cearta breise a leithdháileadh ar iontrálaithe nua. Ní dhíolmhaítear hidreafluaracarbóin a onnmhairítear laistigh de tháirgí agus de threalamh.

Leis an togra, freisin, bunaítear sceideal laghdaithe maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh trí theorainneacha cainníochtúla aonair (cuótaí) a leagan síos do tháirgeoirí agus d'allmhaireoirí. Ní mór d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí a áirithiú go bhfuil cuóta leordhóthanach acu chun cainníochtaí hidreafluaracarbóin a chuirtear ar an margadh a chumhdach, tráth a gcuirfear ar an margadh iad (i.e. d'allmhaireoirí tráth a scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta iad). Díolmhaítear hidreafluaracarbóin i gcás úsáidí áirithe ó na ceanglais chuóta. Mar sin féin, cuirtear deireadh leis an díolúine ó chéimniú síos análóirí dáileoige méadraithe d'úsáid chógaisíochta chun ailíniú a dhéanamh le sceideal laghdaithe chéimniú síos Phrótacal Montréal, i gcás nach dtugtar díolúine do na táirgí sin. Tá úsáid hidreafluaracarbón mar thiomántáin le haghaidh análóirí dáileoige méadraithe astaithe go hiomlán, i.e. tiocfaidh deireadh leis an méid iomlán hidreafluaracarbón atá líonta isteach sna táirgí sin san atmaisféar, agus tá sé tar éis fás 45 % idir 2015 agus 2019. Cé go bhfuil dhá rogha mhalartach atá neamhdhíobhálach don aeráid ar fáil nach mbeadh gá le haon oiriúnú d'úsáid na n-othar sna hanálóirí dáileoige méadraithe agus go bhfuil próiseas formheasa an údaráis leighis (EMA) faoi lánseol, tá an tionscal ag súil go nglacfar go mall sa mhargadh mura bhfuil comhartha beartais ann. Trí análóirí dáileoige méadraithe a chur san áireamh faoin gcóras cuótaí, is féidir líon suntasach astaíochtaí a shábháil faoi 2050, ar chostas an-bheag do mhonaróirí agus do na hothair.[21]

Gach bliain leithdháiltear cuótaí d'iontrálaithe nua ar bhonn dearbhaithe amháin agus d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí stairiúla (allmhaireoirí agus táirgeoirí reatha) ar bhonn a luachanna tagartha (agus ar bhonn dearbhaithe má dhéantar é). Tá feidhm ag coinníollacha áirithe maidir le cuótaí a leithdháileadh ar gach allmhaireoir agus ar gach táirgeoir, lena n-áirítear méid leithdháilte a íoc. Measfar allmhaireoirí agus táirgeoirí a bhfuil an t-úinéir tairbhiúil céanna nó na húinéirí tairbhiúla céanna acu mar aon ghnóthas amháin chun críche luachanna tagartha a chinneadh agus cuótaí a leithdháileadh. Ba cheart hidreafluaracarbóin a ghearrtar i dtrealamh áirithe a chur san áireamh sa chóras cuótaí freisin.

Féadfaidh allmhaireoirí agus táirgeoirí a bhfuil luach tagartha acu cuid dá gcuóta leithdháilte nó cuid dá gcuóta a aistriú chuig gnóthas eile chun hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh ar an mórchóir agus féadfaidh siad freisin úsáid a gcuóta go léir nó cuid dá gcuóta a údarú do ghnóthas eile chun trealamh a luchtaítear le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh.

Tá sé beartaithe sa togra freisin Tairseach F-gás a oibriú chun an córas leithdháilte cuótaí, oibleagáidí ceadúnúcháin agus tuairiscithe a chur chun feidhme agus chun é a idirnascadh le hIonad Ilfhreastail AE do Chustaim. Tá rochtain ag allmhaireoirí agus táirgeoirí cláraithe ar a leithdháiltí cuótaí aonair, ar phionóis, ar chainníochtaí a cuireadh ar an margadh mar a tuairiscíodh, chomh maith le haistrithe agus údaruithe cuóta arna dtaifeadadh ag na gnóthais sin a úsáid. Ní mór fianaise a bheith ann mar thaca le hearráidí cléireachais líomhnaithe i dtaifeadadh faisnéise ag gnóthais agus ina sonraí tuairiscithe agus ní mór iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha.

**Caibidil V**

[21] Tá tuilleadh eolais faoi análóirí dáileoige méadraithe sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo.

Forchuireann an togra, mar choinníoll don trádáil, ceadúnas bailí atá le tíolacadh d'údaráis chustaim i gcásanna allmhairithe agus onnmhairithe.

Soiléirítear leis an togra freisin ról na n-údarás custaim agus na n-údarás um fhaireachas margaidh i bhforfheidhmiú na rialuithe ar thrádáil atá beartaithe ann. Liostaítear an fhaisnéis ba cheart a chur ar fáil i gcásanna allmhairí agus onnmhairí chomh maith leis an bhfaisnéis ba cheart do na húdaráis chustaim a sheiceáil go háirithe le linn rialuithe custaim arna ndéanamh ar bhonn riosca. Ba cheart coimeádáin nach féidir a athlíonadh a choigistiú nó a urghabháil nó a thógáil amach as an margadh. Maidir le hearraí eile, déanfaidh na húdaráis chustaim agus na húdaráis um fhaireachas margaidh na bearta uile is gá, lena n-áirítear coigistiú nó urghabháil nuair is gá, chun a áirithiú nach dtagann earraí toirmiscthe isteach sa mhargadh ó oifig chustaim eile de chuid AE. Toirmiscfear ath-onnmhairiú gás neamhdhleathach nó táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán. Is áiteanna ainmnithe nó formheasta agus oifigí custaim amháin a cheadófar chun cásanna d'allmhairí agus d'onnmhairí F-gás a láimhseáil; ní cheadófar ach na hoifigí agus na háiteanna ainmnithe sin nós imeachta idirthurais a oscailt nó a dhúnadh.

Ar deireadh, leis an togra forchuirtear toirmeasc ar hidreafluaracarbóin a thrádáil le neamh-Pháirtithe sa Phrótacal, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Phrótacal ó 2028 ar aghaidh.

**Caibidil VI**

Leis an togra, bunaítear oibleagáidí tuairiscithe go háirithe do tháirgeoirí, allmhaireoirí gás ar an mórchóir agus do gháis luchtaithe i dtáirgí agus i dtrealamh, onnmhaireoirí, úsáideoirí amhábhair, saoráidí scriosta agus athshlánaithe agus gnóthais a fuair hidreafluaracarbóin a thagann faoi na díolúintí ó na rialacha cuóta. Déantar an tuairisciú go leictreonach trí Thairseach F-gás. Déanfar fíorú, faoi réir teorainneacha cainníochtúla, ar na sonraí arna dtuairisciú tríd an Tairseach F-gás freisin.

Ceanglaítear leis an togra ar na Ballstáit sonraí astaíochtaí a bhailiú go leictreonach i gcás inar féidir.

**Caibidil VII**

Sonraítear sa togra na cásanna inar gá faisnéis a mhalartú agus comhar a dhéanamh le húdaráis inniúla laistigh de Bhallstát, agus i measc na mBallstát agus le húdaráis inniúla tríú tíortha.

Bunaítear leis an togra freisin an oibleagáid atá ar údaráis inniúla maidir le seiceáil go gcomhlíonann na gnóthais an Rialachán ar bhonn riosca agus i gcás ina bhfuil fianaise choincréiteach ar fáil.

Áirithítear leis an togra freisin go mbainfidh tuairiscí ó sceithirí i ndáil le sáruithe ar an Rialachán tairbhe as an leibhéal cosanta a bheartaítear faoi Threoir (AE) 2019/1937.

**Caibidil VIII**

Ar deireadh, bunaítear leis an togra nach mór do leibhéal agus cineál na bpionós riaracháin maidir le sáruithe ar an Rialachán a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach agus go gcuirfear san áireamh leis na pionóis sin freisin critéir ábhartha (amhail cineál agus tromchúis an tsáraithe). Go háirithe, tá sé beartaithe fíneáil riaracháin a fhorchur i gcás

táirgeadh, úsáid nó trádáil neamhdhleathach gás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear faoin Rialachán seo. Tá na forálacha atá beartaithe ailínithe leis an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil trí phionóis choiriúla, a glacadh an 15 Nollaig 2021[22], agus comhlánaíonn siad an Togra sin.

Bunaítear leis an togra freisin fóram comhairliúcháin arb iad na Ballstáit agus ionadaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil, ionadaithe monaróirí, oibreoirí agus daoine deimhnithe a dhéanfaidh ionadaíocht air, a chuirfidh comhairle ar an gCoimisiún agus a chuirfidh saineolas ar fáil dó i gcur chun feidhme an Rialacháin seo.

22 COM(2021) 851 final.

2022/0099 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[23],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, seoladh straitéis nua fáis don Aontas arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua- aimseartha, iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní. Athdhearbhaítear léi uaillmhian an Choimisiúin chun a spriocanna aeráide a mhéadú agus chun go mbeadh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050 agus is é is aidhm di sláinte agus folláine saoránach a chosaint ó rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Thairis sin, tá an tAontas tiomanta do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

(2) Ceimiceáin de dhéanamh an duine iad gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar gáis ceaptha teasa ('GCT') an-láidir iad, gáis atá go minic cúpla míle uair níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin ('$CO_2$'). Baineann siad, mar aon le $CO_2$, meatán agus ocsaíd nítriúil, leis an ngrúpa astaíochtaí GCT arna gcumhdach ag Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras').[25] 2.5 % de na hastaíochtaí GCT iomlána san Aontas is ea astaíochtaí gás ceaptha teasa

[23] IO C , , lch. .
[24] IO C , , lch. .
[25] IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

fluairínithe, ach dhúbláil siad ó 1990 go 2014 i gcodarsnacht le hastaíochtaí gás ceaptha teasa eile, astaíochtaí GCT atá laghdaithe.

(3) Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] chun an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a aisiompú. Mar a léiríodh sa mheasúnú arna ullmhú ag an gCoimisiún, is é a bhí mar thoradh ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 laghdú ó bhliain go bliain ar astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe. Tá soláthar hidreafluaracarbón ('HFCanna') laghdaithe 37 % i dtonaí méadracha agus 47 % i dtéarmaí tonaí de choibhéis $CO_2$ ó 2015 go 2019. Is léir go bhfuil athrú freisin maidir le húsáid roghanna malartacha le hacmhainn téimh domhanda níos ísle, lena n-áirítear roghanna malartacha nádúrtha (mar shampla $CO_2$, amóinia, hidreacarbóin, uisce) in go leor cineálacha éagsúla trealaimh a d'úsáid gáis ceaptha teasa fhluairínithe go stairiúil.

(4) Ba é conclúid na Tuarascála Speisialta[27] ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go mbeadh gá le laghduithe astaíochtaí de suas le 90 % maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe faoi 2050 go domhanda i gcomparáid le 2015. Mar fhreagairt don phráinn a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, mhéadaigh an tAontas a uaillmhian aeráide le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach').[28] Leis an Rialachán sin bunaítear sprioc ceangailteach maidir le glanlaghdú GCT de 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus aeráidneodracht faoi 2050. Mhéadaigh an tAontas an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a bhí aige i dtosach faoi Chomhaontú Pháras freisin ó laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa de 40 % ar a laghad faoi 2030 go dtí 55 % ar a laghad. Mar sin féin, léirítear leis an meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 nach mbainfear amach go hiomlán na coigiltis bheartaithe faoi 2030 maidir le hastaíochtaí i gcomhthéacs chuspóirí aeráide an Aontais atá as dáta.

(5) De bharr astaíochtaí hidreafluaracarbón atá ag méadú go domhanda, na Páirtithe i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin 1987 ('an Prótacal'), chinn siad in 2016 faoi Leasú Kigali[29] chun céimniú síos hidreafluaracarbón a chur chun feidhme a laghdóidh táirgeacht agus tomhaltas hidreafluaracarbón faoi níos mó ná 80 % sna 30 bliain atá amach romhainn. Tugtar le tuiscint leis sin nach mór do gach Páirtí sceideal laghdaithe maidir le tomhaltas agus táirgeacht hidreafluaracarbón a chomhlíonadh chomh maith le córas ceadúnúcháin a sholáthar le haghaidh allmhairiúchán agus onnmhairiúchán agus tuairiscithe maidir le hidreafluaracarbóin. Meastar go ndéanfaidh Leasú Kigali, agus sin amháin, suas le 0.4 C de théamh breise a shábháil faoi dheireadh an chéid.

(6) Tá sé tábhachtach, leis an Rialachán seo, go n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Leasú Kigali ar an bPrótacal go fadtéarmach, go háirithe maidir le tomhaltas agus táirgeacht hidreafluaracarbón a laghdú, ceanglais tuairiscithe agus ceadúnaithe, go háirithe trí chéimniú síos a thabhairt isteach maidir le

26 Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

27 Tuarascáil Speisialta IPCC. Téamh domhanda de 1.5 C (Lúnasa 2021).

28 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

29 Cinneadh (AE) 2017/1541 ón gComhairle an 17 Iúil 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal um shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin, (IO L 236, 14.9.2017, lch. 1).

táirgeacht agus trí chéimeanna laghdaithe a chur isteach chun hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le haghaidh na tréimhse tar éis 2030.

(7) Chun comhleanúnachas leis na ceanglais tuairiscithe faoin bPrótacal a áirithiú, ba cheart acmhainn téimh domhanda hidreafluaracarbón a ríomh i dtéarmaí na hacmhainne téimh domhanda 100 bliain atá ag cileagram amháin de ghás i gcomparáid le cileagram amháin $CO_2$ bunaithe ar an gCeathrú Tuarascáil Mheasúnachta arna glacadh ag IPCC. Le haghaidh substaintí eile, ba cheart an Tuarascáil Mheasúnachta is déanaí ó IPCC a úsáid. I gcás ina bhfuil sé ar fáil, ba cheart an acmhainn téimh domhanda 20 bliain a sholáthar chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil maidir leis na tionchair aeráide atá ag na substaintí arna gcumhdach leis an Rialachán seo.

(8) Is sárú tromchúiseach ar an Rialachán seo scaoileadh substaintí fluairínithe d'aon ghnó, i gcás ina mbeidh sé neamhdhleathach, agus ba cheart go mbeadh toirmeasc sainráite air; ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar oibreoirí trealaimh agus monaróirí trealaimh sceitheadh substaintí den sórt sin a chosc a mhéid agus is féidir, lena n-áirítear trí scrúdú le haghaidh sceite a dhéanamh ar an trealamh is ábhartha.

(9) Os rud é go bhféadfadh sé gurbh é a bheadh mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe maidir le comhdhúile fluairínithe áirithe astaíochtaí nach beag de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile a tháirgtear mar sheachtháirgí, ba cheart astaíochtaí seachtháirgthe den chineál sin a scriosadh nó a aisghabháil chun go n-úsáidfear ina dhiaidh sin iad mar choinníoll maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chur ar an margadh. Ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar thairgeoirí agus allmhaireoirí taifead a dhéanamh ar bhearta arna ndéanamh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc le linn an phróisis táirgthe.

(10) Chun astaíochtaí de shubstaintí fluairínithe a chosc, is gá forálacha a leagan síos maidir le substaintí a aisghabháil ó tháirgí agus trealamh agus maidir le sceite substaintí den sórt sin a chosc. Ba cheart cúir ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chóireáil i gcomhréir le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[30] Ba cheart oibleagáidí aisghabhála a leathnú chuig úinéirí agus conraitheoirí foirgníochta agus cúir áirithe á mbaint ó fhoirgnimh, chun laghduithe astaíochtaí a uasmhéadú.

(11) Chun úsáid teicneolaíochtaí a spreagadh nach bhfuil aon tionchar acu nó nach bhfuil ach tionchar beag acu ar an aeráid a bhféadfadh úsáid substaintí atá tocsaineach, inlasta nó faoi mhórbhrú a bheith i gceist leo, maidir le hoiliúint na ndaoine nádúrtha a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, ba cheart teicneolaíochtaí lena n-aistrítear nó lena laghdaítear úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe a chumhdach san oiliúint sin, lena n-áirítear faisnéis maidir le gnéithe éifeachtúlachta fuinnimh agus na rialacháin agus na caighdeáin theicniúla is infheidhme. Maidir le cláir teastasaithe agus oiliúna a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 517/2014, ar féidir iad a chuimsiú i gcórais gairmoiliúna náisiúnta, ba cheart iad a athbhreithniú nó a oiriúnú lena gcuirfear ar a gcumas do theicneoirí teicneolaíochtaí malartacha a láimhseáil go sábháilte.

(12) Toirmisc atá ann faoi láthair maidir le húsáidí sonracha heicseafluairíd sulfair, an tsubstaint is díobhálaí i leith na haeráide atá ar ár n-eolas, ba cheart iad a choinneáil

[30] Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

agus a chomhlánú le toirmisc bhreise maidir leis an úsáid in earnáil ríthábhachtach an dáilte fuinnimh.

(13) I gcás ina bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe sonracha ar fáil, ba cheart toirmisc a thabhairt isteach maidir le trealamh nua a chur ar an margadh le haghaidh cuisniúcháin, aerchóirithe agus cosanta ar dhóiteáin a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe iontu nó a fheidhmítear trí úsáid a bhaint as na gáis sin. I gcás nach bhfuil fáil ar roghanna malartacha nó i gcás nach féidir leas a bhaint astu ar chúiseanna teicniúla, sábháilteachta nó eacnamaíocha, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann díolúine a údarú faoi cheann tréimhse teoranta faoina gceadófar na táirgí sin agus an trealamh sin a chur ar an margadh.

(14) Ar mhaithe leis an tionchar indíreach ar an aeráid maidir le hoibriú an trealaimh i leith cuisniúcháin agus aerchóirithe a laghdú, ba cheart leanúint de bheith ag meas tomhailt fuinnimh uasta trealamh den sórt sin a leagtar amach sna bearta cur chun feidhme ábhartha a glacadh faoi Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] mar chúis chun cineálacha trealaimh sonracha ón toirmeasc chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a úsáid.

(15) Ba cheart toirmeasc a chur ar choimeádáin nach féidir a athlíonadh maidir le substaintí ídithe ózóin, i bhfianaise go bhfanann méid den chuisneán sna coimeádáin sin nuair a fholmhaítear iad, substaint a scaoiltear isteach san atmaisféar ina dhiaidh sin. Chuige sin, ba cheart leis an Rialachán seo a n-allmhairiú, a gcur ar an margadh, a soláthar ina dhiaidh sin, a gcur ar fáil don mhargadh, a n-úsáid mura mbaineann sé le húsáidí saotharlainne nó anailíse, agus a onnmhairiú a thoirmeasc.

(16) Chun forfheidhmiú na dtoirmeasc a éascú maidir le táirgí agus trealamh a chur ar an margadh nó a shrianadh, ar táirgí agus trealamh iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin, lena n-áirítear nuair a chuirtear ar an margadh iad i gcoimeádáin, tá sé tábhachtach na ceanglais riachtanacha maidir le lipéadú a leagan síos maidir leis na hearraí sin.

(17) Chun an Prótacal a chur chun feidhme, lena n-áirítear laghdú de réir ar a chéile ar chainníochtaí na hidreafluaracarbón, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag leithdháileadh cuótaí ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí aonair chun hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh, rud lena n-áiritheofar nach sárófar an teorainn chainníochtúil fhoriomlán a cheadaítear faoin bPrótacal. Chun iontaofacht an laghdaithe de réir a chéile ar chainníochtaí na hidreafluaracarbón a chuirtear ar an margadh a chosaint, ba cheart go leanfaí de hidreafluaracarbóin atá i dtrealamh a chur san áireamh faoin gcóras cuótaí.

(18) I dtosach, bhí ríomh na luachanna tagartha agus an leithdháileadh cuótaí ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí aonair bunaithe ar chainníochtaí na hidreafluaracarbón a thuairiscigh siad gur cuireadh ar an margadh iad le linn na tréimhse tagartha ó 2009 go 2012. Mar sin féin, ionas nach n-eisiafar gnóthais ó dhul isteach sa mhargadh, ná óna ngníomhaíochtaí a leathnú amach, ba cheart cion níos lú den uaschainníocht fhoriomlán a fhorchoimeád d'allmhaireoirí agus táirgeoirí nach bhfuil

31 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

hidreafluaracarbóin curtha ar an margadh acu cheana agus d'allmhaireoirí agus táirgeoirí a bhfuil luach tagartha acu ar mian leo a leithdháileadh cuóta a mhéadú.

(19) Trí na luachanna tagartha agus na cuótaí a athríomh faoi thrí sa bhliain, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gceadófar do ghnóthais leanúint dá ngníomhaíochtaí ar bhonn na meánmhéideanna a bheadh curtha ar an margadh acu le blianta beaga anuas, agus gnóthais nach raibh luach tagartha acu roimhe sin á gcur san áireamh freisin.

(20) Agus luach margaidh an chuóta leithdháilte á mheas, is iomchuí praghas a éileamh maidir lena leithdháileadh. Leis sin, seachnaítear bloghadh breise ar an margadh chun dochar na ngnóthas sin a bhfuil an soláthar hidreafluaracarbóin ag teastáil uathu agus atá spleách ar thrádáil hidreafluaracarbón cheana sa mhargadh atá ag cúlú. Maidir le gnóthais a chinnfidh gan aon chuóta a éileamh agus a íoc, ar cuóta é a mbeadh teidlíocht acu air sna blianta roimh ríomh na luachanna tagartha, glactar leis gur chinn siad an margadh a fhágáil agus ní bhfaighidh siad luach tagartha nua dá bhrí sin. Ba cheart an t-ioncam a úsáid chun costais riaracháin a chumhdach.

(21) Chun solúbthacht an mhargaidh i mbulc-hidreafluaracarbóin a choinneáil, ba cheart go bhféadfaí cuótaí a aistriú ó ghnóthais a fuair luach tagartha chuig táirgeoirí nó allmhaireoirí eile san Aontas nó chuig táirgeoirí nó allmhaireoirí eile a bhfuil ionadaí aonair mar ionadaí acu san Aontas.

(22) Ba cheart don Choimisiún tairseach lárnach dá ngairtear Tairseach F-gás a bhunú agus a fheidhmiú chun cuótaí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh a bhainistiú, na gnóthais lena mbaineann a chlárú, agus le haghaidh an tuairiscithe maidir le gach substaint agus gach trealamh a chuirtear ar an margadh, go háirithe i gcás ina réamhluachtaítear an trealamh le hidreafluaracarbóin nár cuireadh ar an margadh roimh luchtú na hidreafluaracarbón sin. Chun a áirithiú nach bhfuil ach fíoroibreoirí ag clárú ar an Tairseach F-gás, ba cheart coinníollacha sonracha a leagan síos. Ba cheart clárú bailí sa Tairseach F-gás a bheith ina cheadúnas, ar bunriachtanas é faoin bPrótacal maidir le faireachán a dhéanamh ar thrádáil agus chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chosc i ndáil leis sin.

(23) Chun rialuithe custaim uathoibrithe fíor-ama a áirithiú ar leibhéal an lastais, chomh maith le malartú agus stóráil faisnéise leictreonaí a áirithiú maidir le gach lastas de gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus ar na táirgí agus an trealamh lena mbaineann a tíolacadh do lucht custaim, is gá an Tairseach F-gás a idirnascadh le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*tá an tagairt iomlán le cur isteach a luaithe a ghlacfar an Rialachán sin]*.[32]

(24) Chun faireachán ar éifeachtacht an Rialacháin seo a chumasú, ba cheart raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe reatha a leathnú chun go gcumhdófaí substaintí fluairínithe eile a bhfuil acmhainn téimh domhanda shuntasach acu nó ar dócha go dtiocfaidís in ionad úsáid na ngás ceaptha teasa fluairínithe. Ar an gcúis chéanna, ba cheart scriosadh gás ceaptha teasa fluairínithe agus allmhairiú na ngás sin isteach san Aontas nuair atá siad i dtáirgí agus i dtrealamh a thuairisciú. Ba cheart tairseacha *de minimis* a chur ar bun chun riarachán díréireach a sheachaint, go háirithe maidir le

---

32 Rialachán (AE) Uimh. …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 IO C , , p. [*tá an tagairt iomlán le cur isteach a luaithe a ghlacfar an Rialachán sin]*

fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micreafhiontair, i gcás nach mbeidh neamhchomhlíonadh an Phrótacail mar thoradh air.

(25) Chun a áirithiú go bhfuil tuairiscí maidir le cainníochtaí substaintiúla substaintí cruinn agus go bhfuil na cainníochtaí hidreafluaracarbón atá i dtrealamh réamhluchtaithe á gcur san áireamh faoi chóras cuóta an Aontais, ba cheart fíorú tríú páirtí a éileamh.

(26) Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfear sonraí comhsheasmhacha d'ardchaighdeán chun astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a thuairisciú chun cáilíocht an tuairiscithe maidir le hastaíochtaí faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a áirithiú. Bheadh sé i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go mbunódh na Ballstáit córais tuairiscithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe[33]. D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar chórais tuairiscithe maidir le hastaíochtaí gás fluairínithe le sonraí maidir le sceitheadh gás fluairínithe ó threalamh a bhailíonn comhlachtaí faoin Rialachán seo. Ar an gcaoi sin, ba cheart go mbeadh meastachán níos fearr ar astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe sna fardail náisiúnta de gháis ceaptha teasa mar thoradh air.

(27) Chun rialuithe custaim a éascú, tá sé tábhachtach an fhaisnéis atá le tíolacadh do na húdaráis custaim a shonrú i gcásanna allmhairiúchán agus onnmhairiúchán na ngás agus na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith le cúraimí na n-údarás custaim a shonrú le linn dóibh na toirmisc agus na srianta maidir le hallmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin na substaintí agus na dtáirgí sin a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme.

(28) Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát gach beart riachtanach a dhéanamh, lena n-áirítear coigistiú agus urghabháil, chun cosc a chur ar gháis agus táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a thabhairt isteach san Aontas go neamhdhleathach nó a thabhairt amach as an Aontas go neamhdhleathach. Ba cheart toirmeasc a chur ar athonnmhairiú táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ar táirgí iad a allmhairíodh go neamhdhleathach, in aon chás.

(29) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí agus an t-eolas iomchuí ag údaráis chustaim a dhéanann rialuithe faoin Rialachán seo, mar shampla trí oiliúint a chuirtear ar fáil dóibh, agus go bhfuil siad feistithe go leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna de thrádáil neamhdhleathach na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit na hoifigí custaim sin a chomhlíonann na coinníollacha sin a ainmniú agus sainordú a thabhairt dóibh, dá bhrí sin, chun rialuithe custaim a dhéanamh ar allmhairí, ar onnmhairí agus i gcásanna idirthurais.

(30) Comhar agus malartú na faisnéise is gá idir údaráis inniúla atá rannpháirteach i gcur chun feidhme an Rialacháin seo, eadhon údaráis chustaim, údarás um fhaireachas margaidh, údaráis chomhshaoil agus aon údarás inniúil eile a bhfuil feidhmeanna iniúchta aige, i measc na mBallstát agus leis an gCoimisiún, tá sé ríthábhachtach chun dul i ngleic le sáruithe ar an Rialachán seo, go háirithe trádáil neamhdhleathach. De bharr cineál rúnda malartú na faisnéise custaim a bhaineann le riosca, ba cheart an Córas Bainistíochta Riosca Custaim a úsáid chun na críche sin.

[33] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (IO L *328, 21.12.2018, lch. 1).*

(31) Le linn don Choimisiún na cúraimí a sannadh dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, agus i bhfianaise comhar agus malartú faisnéise leordhóthanach a chur chun cinn idir na húdaráis inniúla agus an Coimisiún i gcásanna seiceálacha comhlíontachta agus trádáil neamhdhleathach maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, ba cheart don Choimisiún cúnamh a fháil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Ba cheart rochtain a bheith ag OLAF ar an bhfaisnéis go léir is gá chun feidhmiú a chúraimí a éascú.

(32) Ba cheart toirmeasc a chur ar allmhairiú agus onnmhairiú hidreafluaracarbón chomh maith le táirgí agus trealamh ina bhfuil hidreafluaracarbóin nó a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin chuig Stát nach bhfuil ina pháirtí sa Phrótacal agus ón stát sin ó 2028 amach. Tugadh an toirmeasc comhthreomhar a shamhlaítear faoin bPrótacal ó 2033 amach chun tosaigh dá bhrí sin, chun a áirithiú go dtabharfaidh bearta domhanda Leasú Kigali maidir le laghdú hidreafluaracarbón an sochar a shamhlaítear don aeráid a luaithe is féidir.

(33) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(34) Is gá, freisin, foráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin ar leibhéal agus de chineál lena ndíspreagtar sáruithe ar an Rialachán seo.

(35) Ba cheart sáruithe tromchúiseachaar an Rialachán seo a ionchúiseamh faoin dlí coiriúil, i gcomhréir le Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[34]

(36) Ba cheart d'údaráis inniúla de chuid na mBallstát, lena n-áirítear a n-údaráis chomhshaoil, údaráis um fhaireachas margaidh agus údaráis chustaim, seiceálacha a dhéanamh, de réir chur chuige atá bunaithe ar riosca, chun comhlíonadh gach forála de chuid an Rialacháin seo a áirithiú. Tá cur chuige den sórt sin riachtanach chun díriú ar na gníomhaíochtaí arb é atá iontu an riosca is airde maidir le trádáil neamhdhleathach nó scaoileadh neamhdhleathach de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh nuair atá fianaise nó faisnéis ábhartha eile ina seilbh maidir le cásanna neamhchomhlíonta ionchasacha. I gcás inarb ábhartha agus a mhéid is féidir, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur in iúl d'údaráis chustaim chun leanúint ar aghaidh le hanailís riosca roimh na rialuithe a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[35] Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear na húdaráis inniúla atá freagrach as pionóis a eisiúint ar an eolas nuair a bheidh cásanna sáruithe ar an Rialachán seo suite ag údaráis inniúla eile.

(37) Is féidir le sceithirí faisnéis nua a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil a d'fhéadfaí cabhrú leis na húdaráis inniúla sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus a chur ar a gcumas pionóis a fhorchur. Ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe leordhóthanacha i

---

34 Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

35 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

bhfeidhm chun a chur ar a gcumas do sceithirí na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo agus chun cosaint a thabhairt do sceithirí maidir le frithbhearta. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo go mbeidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] maidir le tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe ar an Rialachán seo agus maidir le cosaint na ndaoine ag tuairisciú na sáruithe sin.

(38) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart, de bhun an Rialacháin seo, infheidhmeacht Threoir (AE) 2019/1937 maidir le tuairiscí sáruithe ar an Rialachán seo agus maidir le cosaint na ndaoine ag tuairisciú na sáruithe sin a léiriú i dTreoir (AE) 2019/1937. Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937 a leasú dá réir. Is faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go léireofar an leasú sin ina mbearta trasuite arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir, cé nach coinníoll leasú nó oiriúnú na mbeart náisiúnta trasuite maidir le hinfheidhmeacht Threoir (AE) 2019/1937 maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a thuairisciú agus maidir leis na daoine tuairiscithe a chosaint.

(39) Le linn don Choimisiún an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart dó fóram dá ngairtear Fóram Comhairliúcháin a bhunú chun rannpháirtíocht chothrom a áirithiú maidir le hionadaithe na mBallstát agus ionadaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil, ionadaithe monaróirí, oibreoirí agus daoine deimhnithe.

(40) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le fianaise atá le soláthar ar scriosadh nó aisghabháil seachtháirgeadh hidreafluaracarbón-23 le linn monaraíocht substaintí fluairínithe eile; ceanglais maidir le seiceálacha le haghaidh sceite; formáid na dtaifead, a mbunú agus a gcothabháil; na ceanglais íosta maidir le cláir deimhniúcháin agus dearbhuithe oiliúna; formáid maidir le fógra i leith deimhniúcháin agus clár oiliúna; díolúintí maidir le táirgí agus trealamh a thagann faoi thoirmeasc maidir le cur ar an margadh; formáid na lipéad; cinneadh na gceart táirgthe le haghaidh táirgeoirí hidreafluaracarbón; díolúintí ón gceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin atá le húsáid i bhfeidhmeanna sonracha, nó catagóirí sonracha táirgí nó trealaimh; cinneadh na luachanna tagartha le haghaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh; na módúlachtaí agus socruithe mionsonraithe chun an méid atá dlite a íoc; socruithe mionsonraithe maidir le dearbhú comhréireachta le haghaidh trealamh réamhluchtaithe agus a bhfíoraithe chomh maith le maidir le creidiúnú fíoraitheorí; feidhmiú rianúil na clárlainne; údarú trádála le heintitis nach gcumhdaítear leis an bPrótacal; sonraí maidir le tuairisciú a fhíorú agus creidiúnú fíoraitheoirí agus an fhormaid maidir le tuairiscí a chur isteach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[37]

(41) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') i leith liosta táirgí agus trealaimh a bhunú a bhfuil aisghabháil gás nó a

---

36 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

37 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

scriosadh indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus sonraíocht na dteicneolaíochtaí atá le cur i bhfeidhm; ceanglais lipéadaithe; eisiamh ceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin i gcomhréir le cinntí na bPáirtithe sa Phrótacal; maidir leis naméideanna atá dlite le haghaidh leithdháileadh an chuóta agus an sásra chun na cuótaí atá fágtha a leithdháileadh; bearta breise maidir le faireachán a dhéanamh ar na substaintí agus na táirgí agus an trealamh a chuirtear faoi stóráil shealadach agus nósanna imeachta custaim; na rialacha is infheidhme maidir le táirgí agus trealamh a allmhairítear ó aon eintiteas agus a onnmhairítear chuig aon eintiteas nach gcumhdaítear leis an bPrótacal a scaoileadh i saorchúrsaíocht; acmhainn téimh domhanda na substaintí liostaithe a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe , agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[38]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(42) Rialaítear cosaint na ndaoine maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus rialaítear cosaint na ndaoine maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], go háirithe a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le rúndacht agus slándáil na próiseála, aistriú sonraí pearsanta ón gCoimisiún chuig na Ballstáit, dlíthiúlacht na próiseála, agus cearta na n-ábhar chun faisnéis a fháil, chun a sonraí pearsanta a rochtain agus a cheartú.

(43) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé a thuairim uaidh an [*dáta craolta na tuairime*].

(44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, mar gheall ar chineál trasteorann na faidhbe comhshaoil a ndírítear air leis an Rialachán seo agus éifeachtaí an Rialacháin seo ar an trádáil laistigh den Aontas agus an trádáil sheachtrach, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

---

38 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

39 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

40 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(45) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú.

(46) I bhfianaise an leithdháilte cuóta bhliantúil agus an phróisis tuairiscithe a leagtar amach sa Rialachán seo, is iomchuí go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### Ábhar

Leis an Rialachán seo:

(a) leagtar síos na rialacha maidir le srianadh, úsáid, aisghabháil agus scriosadh gás ceaptha teasa fluairínithe, agus maidir le bearta coimhdeacha gaolmhara, agus éascaítear úsáid shábháilte substaintí malartacha;

(b) forchuirtear coinníollacha ar allmhairiú, ar onnmhairiú, ar chur ar an margadh, ar thuilleadh soláthair agus ar úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe agus táirgí agus trealaimh ar leith ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin;

(c) forchuirtear coinníollacha maidir le húsáidí sonracha gás ceaptha teasa fluairínithe;

(d) bunaítear teorainneacha cainníochtúla maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh;

(e) bunaítear rialacha maidir le tuairisciú.

*Airteagal 2*

### Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I, II agus III, bídís ina n-aonar nó i meascán.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le táirgí agus trealamh, agus le codanna díobh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'acmhainn téimh dhomhanda' nó 'GWP' an acmhainneacht téite aeráide de ghás ceaptha teasa i gcoibhneas leis an acmhainneacht téite aeráide de dhé-ocsaíd-charbóin ('$CO_2$'), arna ríomh i dtéarmaí na hacmhainneachta téite 100 bliain, mura sonraítear a mhalairt, de chileagraim amháin gáis ceaptha teasa i gcoibhneas le cileagram amháin $CO_2$, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I, II, III agus VI nó, i gcás meascán, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI;

(2) ciallaíonn 'meascán' sreabhán atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó, agus ar shubstaint a liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III é ar a laghad ceann amháin de na substaintí sin;

(3) ciallaíonn 'tona(í) de choibhéis $CO_2$' cainníocht gás ceaptha teasa arna cur in iúl mar thoradh ar mheáchan na ngás ceaptha teasa i dtonaí méadracha agus a n-acmhainn téimh dhomhanda;

(4) ciallaíonn 'hidreafluaracarbóin' nó 'HFCanna' na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1, nó meascáin ina bhfuil aon cheann de na substaintí sin;

(5) ciallaíonn 'oibreoir' an gnóthas a fheidhmíonn cumhacht iarbhír ar fheidhmiú teicniúil na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó an t-úinéir i gcás ina n-ainmníonn Ballstát é mar an té atá freagrach as oibleagáidí an oibreora i gcásanna ar leith;

(6) ciallaíonn 'cur ar an margadh' scaoileadh custaim le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas a sholáthar nó a chur ar fáil do dhuine eile laistigh den Aontas, den chéad uair, ar íocaíocht nó saor in aisce, agus úsáid substaintí a tháirgtear nó úsáid táirgí nó trealaimh a mhonaraítear chun críche úsáide dílse;

(7) ciallaíonn 'allmhairiú' teacht isteach substaintí, táirgí agus trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcríoch chustaim an Aontais a mhéid a chumhdaítear an chríoch le daingniú Phrótacal Montréal 1987 maidir le Substaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus lena n-áirítear stóráil shealadach agus na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagail 201 agus 210 de Rialachán (AE) 952/2013;

(8) ciallaíonn 'onnmhairiú' dul amach as críoch chustaim an Aontais, a mhéid a chumhdaítear an chríoch le daingniú Phrótacal Montréal 1987 maidir le Substaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, i gcás substaintí, táirgí agus trealaimh;

(9) ciallaíonn 'trealamh atá séalaithe go heirméiticeach' trealamh ina ndéantar obach na codanna uile ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe le linn a phróisis monaraíochta in áitreabh an mhonaróra trína dtáthú, trína bprásáil nó trí nascadh buan comhchosúil, lena n-áirítear comhlaí caidhpeáilte agus béalóga seirbhíse caidhpeáilte trínar féidir an trealamh a dheisiú i gceart nó a dhiúscairt i gceart;

(10) ciallaíonn 'coimeádán' táirge a ceapadh go príomha le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a iompar nó a stóráil;

(11) ciallaíonn 'aisghabháil' bailiú agus stóráil gás ceaptha teasa fluairínithe ó tháirgí, lena n-áirítear coimeádáin, agus ó threalamh le linn cothabhála nó seirbhísithe nó roimh dhiúscairt na dtáirgí nó an trealaimh;

(12) ciallaíonn 'athchúrsáil' gás ceaptha teasa aisghafa a athúsáid tar éis próisis glanta bhunúsaigh, lena n-áirítear scagadh agus triomú;

(13) ciallaíonn 'athshlánú' athphróiseáil gáis ceaptha teasa fhluairínithe aisghafa chun feidhmíocht atá coibhéiseach le feidhmíocht substainte íne a mheaitseáil, agus an úsáid atá beartaithe di á cur san áireamh;

(14) ciallaíonn 'scrios' an próiseas ina gclaochlaítear nó ina ndianscaoiltear go buan gás ceaptha teasa fluairínithe go hiomlán, a mhéid is féidir, ina substaint nó ina substaintí cobhsaí nach gáis ceaptha teasa fhluairínithe iad;

(15) ciallaíonn 'díchoimisiúnú' táirge nó trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chur as feidhm nó ó úsáid, lena n-áirítear deireadh a chur go críochnaitheach le suiteáil;

(16) ciallaíonn 'deisiú' athchóiriú táirgí nó trealaimh a ndearnadh damáiste dóibh nó atá ag sceitheadh, ar táirgí nó trealamh iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, agus a bhfuil páirt mar chuid dóibh ina gcoimeádtar gáis den sórt sin nó a ceapadh do gháis den sórt sin a choimeád ann;

(17) ciallaíonn 'suiteáil' dhá phíosa trealaimh nó níos mó nó dhá phíosa ciorcad nó níos mó ina gcoimeádtar gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó atá ceaptha le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a choimeád, a nascadh le chéile d'fhonn córas a chur i dtoll a chéile sa láthair ina bhfeidhmeofar é, lena n-áirítear an ghníomhaíocht trína ndéantar seoltóirí a iompraíonn gás i gcóras a nascadh le chéile chun ciorcad a chomhlánú;

(18) ciallaíonn 'cothabháil nó seirbhísiú' na gníomhaíochtaí uile, gan aisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 8 ná seiceálacha le haghaidh sceite i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 10(1), pointe (b), den Rialachán seo a áireamh, ina n-osclaítear na ciorcaid ina gcoimeádtar gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó na ciorcaid atá ceaptha le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a choimeád, ina soláthraítear an córas le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, ina ndéantar píosa amháin nó níos mó den chiorcad nó den trealamh a bhaint, ina ndéantar dhá phíosa nó níos mó den chiorcad nó den trealamh a chur ar ais le chéile, agus ina ndéantar sceitheadh a dheisiú;

(19) ciallaíonn 'substaintí íona' substaintí nár úsáideadh roimhe seo;

(20) ciallaíonn 'do-aistrithe' rud nach gnách bheith ag bogadh le linn oibrithe agus áirítear ann fearais aerchóiriúcháin inaistrithe do sheomraí;

(21) ciallaíonn 'soghluaiste' rud gur gnách a bheith ag bogadh le linn oibrithe;

(22) ciallaíonn 'cúr aon-chomhábhair' comhdhéanamh cúir atá i ndáileoir aerasóil aonair i bhfoirm leachtach neamh-imoibrithe nó páirt-imoibrithe agus a leathnaíonn agus a chruann nuair a fhágann sé an dáileoir;

(23) ciallaíonn ‘trucail chuisniúcháin’ mótarfheithicil a bhfuil mais atá níos mó ná 3.5 tona aici a cheaptar agus a thógtar go príomha chun earraí a iompar agus atá feistithe le haonad cuisniúcháin;

(24) ciallaíonn ‘leantóir cuisniúcháin’ feithicil a cheaptar agus a thógtar le tarraingt ag trucail nó tarracóir, go príomha chun earraí a iompar, agus atá feistithe le haonad cuisniúcháin;

(25) ciallaíonn ‘córas aimsithe sceite’ fearas calabraithe meicniúil, leictreach nó leictreonach chun sceitheadh gás ceaptha teasa fluairínithe a bhrath agus a thugann foláireamh don oibreoir má bhraitear sceitheadh;

(26) ciallaíonn ‘gnóthas’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann gníomhaíocht dá dtagraítear sa Rialachán seo;

(27) ciallaíonn ‘bunábhar’ aon ghás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a chuirtear faoi thrasfhoirmiú ceimiceach i bpróiseas ina dtiontaítear é go hiomlán óna chomhshuíomh bunaidh agus nach mbaineann ach leibhéal íseal astaíochtaí leis;

(28) ciallaíonn ‘úsáid tráchtála’ úsáid ar mhaithe le táirgí a stóráil, a thaispeáint nó a dháileadh, chun iad a dhíol d’úsáideoirí deiridh, i seirbhísí miondíola agus i seirbhísí bia;

(29) ciallaíonn ‘trealamh cosanta ar dhóiteáin’ trealamh agus córais a úsáidtear i bhfeidhmeanna cosc nó sochta ar dhóiteáin, agus áirítear ann múchtóirí dóiteáin;

(30) ciallaíonn ‘timthriall orgánach den chineál Rankine’ timthriall ina bhfuil substaintí in-chomhdhlúthaithe a thiontaíonn teas ó fhoinse teasa go cumhacht chun leictreachas nó fuinneamh meicniúil a ghiniúint;

(31) ciallaíonn ‘trealamh míleata’ airm, muinisin agus ábhair atá ceaptha go sonrach chun críocha míleata agus atá riachtanach chun leasanna bunriachtanacha na mBallstát a chosaint maidir le slándáil;

(32) ciallaíonn ‘lascthrealamh leictreach’ gairis lascacháin agus a dteaglaim le trealamh gaolmhar rialúcháin, tomhais, cosanta agus rialála, agus cóimeálacha na bhfearas agus an trealaimh sin lena ngabhann idirnaisc ghaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, iniaimh ghaolmhara agus struchtúir ghaolmhara tacaíochta, atá ceaptha lena n-úsáid i dtaca le fuinneamh leictreach a ghiniúint, a tharchur, a dháileadh agus a thiontú;

(33) ciallaíonn ‘córais cuisniúcháin láraithe ilphacáiste’ córais le comhbhrúiteoir amháin nó níos mó a fheidhmítear go comhthreomhar, atá ceangailte do chomhdhlúthadán coiteann amháin nó níos mó agus do líon feistí fuaraithe amhail cásanna taispeána, caibinéid agus reoiteoirí, nó do sheomraí stórais fuaraithe;

(34) ciallaíonn ‘príomhchiorcad cuisneáin córas cascáide’ an príomhchiorcad i gcórais mheán-teochta indíreacha i gcás ina bhfuil nasc idir dhá chomhcheangal ciorcaid chuisniúcháin ar leith nó níos mó i sraithcheangal ionas go n-ionsúnn an príomhchiorcad an teas comhdhlúthadáin ón gciorcad tánaisteach don mheán-teocht;

(35) ciallaíonn ‘úsáid’ úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe i dtáirgeadh, i gcothabháil nó i seirbhísiú, lena n-áirítear athlíonadh, táirgí agus trealaimh, nó i ngníomhaíochtaí eile dá dtagraítear sa Rialachán seo;

(36) ciallaíonn ‘bunaíocht laistigh den Aontas’ go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine nádúrtha san Aontas agus go bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag duine dlítheanach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 5(32) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

## CAIBIDIL II

## COIMEÁD

*Airteagal 4*

### Astaíochtaí a chosc

1. Beidh toirmeasc ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a scaoileadh san atmaisféar d’aon turas i gcás nach bhfuil gá leis an scaoileadh go teicniúil don úsáid atá beartaithe dó.

2. Oibreoirí agus monaróirí trealaimh agus suiteálacha ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II, agus gnóthais a bhfuil trealamh den sórt sin acu le linn a iompair nó a stórála, glacfaidh siad na réamhchúraimí uile is gá chun scaoileadh neamhthoiliúil d’aon ghás den sórt sin a chosc. Déanfaidh siad gach beart atá indéanta ar bhonn teicniúil agus eacnamaíoch chun sceitheadh na ngás a laghdú.

3. Le linn gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a tháirgeadh, a stóráil, a iompar agus a aistriú ó choimeádán nó córas amháin chuig coimeádán nó córas eile nó chuig trealamh nó suiteáil, déanfaidh an gnóthas na réamhchúraimí ar fad is gá chun scaoileadh gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a theorannú a mhéid is féidir. Beidh feidhm ag an mír seo freisin i gcás ina dtáirgtear gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II mar sheachtháirgí.

4. I gcás ina mbraitear sceitheadh gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II, déanfaidh na hoibreoirí, monaróirí trealaimh agus suiteálacha agus na gnóthais a mbíonn an trealamh acu le linn a iompair nó a stórála, a áirithiú go ndeiseofar an trealamh nó an tsuiteáil gan moill mhíchuí.

Maidir le trealamh atá faoi réir seiceálacha le haghaidh sceite faoi Airteagal 5(1), agus i gcás ina ndeisítear sceitheadh sa trealamh, áiritheoidh na hoibreoirí go seiceálann duine nádúrtha deimhnithe an trealamh i gcomhréir le hAirteagal 10 laistigh de mhí amháin tar éis an deisithe chun a fhíorú go raibh an deisiú éifeachtach.

5. Gan dochar d’Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, beidh toirmeasc ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe a chur ar an margadh, mura gcuirfidh táirgeoirí nó allmhaireoirí fianaise ar fáil don údarás inniúil tráth a gcuirtear na gáis sin ar an margadh, gur

scriosadh nó gur aisghabhadh le húsáid arís aon trífhluaraimeatán arna tháirgeadh ina sheachtháirge mar chuid den phróiseas monaraíochta, lena n-áirítear le linn mhonarú na mbunábhar lena dtáirgeadh, lena n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil.

D'fhonn an fhianaise sin a chur ar fáil, tarraingeoidh allmhaireoirí agus táirgeoirí suas dearbhú comhréireachta agus cuirfidh siad leis doiciméadacht tacaíochta maidir leis an tsaoráid táirgeachta agus leis na bearta maolaithe a glacadh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc. Coimeádfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht tacaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis na gáis a chur ar an margadh agus cuirfidh siad ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla náisiúnta agus don Choimisiún iad.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an doiciméadacht tacaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2).

6. Daoine nádúrtha a bheidh i mbun na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a) go (c), deimhneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 10 agus déanfaidh siad bearta réamhchúraim chun sceitheadh gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a chosc.

Gnóthais a dhéanann an trealamh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (f), a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú, deimhneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 10 agus déanfaidh siad bearta réamhchúraim chun sceitheadh gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a chosc.

*Airteagal 5*

**Seiceálacha le haghaidh sceite**

1. Oibreoirí trealaimh ina bhfuil 5 thona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó 1 chileagram nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I, agus nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad go scrúdófar an trealamh le haghaidh sceite.

Trealamh atá séalaithe go heirméiticeach ina bhfuil níos lú ná 10 dtona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó 2 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I, ní scrúdófar é le haghaidh sceite, ar choinníoll go bhfuil lipéad ar an trealamh a deir go bhfuil sé séalaithe go heirméiteach agus go bhfuil ag a gcodanna nasctha ráta cruthaithe sceite de níos lú ná 3 gram in aghaidh na bliana faoi bhrú atá ionann agus an ceathrú cuid, ar a laghad, den uasbhrú incheadaithe.

Ní scrúdófar lascthrealamh leictreach le haghaidh sceite ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil ráta cruthaithe sceite níos lú ná 0,1 % in aghaidh na bliana aige mar a leagtar amach é i sonraíocht theicniúil an mhonaróra agus go lipéadaítear é dá réir sin;

(b) go bhfuil sé feistithe le fearas faireacháin brú nó dlúis;

(c) go bhfuil níos lú ná 6 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ann.

2. Tá feidhm ag mír 1 maidir le hoibreoirí an trealaimh seo a leanas ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II, Roinn I:

(a) trealamh cuisniúcháin do-aistrithe;

(b) trealamh aerchóiriúcháin do-aistrithe;

(c) teaschaidéil dho-aistrithe;

(d) trealamh do-aistrithe cosanta ar dhóiteáin;

(e) aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus leantóirí cuisniúcháin;

(f) timthriallta orgánacha de chineál Rankine.

(g) lascthrealamh leictreach.

A mhéid a bhaineann leis an trealamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (f), daoine dlítheanacha atá deimhnithe i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 10 a chuirfidh na seiceálacha sin i gcrích.

3. Cuirfear na seiceálacha le haghaidh sceite dá dtagraítear i mír 1 i gcrích leis an minicíocht seo a leanas:

(a) le haghaidh trealaimh ina bhfuil níos lú ná 50 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó níos lú ná 10 gcileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I: gach 12 mhí ar a laghad; nó i gcás ina bhfuil córais aimsithe sceite suiteáilte, gach 24 mhí ar a laghad;

(b) le haghaidh trealaimh ina bhfuil 50 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó, ach níos lú ná 500 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó idir 10 go 100 cileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I: gach 6 mhí ar a laghad nó, i gcás ina bhfuil córais aimsithe sceite suiteáilte, gach 12 mhí ar a laghad;

(c) le haghaidh trealaimh ina bhfuil 500 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó níos mó ná 100 cileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I: gach 3 mhí ar a laghad nó, i gcás ina bhfuil córais aimsithe sceite suiteáilte, gach 6 mhí ar a laghad.

4. Na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 maidir le trealamh cosanta ar dhóiteáin dá dtagraítear i mír 2, pointe (d), measfar gur comhlíonadh iad ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann an córas atá ann cheana caighdeáin ISO 14520 nó EN 15004; agus

(b) go ndéantar cigireacht ar an trealamh cosanta ar dhóiteáin chomh minic agus a éilítear faoi mhír 3.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais maidir leis na seiceálacha le haghaidh sceite a dhéanfar i gcomhréir le mír 1 a shonrú do gach cineál trealaimh dá dtagraítear i mír 2 agus na codanna sin den trealamh is dóichí a sceithfidh a shainaithint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 6*

**Córais aimsithe sceite**

1. Oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (d), agus ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcainníochtaí 500 tona nó níos mó de choibhéis $CO_2$, áiritheoidh siad go mbeidh córas aimsithe sceite ag gabháil leis an trealamh a thabharfaidh foláireamh don oibreoir nó do chuideachta a dhéanann seirbhísiú má bhíonn aon sceitheadh ann.

2. Oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (f) agus (g), agus ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcainníochtaí 500 tona nó níos mó de choibhéis $CO_2$ agus a suiteáladh ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh, áiritheoidh siad go mbeidh córas aimsithe sceite ag gabháil leis an trealamh a thabharfaidh foláireamh don oibreoir nó do chuideachta a dhéanann seirbhísiú má bhíonn aon sceitheadh ann.

3. Áiritheoidh oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (d) agus (f), atá faoi réir mhíreanna 1 nó 2 go seiceáiltear córais aimsithe sceite ar a laghad uair gach 12 mhí lena áirithiú go bhfeidhmíonn siad mar is ceart.

4. Áiritheoidh oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (g), atá faoi réir mhír 2 go seiceáiltear córais aimsithe sceite ar a laghad uair gach 6 bliana lena áirithiú go bhfeidhmíonn siad mar is ceart.

*Airteagal 7*

**Taifid a choimeád**

1. Oibreoirí trealaimh, ar threalamh é lena n-éilítear seiceáil le haghaidh sceite de bhun Airteagal 5(1), bunóidh siad agus coinneoidh siad taifid le haghaidh gach píosa trealaimh den sórt sin, ina sonrófar an fhaisnéis seo a leanas:

(a) cainníocht agus cineál na ngás a suiteáladh;

(b) cainníochtaí na ngás arna gcur leis le linn na suiteála, na cothabhála nó an tseirbhísithe nó de bharr sceite;

(c) cibé acu an ndearnadh na cainníochtaí gás a athchúrsáil nó a athshlánú, lena n-áirítear ainm agus seoladh san Aontas na saoráide athchúrsála nó athshlánaithe agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir an deimhnithe;

(d) cainníocht na ngás a aisghabhadh;

(e) céannacht an ghnóthais a shuiteáil, a sheirbhísigh, a chothabháil agus, i gcás inarb infheidhme, a dheisigh nó a dhíchoimisiúnaigh an trealamh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uimhir a dheimhnithe;

(f) dátaí agus torthaí na seiceálacha a rinneadh faoi Airteagal 5(1), (2) agus (3), chomh maith le dátaí agus torthaí aon deisiúcháin sceite;

(g) más rud é gur díchoimisiúnaíodh an trealamh, na bearta a rinneadh chun na gáis a aisghabháil agus a dhiúscairt.

2. Mura stóráiltear na taifid dá dtagraítear i mír 1 i mbunachar sonraí a bhunaigh údaráis inniúla na mBallstát, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) coimeádfaidh na hoibreoirí dá dtagraítear i mír 1 na taifid dá dtagraítear sa mhír sin go ceann 5 bliana ar a laghad;

(b) na gnóthais sin a bhfuil na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), á gcur i gcrích acu thar ceann na n-oibreoirí, coimeádfaidh siad cóipeanna de na taifid dá dtagraítear i mír 1 go ceann 5 bliana ar a laghad.

Cuirfear na taifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil, arna iarraidh sin, d’údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nó don Choimisiún.

3. Chun críoch Airteagal 11(5), gnóthais a sholáthraíonn gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, bunóidh siad taifid ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le ceannaitheoirí na ngás ceaptha teasa fluairínithe sin lena n-áirítear na sonraí seo a leanas:

(a) uimhreacha dheimhnithe na gceannaitheoirí;

(b) cainníochtaí na ngás sin faoi seach a ceannaíodh.

Coinneoidh na gnóthais a sholáthraíonn na gáis sin na taifid sin ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Déanfaidh na gnóthais a soláthraíonn na gáis sin na taifid sin a chur ar fáil, arna iarraidh sin, d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nó don Choimisiún.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, leagan amach na dtaifead dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a chinneadh agus an bealach ar cheart iad a bhunú agus a chothabháil a shonrú. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 8*

**Aisghabháil agus scriosadh**

1. Oibreoirí trealaimh dho-aistrithe nó oibreoirí trucailí agus leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad gur daoine nádúrtha a bhfuil na deimhnithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 10 acu a dhéanfaidh na gáis sin a aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh.

Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le hoibreoirí an trealaimh seo a leanas:

(a) ciorcaid fhuaraithe an trealaimh cuisniúcháin dho-aistrithe, aerchóiriúcháin dho-aistrithe agus teaschaidéil dho-aistrithe;

(b) ciorcaid fhuaraithe na n-aonad cuisniúcháin de thrucailí agus leantóirí cuisniúcháin;

(c) trealamh do-aistrithe ina bhfuil tuaslagóirí gáis ceaptha teasa fhluairínithe-bunaithe;

(d) trealamh do-aistrithe cosanta ar dhóiteáin;

(e) lascthrealamh leictreach do-aistrithe.

2. Aon ghás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a aisghabhadh, ní úsáidfear é le trealamh a líonadh nó a athlíonadh mura mbeidh an gás athchúrsáilte nó athshlánaithe.

3. An gnóthas a úsáideann coimeádán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, socróidh sé, díreach sula ndéanfar é a dhiúscairt, go ndéanfar aon ghás iarmharach a aisghabháil lena áirithiú go ndéanfar iad a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh.

4. Amhail ón 1 Eanáir 2024, úinéirí foirgneamh agus conraitheoirí, le linn gníomhaíochtaí athchóirithe, athfheistithe nó scartála lena ngabhann baint painéal a bhfuil aghaidh miotail orthu ina bhfuil cúir a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1 iontu, áiritheoidh siad go seachnófar na hastaíochtaí a mhéid is féidir trí na cúir agus na gáis atá iontu a aisghabháil lena n-athúsáid nó tríd an gcéanna a scriosadh. Déanfar an aisghabháil ag daoine nádúrtha cuícháilithe.

5. Amhail ón 1 Eanáir 2024, úinéirí foirgneamh agus conraitheoirí, le linn gníomhaíochtaí athchóirithe, athfheistithe nó scartála lena ngabhann baint cúr i gcláir lannacha a suiteáiltear i gcuasa nó i struchtúir fhoirgnithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, áiritheoidh siad go seachnófar na hastaíochtaí a mhéid is féidir trí na cúir agus na gáis atá iontu a aisghabháil lena n-athúsáid nó tríd an gcéanna a scriosadh. Déanfar an aisghabháil ag daoine nádúrtha cuícháilithe.

I gcás nach bhfuil aisghabháil na gcúr dá dtagraítear sa chéad fhomhír indéanta go teicniúil, tarraingeoidh an t-úinéir foirgneamh nó an conraitheoir doiciméadacht lena gcuirtear fianaise ar fáil maidir le hindéantacht an aisghabhála sa chás sonrach. Déanfar an doiciméadacht sin a choinneáil ar feadh 5 bliana agus cuirfear í ar fáil, arna iarraidh sin, d'údarás inniúil Ballstáit agus don Choimisiún.

6. Oibreoirí táirgí agus trealaimh nach liostaítear i míreanna 1, 6 agus 7 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, déanfaidh siad socrú maidir le haisghabháil na ngás, murar féidir a shuíomh nach bhfuil sé indéanta go teicniúil nó go bhfuil costais dhíréireacha ag baint leis. Áiritheoidh na hoibreoirí go ndéanfar an aisghabháil ag daoine nádúrtha cuícháilithe, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh, nó déanfaidh siad socrú maidir lena scriosadh gan aon aisghabháil roimh ré.

Déanfaidh daoine nádúrtha cuícháilithe gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a aisghabháil ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

D'fhonn gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a aisghabháil ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE, ní mheasfar go mbeidh na cáilíochtaí cuí ach ag daoine nádúrtha a bhfuil dearbhú oiliúna ar a laghad acu i gcomhréir le hAirteagal 10(2).

7. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1, agus táirgí ina bhfuil na gáis sin, ní dhéanfar iad a scriosadh ach le teicneolaíochtaí arna gceadú ag Páirtithe i bPrótacal Montréal 1987 um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin ('an Prótacal') nó le teicneolaíochtaí nach bhfuil ceadaithe go fóill, ach atá coibhéiseach ó thaobh an chomhshaoil de agus a chomhlíonann reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl agus le ceanglais bhreise faoin reachtaíocht sin.

Gáis ceaptha teasa fhluairínithe eile nach bhfuil teicneolaíochtaí scriosta ceadaithe ina leith, ní scriosfar iad ach leis an teicneolaíocht scriosta is inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de nach mbaineann costais dhíréireacha léi, agus a chomhlíonann reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl agus a chomhlíonann ceanglais bhreise faoin reachtaíocht sin.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí liosta táirgí agus trealaimh a bhunú lena measfar an bhfuil aisghabháil gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, nó scriosadh táirgí agus trealaimh ina bhfuil gáis den sórt sin gan aon aisghabháil roimh ré de na gáis sin, indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, agus sonrófar, más iomchuí sin, na teicneolaíochtaí a bheidh le cur i bhfeidhm.

9. Déanfaidh na Ballstáit aisghabháil, athchúrsáil, athshlánú agus scriosadh na ngás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a chur chun cinn.

41 Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12).

*Airteagal 9*

**Scéimeanna freagrachta táirgeora**

Gan dochar do reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana, spreagfaidh na Ballstáit go bhforbrófar scéimeanna freagrachta táirgeora chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a aisghabháil agus chun na gáis sin a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar.

*Airteagal 10*

**Deimhniúchán agus oiliúint**

1. Déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn na gceanglas íosta dá dtagraítear i mír 5, cláir dheimhniúcháin a bhunú nó a oiriúnú, lena n-áirítear próisis mheastóireachta, agus áiritheoidh siad go bhfuil oiliúint maidir le scileanna praiticiúla agus eolas teoiriciúil ar fáil do dhaoine nádúrtha a dhéanann na tascanna seo a leanas lena mbaineann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1 agus roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe:

   (a) an trealamh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (g), a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú;

   (b) seiceálacha le haghaidh sceite i dtaca leis an trealamh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (f), amhail dá bhforáiltear in Airteagal 5(1);

   (c) aisghabháil dá bhforáiltear in Airteagal 8(1).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna ar fáil do dhaoine nádúrtha a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn I á n-aisghabháil acu ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], de bhun mhír 5.

3. Cumhdaítear na nithe seo a leanas leis na cláir dheimhniúcháin agus leis an oiliúint dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2,

   (a) na rialacháin agus na caighdeáin theicniúla is infheidhme;

   (b) astaíochtaí a chosc;

   (c) gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1 a aisghabháil;

[42] Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12).

(d) trealamh den chineál agus den toirt a chumhdaítear faoin deimhniú a láimhsiú go sábháilte; agus

(e) gnéithe éifeachtúlachta fuinnimh.

4. Deimhnithe faoi na cláir dheimhniúcháin dá bhforáiltear i mír 1, beidh siad faoi réir an choinníll go bhfuil próiseas meastóireachta arna bhunú i gcomhréir le míreanna 1, 3 agus 5 curtha i gcrích go rathúil ag an iarratasóir.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais íosta maidir le cláir dheimhniúcháin agus fianuithe oiliúna a bhunú. Leis na ceanglais íosta sin, sonrófar, do gach cineál trealaimh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, na scileanna praiticiúla agus an t-eolas teoiriciúil a theastaíonn, i gcás inarb iomchuí, agus idirdhealú á dhéanamh idir gníomhaíochtaí éagsúla a bheidh le cumhdach, módúlachtaí an deimhnithe nó fianaithe mar aon leis na coinníollacha chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe agus d'fhianuithe oiliúna. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

6. Déanfaidh na Ballstáit cláir dheimhniúcháin a bhunú nó a oiriúnú ar bhonn na gceanglas íosta dá dtagraítear i mír 5 ar ghnóthais a dhéanann an trealamh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (f), a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú, ar trealamh é ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn I, agus roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe, le haghaidh páirtithe eile.

7. Beidh na deimhnithe agus na fianuithe oiliúna a eisíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 bailí i gcónaí, i gcomhréir leis na coinníollacha faoinar eisíodh iad an chéad lá.

8. Faoin 1 Eanáir [*OF: cuir isteach an dáta = bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chláir dheimhnithe agus oiliúna.

Aithneoidh na Ballstáit deimhnithe agus fianuithe oiliúna arna n-eisiúint i mBallstát eile i gcomhréir leis an Airteagal seo. Ní chuirfidh siad srian leis an tsaoirse maidir le seirbhísí a chur ar fáil nó leis an tsaoirse bhunaíochta de bhrí gur eisíodh deimhniú i mBallstát eile.

9. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagan amach an fhógra dá dtagraítear i mír 8 a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

10. Aon ghnóthas a shannann cúram dá dtagraítear i mír 1 do ghnóthas eile, déanfaidh sé bearta réasúnta lena fháil amach an bhfuil na deimhnithe is gá ag an ngnóthas eile sin maidir leis na cúraimí is gá dá dtagraítear i mír 1.

11. I gcás ina gcuirfeadh na hoibleagáidí faoin Airteagal seo maidir le deimhniú agus oiliúint a chur ar fáil ualach díréireach ar Bhallstát i ngeall ar dhaonra beag a bheith sa Bhallstát sin agus i ngeall ar an easpa éilimh a bheadh ar an oiliúint sin agus ar an

deimhniú sin dá bharr, féadfar na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh trí aitheantas a thabhairt do dheimhnithe a eisítear i mBallstáit eile.

Na Ballstáit a chuirfidh an mhír seo i bhfeidhm, cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh seisean an méid sin in iúl do na Ballstáit eile.

12. Ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar na Ballstáit tuilleadh clár deimhnithe nó oiliúna a chur ar bun i dtaca le trealamh eile seachas an trealamh dá dtagraítear i mír 1.

## CAIBIDIL III

## SRIANTA AGUS RIALÚ ÚSÁIDE

*Airteagal 11*

### Srianta maidir le cur ar an margadh agus díolachán

1. Beidh toirmeasc ar tháirgí agus trealamh, lena n-áirítear codanna díobh, atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, a chur ar an margadh, le díolúine do threalamh míleata, ón dáta arna sonrú san Iarscríbhinn sin, agus i gcás inarb infheidhme, déanfar idirdhealú de réir chineál nó de réir acmhainne téimh domhanda an gháis atá ann.

Táirgí agus trealamh a chuirtear ar an margadh go neamhdhleathach tar éis an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní dhéanfar iad a úsáid nó a sholáthar ina dhiaidh sin, nó ní chuirfear ar fáil iad do dhaoine eile san Aontas, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce, nó ní dhéanfar iad a onnmhairiú. Ní fhéadfar táirgí agus trealamh den sórt sin a stóráil nó a iompar ach amháin lena ndiúscairt ina dhiaidh sin agus leis an ngás a aisghabháil roimh an diúscairt de bhun Airteagal 8.

2 bhliain tar éis na ndátaí aonair a liostaítear in Iarscríbhinn IV, an soláthar nó cur ar fáil ina dhiaidh sin do pháirtí eile san Aontas, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce, de tháirgí nó de threalamh a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní cheadófar é ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil gur cuireadh an táirge nó an trealamh ar an margadh go dleathach roimh an dáta.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, ar threalamh a bhfuil sé cruthaithe ina leith de réir ceanglais éicidhearthóireachta a glacadh faoi Threoir 2009/125/CE go mbeadh na hastaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ ina shaolré níos ísle ná na hastaíochtaí sin a bheadh mar thoradh ar threalamh coibhéiseach a chomhlíonann na ceanglais éicidhearthóireachta ábhartha de bharr éifeachtúlachta fuinnimh níos airde le linn a oibrithe.

3. I dteannta an toirmisc maidir le cur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, pointe 1, beidh toirmeasc ar choimeádáin nach féidir a athlíonadh le haghaidh gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, bíodh siad folamh nó lán, go páirteach nó go hiomlán, a allmhairiú, a chur ar an margadh, a úsáid nó a onnmhairiú, agus beidh toirmeasc ar aon soláthar coimeádán

den sórt sin ina dhiaidh sin, nó ar choimeádáin den sórt sin a chur ar fáil do dhaoine eile laistigh den Aontas, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce. Ní fhéadfar coimeádáin den sórt sin a stóráil nó a iompar ach amháin lena ndiúscairt ina dhiaidh sin. Níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le coimeádáin a úsáidtear chun críocha saotharlainne nó anailíseacha.

Tá feidhm ag an mír seo maidir le:

(a) coimeádáin nach féidir a athlíonadh gan iad a leasú chun na críche sin (coimeádáin nach féidir a athlíonadh); agus

(b) coimeádáin ab fhéidir a athlíonadh ach a allmhairítear nó a chuirtear ar an margadh gan aon fhoráil a bheith déanta go gcuirfear ar ais iad lena n-athlíonadh.

4. Tar éis iarraidh ar tugadh bunús leis a fháil ó údarás inniúil Ballstáit, agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, díolúine ar feadh suas go dtí 4 bliana a údarú ionas gur ceadmhach táirgí agus trealamh a liostaítear in Iarscríbhinn IV a chur ar an margadh, ar táirgí agus trealamh iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin, más rud é go léirítear:

(a) i gcás táirge sonrach nó píosa trealaimh sonrach, nó i gcás catagóir sonrach táirgí nó trealaimh, nach bhfuil roghanna malartacha ar fáil, nó nach féidir úsáid a bhaint astu ar chúiseanna teicniúla nó sábháilteachta; nó

(b) go mbeadh costas díréireach ag baint le húsáid roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil agus atá sábháilte.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

5. Gnóthais a bhfuil deimhniú a éilítear faoi Airteagal 10(1), pointe (a) acu nó a bhfuil an fianú oiliúna a éilítear faoi Airteagal 10(2) acu, nó gnóthais a fhostaíonn daoine a bhfuil deimhniú nó fianú oiliúna den sórt sin acu, ní cheadófar ach na gnóthais sin amháin gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a cheannach chun an trealamh ina bhfuil na gáis sin, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin, a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil nó a dheisiú, ar trealamh é dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointí (a) go (g), agus in Airteagal 10(2).

Ní choiscfear leis an mír seo gnóthais neamh-dheimhnithe nach ndéanann gníomhaíochtaí den sórt sin ó gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, a bhailiú, a iompar nó a sheachadadh.

6. Trealamh atá luchtaithe le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, Roinn 1, nach bhfuil séalaithe go heirméiteach, ní fhéadfar é a dhíol ach le húsáideoir deiridh i gcás ina gcuirfear fianaise ar fáil gurb é gnóthas atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 10 a chuirfidh an tsuiteáil i gcrích.

*Airteagal 12*

**Lipéadú agus faisnéis faoin táirge agus faoin trealamh**

1. Na táirgí agus an trealamh seo a leanas ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, féadfar iad a chur ar an margadh má tá lipéad orthu:

(a) trealamh cuisniúcháin;

(b) trealamh aerchóiriúcháin;

(c) teaschaidéil;

(d) trealamh cosanta ar dhóiteáin;

(e) lascthrealamh leictreach;

(f) dáileoir aerasól ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena n-áirítear análóirí dáileoige méadraithe;

(g) na coimeádáin gháis ceaptha teasa fhluairínithe uile;

(h) tuaslagóirí gáis ceaptha teasa fhluairínithe-bunaithe;

(i) timthriallta orgánacha de chineál Rankine.

2. Déanfar táirgí nó trealamh atá faoi réir díolúine dá dtagraítear in Airteagal 11(4) a lipéadú dá réir agus áireofar tagairt iontu nach bhféadfar na táirgí nó an trealamh sin a úsáid ach amháin don chuspóir dár tugadh díolúine faoin Airteagal sin.

3. Léireofar ar an lipéad atá riachtanach de bhun mhír 1 an fhaisnéis seo a leanas:

(a) léiriú go bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe sa táirge nó sa trealamh, nó go bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin;

(b) ainm na ngás ceaptha teasa fluairínithe de réir an chórais ainmniúcháin thionsclaíoch a nglactar leis, nó mura mbeidh an córas sin ar fáil, an t-ainm ceimiceach;

(c) ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh, cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe atá sa táirge nó sa trealamh nó cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe ar ceapadh an trealamh chuici, de réir meáchain agus choibhéis $CO_2$, agus acmhainn téimh dhomhanda na ngás sin.

Beidh ar an lipéad an t-eolas seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

(a) tagairt á rá go bhfuil na gáis ceaptha teasa fhluairínithe i dtrealamh atá séalaithe go heirméiteach;

(b) tagairt á rá go bhfuil lascthrealamh leictreach ann ag a bhfuil ráta sceite tástálaithe níos lú na 0,1 % in aghaidh na bliana mar a leagtar amach i sonraíocht theicniúil an mhonaróra.

4. Beidh an lipéad a éilítear de bhun mhír 1 inléite go soiléir agus doscriosta agus cuirfear é:

(a) cóngarach do na poirt seirbhíse le haghaidh an gháis ceaptha teasa fhluairínithe a luchtú nó a aisghabháil; nó

(b) ar an gcuid sin den táirge nó den trealamh ina bhfuil an gás ceaptha teasa fluairínithe.

Beidh an lipéad scríofa i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-earra le cur ar an margadh.

5. Ní chuirfear cúir nó polóil réamhchumaiscthe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II ar an margadh mura sainaithnítear na gáis ceaptha teasa fhluairínithe le lipéad a úsáideann an córas ainmniúcháin thionsclaíoch a nglactar leis, nó, mura mbeidh an córas sin ar fáil, an t-ainm ceimiceach. Léireofar go soiléir ar an lipéad go bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe sa chúr nó sa pholól réamhchumaiscthe. I gcás cúrchlár, beidh an fhaisnéis sin scríofa go soiléir doscriosta ar na cláir.

6. Déanfar gáis ceaptha teasa fhluairínithe a athshlánaítear nó a athchúrsáiltear a lipéadú le léiriú á rá gur athshlánaíodh nó gur athchúrsáladh an tsubstaint mar aon le faisnéis ar an mbaiscuimhir agus ainm agus seoladh na saoráide athshlánaithe nó athchúrsáilte san Aontas.

7. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a chuirtear ar an margadh lena ndíothú, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán ach a dhíothú.

8. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus atá beartaithe lena n-onnmhairiú go díreach, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a onnmhairiú ach go díreach.

9. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid i dtrealamh míleata, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach chun na críche sin.

10. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II agus a chuirtear ar an margadh i gcomhair eitseáil ábhair leathsheoltaigh nó glanadh coimeádán deasctha gaile ceimicí laistigh den earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach chun na críche sin.

11. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a chuirtear ar an margadh i gcomhair úsáide mar bhunábhar, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach mar bhunábhar.

12. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a chuirtear ar an margadh chun análóirí dáileoige méadraithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sholáthar, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach chun na críche sin.

13. I gcás hidreafluaracarbón, áireofar leis an lipéad dá dtagraítear i míreanna 7 go 11 an léiriú 'díolmhaithe ón gcuóta faoi Rialachán (AE) Uimh. …/… *[OF: Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*]".

In éagmais na gceanglas lipéadaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus i míreanna 7 go 11, beidh na hidreafluaracarbóin faoi réir na gceanglas cuóta de bhun Airteagal 16(1).

14. Sna cásanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, pointí 3, 8, pointe 18(b) agus (c), pointí 19 agus 20 déanfar an táirge a lipéadú le léiriú á rá nach féidir é a úsáid ach amháin i gcás ina éilítear é ón gcaighdeán sábháilteachta atá le sonrú. Sa chás dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, pointí 20 agus 22, déanfar an táirge a lipéadú le léiriú á rá nach féidir é a úsáid ach amháin i gcás ina éilítear é ón gcur chun feidhme leighis atá le sonrú.

15. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 3 agus 5 sna lámhleabhair treoracha a ghabhann leis na táirgí agus leis an trealamh lena mbaineann.

I gcás táirgí agus trealaimh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe in Iarscríbhinní I agus II ag a bhfuil acmhainn téimh dhomhanda de 150 nó níos mó, beidh an fhaisnéis sin sna tuairiscí a úsáidtear le haghaidh fógraíochta.

16. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, formáid na lipéad dá tagraítear i mír 1 agus i míreanna 4 go 14 a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

17. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 lena leasaítear na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach i míreanna 4 go 14, i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise forbartha tráchtála nó teicneolaíocha.

*Airteagal 13*

**Úsáid a rialú**

1. Beidh toirmeasc ar úsáid heicseafluairíde sulfair i dteilgean dísle maignéisiam agus in athchúrsáil cóimhiotal teilgin dísle maignéisiam.

2. Beidh toirmeasc ar úsáid heicseafluairíde sulfair chun boinn feithiclí a líonadh.

3. Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil acmhainn téimh dhomhanda de 2 500 nó níos mó acu, le haghaidh trealamh cuisniúcháin a sheirbhísiú nó a chothabháil.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le trealamh míleata nó maidir le trealamh atá beartaithe le feidhmeanna arna gceapadh chun táirgí a fhuarú chuig teochtaí faoi -50 °C.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na catagóirí gás ceaptha teasa fluairínithe seo a leanas go dtí an 1 Eanáir 2030:

(a) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athshlánaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainn téimh dhomhanda de 2 500 nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll go ndearnadh iad a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 12(6);

(b) gáis cheaptha teasa fhluairínithe athchúrsáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainn téimh dhomhanda de 2 500 nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll gur aisghabhadh iad ó threalamh den sórt sin. Ní fhéadfar na gáis athchúrsáilte sin a úsáid ach amháin ag an ngnóthas a rinne iad a aisghabháil mar chuid de chothabháil nó de sheirbhísiú, nó ag an ngnóthas a ndearnadh an aisghabháil thar a cheann mar chuid de chothabháil nó de sheirbhísiú.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le trealamh cuisniúcháin ar deonaíodh díolúine ina thaobh i gcomhréir le hAirteagal 11(4).

4. Beidh toirmeasc ar úsáid deasfluráin mar ainéistéiseach ionanálaithe amhail ón 1 Eanáir 2026, ach amháin i gcás ina bhfuil fíorghá le húsáid den sórt sin agus nach féidir aon ainéistéiseach eile a úsáid ar fhorais leighis. Cuirfidh an t-úsáideoir fianaise ar fáil, arna iarraidh sin, maidir leis an mbonn cirt leighis d'údarás inniúil an Bhallstáit agus don Choimisiún.

## CAIBIDIL IV

## SCEIDEAL TÁIRGTHE AGUS LAGHDÚ AR CHAINNÍOCHT NA HIDREAFLUARACARBÓN ARNA gCUR AR AN MARGADH

*Airteagal 14*

### Hidreafluaracarbóin a tháirgeadh

1. Ceadaítear táirgeadh hidreafluaracarbón sa mhéid is gur leithdháileadh cearta táirgthe ar tháirgeoirí ag an gCoimisiún mar a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cearta táirgthe a leithdháileadh ar bhonn Iarscríbhinn V le haghaidh táirgeoirí a tháirg hidreafluaracarbóin in 2022, bunaithe ar shonraí a thuairiscítear faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2).

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit, na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a

leasú d'fhonn cearta táirgthe breise a leithdháileadh ar na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 2 nó d'aon ghnóthas eile atá bunaithe san Aontas, agus teorannacha táirgthe an Bhallstáit faoin bPrótacal á n-urramú an tráth céanna. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2).

4. 3 bliana tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin a athbhreithniú agus a leasú más gá, agus na hathruithe ar na cearta táirgthe de bhun Airteagal 15 le linn na 3 bliana roimhe sin á gcur san áireamh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2).

*Airteagal 15*

**Cearta táirgthe a aistriú agus a údarú le haghaidh cuíchóiriú tionsclaíoch**

1. Chun críche cuíchóirithe thionsclaíoch laistigh de Bhallstát, féadfaidh táirgeoirí a gcearta táirgthe, go hiomlán nó go páirteach, a aistriú chuig aon ghnóthas eile sa Bhallstát sin, ar choinníoll go n-urramaítear theorannacha táirgthe na bPáirtithe faoin bPrótacal. Formheasfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla ábhartha na haistrithe agus déanfar iad tríd an Tairseach F-Gás.

2. Chun críche cuíchóirithe thionsclaíoch idir Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil táirgeacht ábhartha de chuid táirgeora suite, agus le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cearta táirgthe iomarcaigh ar fáil araon, a údarú don táirgeoir sin, tríd an Tairseach F-Gás, a tháirgeadh dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a shárú le méid sonraithe, agus coinníollacha a leagtar amach sa Phrótacal á meas.

3. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú le húdarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil táirgeacht ábhartha de chuid táirgeora suite, agus le húdarás inniúil an Pháirtí is tríú tír lena mbaineann araon, a údarú do tháirgeoir na leibhéil ríofa táirgeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a chur le chéile leis na leibhéil ríofa táirgeachta a cheadaítear do tháirgeoir i bPáirtí is tríú tír faoin bPrótacal agus faoi reachtaíocht náisiúnta an táirgeora sin chun críche cuíchóirithe thionsclaíoch le Páirtí is tríú tír, ar choinníoll nach é an toradh atá ar na comhleibhéil ríofa táirgeachta ag an dá tháirgeoir go sárófaí cearta táirgthe faoi Phrótacal Montréal agus ar choinníoll go n-urramaítear aon reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

*Airteagal 16*

**Laghdú ar chainníocht na hidreafluaracarbón arna gcur ar an margadh**

1. Ní cheadaítear hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh ach amháin a mhéid is gur leithdháileadh cuótaí ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí ag an gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 17.

Áiritheoidh táirgeoirí agus allmhaireoirí nach sáraíonn na cainníochtaí hidreafluaracarbón a chuireann siad ar an margadh an cuóta faoi seach atá ar fáil dóibh an tráth a chuirtear iad ar an margadh.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hidreafluaracarbóin:

(a) a allmhairítear isteach san Aontas lena scriosadh;

(b) a úsáidtear ag táirgeoir i bhfeidhmeanna bunábhair nó a sholáthraítear go díreach ag táirgeoir nó ag allmhaireoir chuig gnóthais lena n-úsáid mar bhunábhar;

(c) a sholáthraítear go díreach ag táirgeoir nó ag allmhaireoir chuig gnóthais, le honnmhairiú amach as an Aontas, nach bhfuil i dtáirgí nó i dtrealamh, i gcás nach gcuirfear na hidreafluaracarbóin sin ar fáil ina dhiaidh sin d'aon pháirtí eile laistigh den Aontas, roimh an onnmhairiú;

(d) a sholáthraítear go díreach ag táirgeoir nó ag allmhaireoir le húsáid i dtrealamh míleata;

(e) a sholáthraítear go díreach ag táirgeoir nó ag allmhaireoir chuig gnóthas atá á n-úsáid le heitseáil ábhair leathsheoltaigh nó le glanadh coimeádán deasctha gaile ceimicí laistigh den earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun mír 2 a leasú agus chun eisiamh ón gceanglas cuóta a leagtar síos i mír 1 a thabhairt maidir le hidreafluaracarbóin i gcomhréir le cinntí na bPáirtithe sa Phrótacal.

4. Tar éis iarraidh a dtugtar bunús léi, ó údarás inniúil de chuid Ballstáit agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, díolúine ar feadh suas go 4 bliana a údarú chun eisiamh ón gceanglas cuóta a leagtar síos i mír 1 a thabhairt maidir le hidreafluaracarbóin a úsáidfear i bhfeidhmeanna sonracha, nó i gcatagóirí sonracha táirgí nó trealaimh, i gcás ina léirítear san iarraidh:

(a) nach bhfuil roghanna malartacha ar fáil ar na feidhmeanna, ar na táirgí nó ar an trealamh áirithe sin nó nach féidir iad a úsáid ar chúiseanna teicniúla nó sábháilteachta; agus

(b) nach féidir soláthar leordhóthanach hidreafluaracarbón a áirithiú gan costais dhíréireacha a thabhú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

5. Measfar go gcuirtear astaíochtaí hidreafluaracarbón le linn táirgthe ar an margadh an bhliain ina tharlaíonn siad.

6. Beidh feidhm ag an Airteagal seo agus ag Airteagail 17, 20, 29 agus 31 maidir le hidreafluaracarbóin atá i bpolóil réamhchumaiscthe freisin.

*Airteagal 17*

**Luachanna táirgthe a chinneadh agus leithdháileadh cuótaí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh**

1. Faoin 31 Deireadh Fómhair [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cinnfidh an Coimisiún luachanna tagartha le haghaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí i gcomhréir le hIarscríbhinn VII maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh.

Cinnfidh an Coimisiún na luachanna tagartha sin le haghaidh na dtáirgeoirí agus n-allmhaireoirí uile a d'allmhairigh nó a tháirg hidreafluaracarbóin le linn na 3 bliana roimhe sin, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena gcinntear luachanna tagartha le haghaidh na táirgeoirí agus allmhaireoirí uile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

2. Féadfaidh allmhaireoir nó táirgeoir fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chomharbas buan nó faoi shealbhú na coda dá ghnó atá ábhartha don Airteagal seo, a bhfuil athrú sannta dá luachanna tagartha agus de luachanna tagartha an chomharba dhlíthiúil mar thoradh air.

Féadfaidh an Coimisiún doiciméadacht ábhartha a iarraidh chun na críche sin. Cuirfear na luachanna tagartha coigeartaithe ar fáil ar an Tairseach F-Gás.

3. Faoin 1 Aibreán [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, féadfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí dearbhú a dhéanamh maidir le cuótaí a fháil ón gcúlchiste dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII tríd an Tairseach F-Gás.

4. Faoin 31 Nollaig [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, leithdháilfidh an Coimisiún cuótaí le haghaidh gach allmhaireora agus gach tairgeora le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh, de bhun Iarscríbhinn VIII. Tabharfar fógra faoi chuótaí d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí tríd an Tairseach F-Gás.

5. Tá leithdháileadh na gcuótaí faoi réir íocaíocht an mhéid atá dlite arb ionann agus trí euro in aghaidh gach tona de choibhéis $CO_2$ den chuóta atá le leithdháileadh. Tabharfar fógra tríd an Tairseach F-Gás d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí faoin mhéid iomlán atá dlite i gcomhair a leithdháilte cuóta uasta ríofa le haghaidh na bliana féilire dár gcionn, agus faoin spriocdháta chun an íocaíocht a chur i gcrích. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na módúlachtaí agus na socraithe mionsonraithe le haghaidh íocaíocht an mhéid dhlite a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Féadfaidh allmhaireoirí agus táirgeoirí gan íoc ach as cuid den leithdháileadh cuóta uasta ríofa a thairgtear dóibh. Sa chas sin, leithdháilfear do na hallmhaireoirí agus do na táirgeoirí sin an cuóta atá comhfhreagrach leis an íocaíocht a dhéantar faoin spriocdháta socraithe.

Athdháilfidh an Coimisiún an cuóta nár ndearnadh íocaíocht ina leith faoin spriocdháta socraithe, saor in aisce, do na hallmhaireoirí agus do na táirgeoirí sin amháin a d'íoc an méid iomlán atá dlite i gcomhair a leithdháilte cuóta uasta ríofa dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a rinne dearbhú dá dtagraítear i mír 3. Déanfar an t-athdháileadh ar bhonn sciar gach allmhaireora nó gach tairgeora den tsuim de na cuótaí uasta ríofa uile a thairgeadh do na hallmhaireoirí agus do na táirgeoirí sin, agus a íocadh ina n-iomlán acu.

Údarófar don Choimisiún gan an chainníocht uasta dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a leithdháileadh ina hiomlán agus gan cuótaí breise a leithdháileadh, mar theagmhas le haghaidh fadhbanna cur chun feidhme le linn na tréimhse leithdháilte.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun mír 5 a leasú a mhéid a bhaineann leis na méideanna atá dlite le haghaidh an cuóta a leithdháileadh agus le haghaidh an tsásra chun cuótaí atá fágtha a leithdháileadh, i gcás inar gá chun cur isteach mór ar mhargadh na hidreafluaracarbón a chosc, nó i gcás nach gcomhlíonann an sásra a chuspóir agus ina mbíonn éifeachtaí neamh-inmhianaithe nó neamhbheartaithe air sin.

7. Is é a bheidh san ioncam a ghinfear ón méid leithdháilte cuóta ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. Leithdháilfear an t-ioncam sin do chlár LIFE agus do Cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Riarachán Poiblí Eorpach), chun na costais a chumhdach a bhaineann leis an bhfoireann sheachtrach atá ag obair ar bhainistiú an leithdháilte cuóta, na seirbhísí TF agus na seirbhísí ceadúnaithe chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun comhlíonadh an Phrótacail a áirithiú. Aon ioncam atá fágtha tar éis na costais sin a chumhdach, cuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais iad.

*Airteagal 18*

**Coinníollacha le haghaidh cláraithe agus leithdháiltí cuóta a fháil**

1. Ní leithdháilfear cuótaí ach amháin do tháirgeoirí nó d'allmhaireoirí a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, nó a rinne ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh. Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí sainordaithe de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

2. Allmhaireoirí agus táirgeoirí a bhfuil taithí acu ar ghníomhaíochtaí trádála ceimiceán le haghaidh 3 bliana as a chéile roimh an tréimhse leithdháilte cuóta, ní cheadófar ach do na hallmhaireoirí agus na táirgeoirí sin dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 17(3) a chur isteach nó leithdháileadh cuóta a fháil ar an mbonn sin de bun Airteagal

43 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

17(4). Cuirfidh na hallmhaireoirí agus na táirgeoirí fianaise chuige sin, arna iarraidh sin, faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Chun allmhaireoirí agus táirgeoirí a chlárú sa Tairseach F-gás, cuirfidh siad seoladh fisiciúil ar fáil ina bhfuil an chuideachta suite agus óna ndéanann sí a gnó. Ní dhéanfar ach gnóthas amháin a chlárú faoin seoladh fisiciúil céanna.

Chun dearbhú cuóta a chur isteach de bhun Airteagal 17(3) agus d'fhonn leithdháileadh cuóta a fháil de bhun Airteagal 17(4), agus d'fhonn luachanna tagartha a chinneadh de bhun Airteagal 17(1) chomh maith, na gnóthais uile a bhfuil an t-úinéir tairbhiúil céanna acu, measfar iad mar aon ghnóthas amháin. Beidh an gnóthas aonair sin, arb é an gnóthas a chláraítear sa chlár sa chéad áit é, mura sonraítear a mhalairt ag an úinéir tairbhiúil, agus an gnóthas sin amháin, i dteideal luacha tagartha de bhun Airteagal 17(1) agus i dteideal leithdháilte cuóta de bhun Airteagal 17(4).

*Airteagal 19*

**Réamhluchtú trealaimh le hidreafluaracarbóin**

1. Ní chuirfear trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin nó teaschaidéil atá luchtaithe le hidreafluaracarbóin ar an margadh ach amháin má chuirtear na hidreafluaracarbóin a luchtaítear isteach sa trealamh san áireamh sa chóras cuóta dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

2. Agus trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear i mír 1 á chur ar an margadh, áiritheoidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh go ndéanfar comhlíonadh mhír 1 a dhoiciméadú go hiomlán agus déanfaidh siad dearbhú comhréireachta a tharraingt suas ina leith sin.

Trí dhearbhú comhréireachta a tharraingt suas, gabhfaidh monaróirí agus allmhaireoirí freagracht orthu féin maidir leis an mír seo agus le mír 1 a chomhlíonadh.

Coimeádfaidh monaróirí agus allmhaireoirí an doiciméadacht sin agus an dearbhú comhréireachta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis an trealamh sin a chur ar an margadh agus cuirfidh siad ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún iad.

3. I gcás nár cuireadh hidreafluaracarbóin atá sa trealamh dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, áiritheoidh allmhaireoirí an trealaimh sin, faoin 30 Aibreán [*OF: Cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*] agus gach bliain ina dhiaidh sin, go ndearbhófar cruinneas na doiciméadachta agus an dearbhaithe comhréireachta agus fírinneacht a dtuarascála de bhun Airteagal 26, don bhliain féilire roimhe sin, ar leibhéal réasúnta cinnteachta ag iniúchóir neamhspleách a chláraítear sa Tairseach F-gás.

Beidh an t-iniúchóir sin:

(a) creidiúnaithe de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]; nó,

(b) creidiúnaithe chun ráitis airgeadais a fhíorú i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socraithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta dá dtagraítear i mír 2, leis an bhfíorú ag an iniúchóir neamhspleách agus le creidiúnú na bhfíoraitheoirí a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

5. Déanfaidh allmhaireoirí trealaimh dá dtagraítear i mír 1, nach bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh. Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí sainordaithe de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gnóthais a chuir níos lú ná 100 tona de choibhéis $CO_2$ de hidreafluaracarbóin ar an margadh, in aghaidh na bliana, arna choinneáil sa trealamh sa trealamh dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 20*

**An Tairseach F-gás**

1. Cuirfidh an Coimisiún córas leictreonach ar bun chun an córas cuóta a bhainistiú, allmhairithe agus onnmhairithe a cheadúnú agus le haghaidh tuairiscithe ('an Tairseach F-gás'), agus áiritheoidh sé oibriú an chéanna.

2. Áiritheoidh an Coimisiún idirnascadh an Tairsí F-gás le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam de chuid an Aontais Eorpaigh tríd an gCóras Malartaithe Deimhnithe d'Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh …/… [*tá an tagairt iomlán le cur isteach nuair a ghlacfar an Rialachán*].

3. Áiritheoidh na Ballstáit idirnascadh a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail maidir le custam leis an gCóras Malartaithe Deimhnithe d'Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam d'fhonn faisnéis a mhalartú leis an Tairseach F-gás.

4. Beidh clárú bailí ag gnóthais sa Tairseach F-gás roimh gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a allmhairiú nó a onnmhairiú, ach amháin i gcásanna stórála sealadaí agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) dearbhú a chur isteach de bhun Airteagal 17(3);

---

[44] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(b) leithdháileadh cuóta a fháil maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 17(4) nó aistriú cuóta a dhéanamh nó a fháil i gcomhréir le hAirteagal 21(1) nó údarú chun cuóta a úsáid a a fháil nó a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 21(2) nó an t-údarú sin chun cuóta a úsáid a tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 21(3);

(c) hidreafluaracarbóin a sholáthar, nó a fháil, chun na gcríoch a liostaítear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 16(2);

(d) gníomhaíochtaí a dhéanamh ar gníomhaíochtaí iad is gá a thuairisciú faoi Airteagal 26;

(e) cearta táirgthe a fháil de bhun Airteagal 14 agus aistriú agus údarú cearta táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 15 a dhéanamh nó a fháil;

(f) tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus in Airteagal 26(8) a fhíorú.

Ní bheidh an clárú bailí ach go bhfíoróidh an Coimisiún é agus beidh sé bailí chomh fada agus nach gcuirfidh an Coimisiún ar fionraí é nó nach gcúlghairfidh sé é nó nach dtarraingeoidh an gnóthas siar é.

5. Is é atá i gclárú bailí sa Tairseach F-gás tráth an allmhairithe nó an onnmhairithe ceadúnas a cheanglaítear faoi Airteagal 22.

6. Féadfaidh an Coimisiún, a mhéid is gá, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, dea-fheidhmiú na Tairsí F-gás a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

7. Beidh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis chustaim, ar an Tairseach F-gás chun cur chun feidhme na gceanglas agus na rialuithe ábhartha a chumasú. Áiritheofar go mbeidh rochtain ag údaráis chustaim ar an Tairseach F-gás trí Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam.

Áiritheoidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát rúndacht na sonraí a áirítear sa Tairseach F-gás.

8. Aon iarraidh ó allmhaireoirí agus ó tháirgeoirí ar cheartúcháin a dhéanamh ar an bhfaisnéis a thaifeadtar sa Tairseach F-gás, as a stuaim féin, maidir le haistrithe cuóta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), údaruithe chun cuóta a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 21(2) nó tarmligean údaruithe dá dtagraítear in Airteagal 21(3), déanfar é a chur in iúl, le toiliú na ngnóthas uile a bhaineann leis an idirbheart, don Choimisiún gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí faoin 31 Márta den bhliain tar éis na bliana inar thaifeadadh aistriú an chuóta nó an t-údarú chun an cuóta a úsáid agus tabharfar bunús dó le fianaise lena gcruthaítear go mbaineann sé le hearráid chléireachais.

D'ainneoin na gcoinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, iarrataí ar cheartúcháin a dhéanamh ar shonraí a bhfuil tionchar diúltach acu ar theidlíochtaí allmhaireoirí agus tairgeoirí eile nach mbaineann leis an idirbheart foluiteach, diúltófar dóibh.

*Airteagal 21*

**Cuótaí a aistriú agus údarú chun cuótaí a úsáid chun hidreafluaracarbóin i dtrealamh allmhairithe a chur ar an margadh**

1. Féadfaidh aon táirgeoir nó aon allmhaireoir ar cinneadh luach tagartha ar a shon de bhun Airteagal 17(1) a leithdháileadh cuóta a aistriú sa Tairseach F-gás ar bhonn Airteagal 17(4), faoi mar a bhaineann sé le gach cainníocht nó le haon chainníocht chuig táirgeoir nó allmhaireoir eile san Aontas nó chuig táirgeoir nó allmhaireoir eile a ndéanann ionadaí aonair dá dtagraítear in Airteagal 18(1) ionadaíocht thar a cheann san Aontas.

Ní dhéanfar cuóta aistrithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a aistriú don dara huair.

2. Aon tairgeoir nó aon allmhaireoir ar cinneadh luach tagartha ar a shon de bhun Airteagal 17(1), féadfaidh sé a údarú sa Tairseach F-gás do ghnóthas san Aontas nó do ghnóthas a ndéanann ionadaí aonair dá dtagraítear in Airteagal 19(5) ionadaíocht thar a cheann san Aontas, a chuóta iomlán nó cuid de a úsáid chun trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 a allmhairiú.

Measfar gur chuir an táirgeoir nó an t-allmhaireoir údaraithe na cainníochtaí hidreafluaracarbón faoi seach ar an margadh tráth an údaraithe.

3. Féadfaidh aon ghnóthas a fhaigheann údaruithe an t-údarú sin chun cuóta a úsáid a fuarthas i gcomhréir le mír 2 a tharmligean sa Tairseach F-gás chuig gnóthas d'fhonn trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 a allmhairiú. Ní dhéanfar údarú tarmligthe a tharmligean don dara huair.

4. Ní bheidh aistrithe cuóta, údaruithe chun cuóta a úsáid agus tarmligean údaruithe a dhéantar tríd an Tairseach F-gás bailí ach amháin má ghlacann an gnóthas leis tríd an Tairseach F-gás.

## CAIBIDIL V

## TRÁDÁIL

*Airteagal 22*

**Allmhairí agus onnmhairí**

Allmhairiú agus onnmhairiú gás ceaptha teasa fluairínithe agus táirgí agus trealaimh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, tá sé faoi réir ceadúnú bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim de bhun Airteagal 20(4), ach amháin i gcásanna stórála sealadaí.

Measfar gáis ceaptha teasa fhluairínithe a allmhairítear isteach san Aontas mar ógh-gháis.

*Airteagal 23*

**Rialuithe trádála**

1. Déanfaidh údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh na toirmisc agus na srianta eile a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le hallmhairithe agus onnmhairithe a fhorfheidhmiú.

2. Chun críche scaoilte i saorchúrsaíocht, is é an t-allmhaireoir a luaitear sa dearbhú custaim a bheidh sa ghnóthas a shealbhaíonn cuóta nó údaruithe chun cuóta a úsáid mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus a chláraítear sa Tairseach F-gás de bhun Airteagal 20.

   Chun críche allmhairithe, seachas scaoileadh i saorchúrsaíocht, is é an dearbhóir a luaitear sa dearbhú custaim a bheidh sa ghnóthas a chláraítear sa Tairseach F-gás de bhun Airteagal 20.

   Chun críche onnmhairithe, is é an dearbhóir a luaitear sa dearbhú custaim a bheidh sa ghnóthas a chláraítear sa Tairseach F-gás de bhun Airteagal 20.

3. I gcás ina n-allmhairítear gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus táirgí agus trealamh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, is é an t-allmhaireoir, nó i gcás nach bhfuil sé ar fáil, an dearbhóir, a luaitear sa dearbhú custaim nó sa dearbhú le haghaidh stórála sealadaí, agus i gcás ina n-onnmhairítear an céanna, is é an t-onnmhaireoir a luaitear sa dearbhú custaim, a chuirfidh na nithe seo a leanas ar fáil d’údaráis chustaim sa dearbhú, i gcás inarb ábhartha:

   (a) uimhir aitheantais chláraithe na Tairsí F-gas;

   (b) uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI);

   (c) glanmhais na mbulcghás agus na ngás a luchtaítear i dtáirgí agus i dtrealamh;

   (d) an cód tráchtearra faoina aicmítear na hearraí;

   (e) na tonaí de choibhéis $CO_2$ de bhulcghháis agus de gháis atá i dtáirgí agus i dtrealamh, agus i gcodanna díobh.

4. Déanfaidh údaráis chustaim a fhíorú go háirithe, i gcásanna scaoilte i saorchúrsaíocht, go bhfuil cuóta nó údaraithe chun cuóta a úsáid ag an allmhaireoir a luaitear sa dearbhú custaim, mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo sula scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht. Áiritheoidh údaráis chustaim freisin i gcásanna allmhairithe go bhfuil an t-allmhaireoir a luaitear sa dearbhú custaim, nó i gcás nach bhfuil sé ar fáil, go bhfuil an dearbhóir, agus i gcásanna onnmhairithe, go bhfuil an t-onnmhaireoir a luaitear sa dearbhú custaim, cláraithe sa Tairseach F-gás de bhun Airteagal 20.

5. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh údaráis chustaim faisnéis a bhaineann le himréiteach custaim na n-earraí in iúl don Tairseach F-gás trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam de chuid an Aontais Eorpaigh.

6. Allmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, Roinn 1, i gcoimeádáin is féidir a athlíonadh, cuirfidh siad ar fáil d’údaráis chustaim, tráth a chuirtear isteach an dearbhú custaim a bhaineann leis an

scaoileadh i saorchúrsaíocht, dearbhú comhréireachta lena n-áirítear faisnéis lena ndeimhnítear na socruithe atá i bhfeidhm maidir le filleadh an choimeádáin chun é a athlíonadh.

7. Cuirfidh allmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe ar fáil d'údaráis chustaim, tráth a chuirtear isteach an dearbhú custaim a bhaineann leis an scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(5).

8. Cuirfear an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht dá dtagraítear in Airteagal 19(2) ar fáil d'údaráis chustaim tráth a chuirtear isteach an dearbhú custaim a bhaineann leis an scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.

9. Déanfaidh údaráis chustaim comhlíonadh na rialacha maidir le hallmhairithe agus onnmhairithe a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú agus na rialuithe bunaithe ar anailís riosca á ndéanamh acu i gcomhthéacs an Chreata Bainistíochta Riosca Custaim agus i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Cuirfear i gcuntas leis an anailís riosca, go háirithe, aon fhaisnéis atá ar fáil faoin dóchúlacht gurb ann do thrádáil neamhdhleathach gás ceaptha teasa fluairínithe, agus stair chomhlíontachta an ghnóthais lena mbaineann.

10. Bunaithe ar riosca anailís, agus rialuithe custaim fisiciúla á ndéanamh acu ar na gáis agus na táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán seo, déanfaidh na húdaráis chustaim, go háirithe, na nithe seo a leanas a fhíorú maidir le hallmhairithe agus onnmhairithe:

(a) go gcomhfhreagraíonn na hearraí a chuirtear i láthair do na hearraí sin ar a dtugtar tuairisc sa cheadúnú agus sa dearbhú custaim;

(b) nach dtagann an táirge nó an trealamh a chuirtear i láthair faoi na srianta dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus (3);

(c) go ndéantar na hearraí a lipéadú go cuí i gcomhréir le hAirteagal 12 sula scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht.

Cuirfidh an t-allmhaireoir, nó i gcás nach bhfuil sé ar fáil, an dearbhóir, nó an t-onnmhaireoir, a gceadúnas ar fáil d'údaráis chustaim le linn rialuithe i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

11. Déanfaidh údaráis chustaim nó údaráis um fhaireachas margaidh na bearta uile is gá chun iarrachtaí na substaintí agus na táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán seo a allmhairiú a chosc, ar substaintí nó táirgí iad a raibh cosc orthu cheana dul isteach sa chríoch nó í a fhágáil.

12. Déanfaidh údaráis chustaim coimeádáin nach féidir a athlíonadh a choigistiú nó a urghabháil, ar coimeádáin iad a thoirmeasctar leis an Rialachán seo lena ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) 952/2013. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh freisin coimeádáin den sórt sin a tharraingt siar nó aisghairm ón margadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45].

[45] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

Maidir le substaintí eile agus táirgí eile agus trealamh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, féadfar bearta malartacha a dhéanamh chun allmhairiú neamhdhleathach, tuilleadh soláthair, nó onnmhairiú a chosc, go háirithe i gcás hidreafluaracarbóin a chuirtear ar an margadh i mbulc nó a luchtaítear i dtáirgí agus i dtrealamh de shárú ar an gcuóta agus na ceanglais údaraithe a leagtar amach sa Rialachán seo.

Tá toirmeasc ar athonnmhairiú na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh nach gcomhlíonann an Rialachán seo.

13. Ainmneoidh nó formheasfaidh údaráis chustaim na mBallstát oifigí custaim nó áiteanna eile agus sonróidh siad an bealach chun na n-oifigí nó na n-áiteanna sin, i gcomhréir le hAirteagail 135 agus 267 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, le haghaidh chur i láthair na gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na dtáirgí agus an trealaimh a liostaítear in Airteagal 19 ar theacht isteach dóibh i gcríoch chustaim an Aontais, nó ar imeacht dóibh as an gcéanna. Déanfar na hoifigí custaim nó áiteanna a fheistiú go leordhóthanach chun na rialuithe fisiciúla ábhartha atá bunaithe ar anailís riosca a dhéanamh, agus beidh siad ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le cosc na ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha leis an Rialachán seo.

Ní údarófar ach na háiteanna nó na hoifigí custaim a ainmníodh nó a formheasadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun nós imeachta idirthurais na ngás agus na dtáirgí nó an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo a oscailt nó a chríochnú.

*Airteagal 24*

**Bearta chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil neamhdhleathach**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhearta a bhunú is bearta breise orthu siúd a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le faireachán a dhéanamh ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus ar tháirgí agus trealamh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin a thagann faoi réim an nóis imeachta i ndáil le stóráil shealadach, nó i ndáil le custaim lena n-áirítear nós imeachta stórasaithe custaim nó saorchreasa nó atá ar idirthuras trí chríoch chustaim an Aontais, ar bhonn meastóireachta ar na rioscaí ionchasacha i dtaca le trádáil neamhdhleathach a bhaineann le gluaiseachtaí den sórt sin, lena n-áirítear modheolaíochtaí rianaithe le haghaidh gáis a chuirtear ar an margadh, agus na sochair don chomhshaol agus na tionchair shocheacnamaíocha a bheadh ag bearta den sórt sin á gcur san áireamh.

*Airteagal 25*

**Trádáil le stáit nó le heagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch agus críocha nach gcumhdaítear leis an bPrótacal**

1. Allmhairiú agus onnmhairiú hidreafluaracarbón agus táirgí agus trealaimh ina bhfuil hidreafluaracarbóin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin ó nó chuig aon stát nó eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch nár chomhaontaigh chun bheith faoi cheangal ag forálacha an Phrótacail is infheidhme maidir leis na gáis sin, beidh toirmeasc orthu sin amhail ón 1 Eanáir ó 2028 ar aghaidh.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha is infheidhme maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas agus le honnmhairiú táirgí agus trealaimh a allmhairítear ó agus a onnmhairítear chuig aon Stát nó eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch faoi réir mhír 1, ar táirgí agus trealamh iad a táirgeadh trí úsáid a bhaint as hidreafluaracarbóin ach nach bhfuil aon ghás iontu is féidir a shainaithint mar hidreafluaracarbóin, chomh maith leis na rialacha maidir le sainaithint táirgí agus trealaimh den sórt sin, a bhunú. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, déanfaidh an Coimisiún na cinntí ábhartha a rinne na Páirtithe sa Phrótacal agus, a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le sainaithint táirgí agus trealaimh den sórt sin, an chomhairle thréimhsiúil theicniúil a tugadh do na Páirtithe sa Phrótacal a chur san áireamh.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar trádáil le haon stát nó eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch faoi réir mhír 1, ar trádáil í i hidreafluaracarbóin agus trealamh ina bhfuil hidreafluaracarbóin nó a bhfuil a fheidhmíocht ag brath ar na gáis sin nó a tháirgtear trí úsáid a bhaint as substaint amháin nó níos mó den sórt sin, a údarú ag an gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a mhéid a chinntear ag cruinniú de na Páirtithe sa Phrótacal de bhun Airteagal 4(8) den Phrótacal go bhfuil an Prótacal ina iomláine comhlíonta ag an stát nó ag an eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch agus go bhfuil sonraí curtha isteach aige chuige sin, de réir mar a shonraítear in Airteagal 7 den Phrótacal. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

4. Faoi réir aon chinnidh arna ghlacadh faoi mhír 2, beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon chríoch nach gcumhdaítear leis an bPrótacal ar an gcaoi chéanna a bhfuil feidhm aici maidir le haon stát nó le haon eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch faoi réir mhír 1.

5. Más rud é go bhfuil an Prótacal á chomhlíonadh ina iomláine ag údaráis críche nach gcumhdaítear leis an bPrótacal agus más rud é go bhfuil sonraí chuige sin curtha isteach acu, de réir mar a shonraítear in Airteagal 7 den Phrótacal, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, nach mbeidh feidhm ag forálacha uile mhír 1 den Airteagal seo nó ag cuid díobh maidir leis an gcríoch sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

## CAIBIDIL VI

## SONRAÍ ASTAÍOCHTAÍ A THUAIRISCIÚ AGUS A BHAILIÚ

*Airteagal 26*

### Tuairisciú ag gnóthais

1. Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach táirgeoir, allmhaireoir

agus onnmhaireoir a tháirg, a d'allmhairigh nó a d'onnmhairigh hidreafluaracarbóin nó cainníochtaí a sháraíonn tona méadrach amháin nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le gach gnóthas a fhaigheann cuóta de bhun Airteagal 21(1).

Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach allmhaireoir nó onnmhaireoir ar leithdháileadh cuóta orthu de bhun Airteagal 17(4), nó a fuair cuótaí de bhun Airteagal 21(1) ach nár chuir aon chainníochtaí hidreafluaracarbón ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún trí 'thuarascáil nialais' a chur isteach.

2. Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a scrios hidreafluaracarbóin nó cainníochtaí a sháraíonn tona méadrach amháin nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin.

3. Faoin 31 Márta [[*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], déanfaidh gach gnóthas a d'úsáid 1 000 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I mar bhunábhar le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin.

4. Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], déanfaidh gach gnóthas a chuir 100 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de hidreafluaracarbóin, nó 500 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile, i dtáirgí nó i dtrealamh, ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin.

5. Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a fuair aon chainníochtaí hidreafluaracarbón dá dtagraítear in Airteagal 16(2) a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin.

Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach táirgeoir nó allmhaireoir a chuir hidreafluaracarbóin ar an margadh chun análóirí dáileoige méadraithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sholáthar a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX. Déanfaidh monaróirí na n-análóirí dáileoige méadraithe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir leis na hidreafluaracarbóin a fuarthas.

6. Faoin 31 Márta [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a d'athshlánaigh

cainníochtaí a sháraíonn 1 tona méadrach nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin.

7. Faoin 30 Aibreán [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], déanfaidh gach allmhaireoir trealaimh a chuir trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 ar an margadh ina raibh 1 000 tona ar a laghad de choibhéis $CO_2$ de hidreafluaracarbóin, agus i gcás nár cuireadh na hidreafluaracarbóin sin ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, tuarascáil fíoraithe a eisíodh de bhun Airteagal 19(3) a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

8. Faoin 30 Aibreán [*OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm*], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a thuairiscíonn faoi mhír 1 1 000 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin, ina theannta sin, a áirithiú go ndéanfar fírinneacht a thuarascála a chinntiú, ar leibhéal réasúnta cinnteachta, ag iniúchóir neamhspleách. Beidh an t-iniúchóir cláraithe sa Tairseach F-gás agus beidh sé:

(a) creidiúnaithe de bhun Treoir 2003/87/CE; nó

(b) creidiúnaithe chun ráitis airgeadais a fhíorú i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann.

Déanfar idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointe (c), a fhíorú gan beann ar na cainníochtaí atá i gceist.

Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ghnóthas a áirithiú go ndéanfar fírinneacht a thuarascála a chinntiú ar leibhéal réasúnta cinnteachta, ag iniúchóir neamhspleách, gan beann ar na cainníochtaí atá i gceist, i gcás inar gá chun a chomhlíontacht leis na rialacha faoin Rialachán seo a chinntiú.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraí an fhíoraithe tuarascálacha agus an chreidiúnaithe fíoraitheoirí a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

9. Déanfar an tuairisciú agus an fíorú uile dá dtagraítear san Airteagal seo tríd an Tairseach F-gás.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhormáid ina gcuirfear isteach na tuarascálacha dá dtagraítear san Airteagal seo a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

*Airteagal 27*

**Sonraí astaíochtaí a bhailiú**

Cuirfidh na Ballstáit córais tuairiscithe ar bun maidir leis na hearnálacha ábhartha dá dtagraítear sa Rialachán seo, arb é is aidhm dóibh sonraí astaíochtaí a fháil.

Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, taifeadadh na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 7 a éascú trí chóras leictreonach láraithe.

## CAIBIDIL VII

## FORFHEIDHMIÚ

*Airteagal 28*

**Comhar agus malartú faisnéise**

1. Údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis chustaim, údaráis um fhaireachas margaidh, údaráis chomhshaoil agus údaráis eile a bhfuil feidhmeanna cigireachta acu, comhoibreoidh siad lena chéile, le húdaráis inniúla Ballstát eile, leis an gCoimisiún, agus más gá, le húdaráis riaracháin tríú tíortha d'fhonn comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú.

   I gcás ina bhfuil gá le comhar le húdaráis chustaim chun cur chun feidhme cuí an chreata bainistíochta riosca custaim a áirithiú, cuirfidh údaráis inniúla an fhaisnéis uile is gá ar fáil do lucht custaim i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) 952/2013.

2. I gcás inar bhraith údaráis chustaim, údaráis um fhaireachas margaidh nó aon údarás inniúil eile de chuid Ballstáit sárú ar an Rialachán seo, tabharfaidh an t-údarás inniúil sin fógra don údarás comhshaoil nó murar ábhartha é d'aon údarás eile atá freagrach as forfheidhmiú na bpionós i gcomhréir le hAirteagal 31.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil a n-údaráis inniúla in ann rochtain a bheith acu go héifeachtúil ar aon fhaisnéis is gá le haghaidh fhorfheidhmiú an Rialacháin seo, agus gur féidir leo an fhaisnéis sin a mhalartú eatarthu go héifeachtúil. Áireofar i bhfaisnéis den sórt sin sonraí a bhaineann le custam, faisnéis faoi úinéireacht agus stádas airgeadais, aon sárú comhshaoil, chomh maith le sonraí a thaifeadtar sa Tairseach F-gás.

   Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil freisin d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún nuair is gá leis chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a áirithiú. Tabharfaidh údaráis inniúla fógra don Choimisiún láithreach faoi sháruithe ar Airteagal 16(1).

4. Déanfaidh údaráis inniúla údaráis inniúla na mBallstát eile a chur ar an eolas nuair a bhraitheann siad sárú ar an Rialachán seo ar féidir tionchar a bheith aige ar níos mó ná Ballstát amháin. Déanfaidh údaráis inniúla, go háirithe, údaráis inniúla na

mBallstát eile a chur ar an eolas nuair a bhraitheann siad táirge ábhartha ar an margadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo, chun a chumasú go ndéanfar é a urghabháil, a choigistiú, a aistarraingt nó a aisghairm ón margadh lena dhiúscairt.

Úsáidfear an Córas Bainistíochta Riosca Custaim chun faisnéis chustaim a bhaineann le riosca a mhalartú.

Déanfaidh údaráis chustaim aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo a mhalartú freisin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] agus déanfaidh siad cúnamh a iarraidh ar Bhallstáit eile agus ar an gCoimisiún i gcás inarb ábhartha.

*Airteagal 29*

**Oibleagáid chun seiceálacha a dhéanamh**

1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha chun a shuíomh an gcomhlíonann gnóthais a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo.

2. Déanfar na seiceálacha de réir cur chuige rioscabhunaithe, lena gcuirtear san áireamh, go háirithe, stair chomhlíontachta na ngnóthas, an riosca neamhchomhlíontachta de tháirge ar leith laistigh den Rialachán seo, agus aon fhaisnéis ábhartha eile a fuarthas ón gCoimisiún, ó údaráis chustaim náisiúnta, ó údaráis um fhaireachas margaidh agus ó údaráis chomhshaoil nó ó údaráis inniúla tríú tíortha.

Déanfaidh údaráis inniúla seiceálacha freisin nuair atá siad i seilbh fianaise nó faisnéise ábhartha eile, lena n-áirítear fianaise agus faisnéis atá bunaithe ar ábhair imní a bhfuil bunús leo, arna gcur ar fáil ag tríú páirtithe, lena mbaineann neamh-comhlíontacht fhéideartha an Rialacháin seo.

Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát freisin na seiceálacha a mheasfaidh an Coimisiún a bheith riachtanach chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú.

3. Seiceálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, áireofar leo cuairteanna ar an láthair ar bhunaíochtaí a mhinice is iomchuí agus fíorú doiciméadachta agus trealaimh ábhartha.

Déanfar seiceálacha gan rabhadh roimh ré a thabhairt don ghnóthas, ach amháin i gcás inar gá leis d'fhonn éifeachtacht na seiceálacha a áirithiú. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gnóthais gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun na húdaráis sin a chumasú chun na seiceálacha dá bhforáiltear leis an Airteagal seo a dhéanamh.

4. Coimeádfaidh na húdaráis inniúla taifid ar na seiceálacha á léiriú iontu, go háirithe, cineál agus torthaí na seiceálacha, mar aon leis na bearta a rinneadh i gcás

[46] Rialachán(CE) Uimh. 515/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

neamhchomhlíontachta. Déanfar taifid ar gach seiceáil a choinneáil ar feadh 5 bliana ar a laghad.

5. Ar iarraidh a fháil ó Bhallstát eile, féadfaidh Ballstát seiceálacha a dhéanamh ar ghnóthais a bhfuil amhras ann fúthu go bhfuil siad ag gabháil do ghluaiseacht neamhdhleathach na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus ar gnóthais iad a oibríonn ar chríoch an Bhallstáit sin. Cuirfear an Ballstát iarrthach ar an eolas faoi thoradh na seiceála.

6. Le linn na gcúraimí a shanntar dó faoin Rialachán seo a chomhall, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile is gá a iarraidh ó údaráis inniúla na mBallstát agus ó ghnóthais. Nuair atá faisnéis á hiarraidh ar ghnóthas aige, déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna, cóip den iarraidh a chur chuig údarás inniúil an Bhallstáit ar laistigh dá chríoch atá ceanncheathrú an ghnóthais suite.

7. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun go ndéanfar malartú faisnéise leormhaith agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún a chur chun cinn. Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise arna fáil faoin Airteagal seo a chosaint.

*Airteagal 30*

**Sáruithe a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú**

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a thuairisciú agus na daoine a thuairiscíonn na sáruithe sin a chosaint.

**CAIBIDIL VIII**

**PIONÓIS, FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN, NÓS IMEACHTA COISTE, AGUS TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ**

*Airteagal 31*

**Pionóis**

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra, faoin 1 Eanáir [*OF: cuir isteach an bhliain = 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], don Choimisiún faoi na rialacha sin agus faoi na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a fhoráil go dtabharfar cumhacht d'údaráis inniúla chun pionóis riaracháin iomchuí a fhorchur agus chun bearta riaracháin eile a dhéanamh i ndáil leis na sáruithe sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leibhéal agus cineál na bpionós iomchuí agus comhréireach agus go gcuirtear san áireamh na critéir seo a leanas ar a laghad nuair a chuirtear na pionóis i bhfeidhm:

(a) nádúr agus tromchúis an tsáraithe;

(b) cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(c) aon sárú roimhe sin ar an Rialachán seo ag an ngnóthas atá freagrach as;

(d) staid airgeadais an ghnóthais atá freagrach;

(e) na tairbhí eacnamaíocha atá le díorthú, nó a bhfuil coinne leo go ndíorthófar iad, ón sárú.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil a n-údaráis inniúla in ann na pionóis seo a leanas ar a laghad a fhorfheidhmiú i gcás sáruithe ar an Rialachán seo:

(a) fíneálacha;

(b) earraí a fuarthas go neamhdhleathach nó ioncaim a fuarthas ag an gnóthas ón sárú a urghabháil nó a choigistiú;

(c) an t-údarú chun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a dhéanamh a chur ar fionraí nó a chúlghairm.

5. I gcásanna gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó táirgí agus trealamh ina bhfuil na gais sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a thairgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh nó a úsáid go neamhdhleathach, tabharfaidh na Ballstáit aird ar fhíneálacha riaracháin uasta de chúig oiread ar a laghad de mhargadhluach na ngás lena mbaineann nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. I gcás sárú a dhéantar athuair laistigh de thréimhse 5 bliana, tabharfaidh na Ballstáit aird ar fhíneálacha riaracháin uasta d'ocht oiread ar a laghad de luach na ngás nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann.

I gcás sáruithe ar Airteagal 4(1), léireofar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an aeráid tríd an bpraghas carbóin a chur san áireamh i gcinneadh na fíneála riaracháin.

6. De bhreis ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1, i gcás gnóthais a sháraigh a gcuóta maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh, a leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 17(4) nó a aistríodh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 21(1), ní leithdháilfear ach leithdháileadh cuóta laghdaithe dóibh le haghaidh tréimhse leithdháilte tar éis an sárú sin a bhrath.

200 % den mhéid a sáraíodh an cuóta a bheidh i méid an laghdaithe. Má tá méid an laghdaithe níos airde ná an méid a leithdháilfear i gcomhréir le hAirteagal 17(4) mar

chuóta le haghaidh tréimhse leithdháilte tar éis an sárú a bhrath, ní leithdháilfear aon chuóta don tréimhse leithdháilte sin agus laghdófar an cuóta do na tréimhsí leithdháilte ina dhiaidh sin amhlaidh go dtí go n-asbhainfear an méid iomlán. Déanfar an laghdú/na laghduithe a thaifeadadh sa Tairseach F-gás.

*Airteagal 32*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), Airteagail 17(6), Airteagal 24, Airteagal 25(2) agus Airteagal 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama [*ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), Airteagal 17(6), Airteagal 24, Airteagal 25(2) agus Airteagal 35 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(8), Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), Airteagal 17(6), Airteagal 24, Airteagal 25(2) agus Airteagal 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 33*

**Fóram Comhairliúcháin**

Bunóidh an Coimisiún Fóram Comhairliúcháin chun comhairle agus saineolas a chur ar fáil maidir le chur chun feidhme an Rialacháin seo. Is é an Coimisiún a bhunóidh rialacha nós imeachta an Fhóraim Comhairliúcháin agus foilseofar iad.

*Airteagal 34*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## CAIBIDIL IX

## FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 35*

**Athbhreithniú**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinní I, II, III agus VI a leasú a mhéid a bhaineann le hacmhainn téimh dhomhanda na ngás liostaithe, i gcás inar gá i bhfianaise Tuarascálacha Measúnaithe nua arna nglacadh ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide nó tuarascálacha nua ó Phainéal Measúnaithe Eolaíoch (PME) Phrótacal Montréal.

Faoin 1 Eanáir 2033, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 36*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014.

Déanfar tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn X.

*Airteagal 37*

**Leasú ar Threoir (AE) 2019/1937**

I gCuid I, Roinn E, pointe 2, den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) Uimh. 2019/1937, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

Rialachán (AE) Uimh. [*OF: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo*] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 [*OF: cuir isteach an tagairt don Iris Oifigiúil a ghabhann leis an Rialachán seo*]'.

*Airteagal 38*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir [*OF: Cuir isteach an bhliain tar éis bhliain theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], ar aghaidh.

Beidh feidhm ag Airteagal 20(2), Airteagal 20(3) agus Airteagal 23(5) ón:

(a) [[1 Márta 2023] dáta = an dáta cur i bhfeidhm a shonraítear i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam de chuid an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 san Iarscríbhinn maidir leis an gcuid lena mbaineann gáis ceaptha teasa fhluairínithe] ar aghaidh maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht dá dtagraítear in Airteagal 201 de Rialachán (AE) 952/2013;

(b) [[1 Márta 2025] dáta = an dáta cur i bhfeidhm a shonraítear i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam de chuid an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 san Iarscríbhinn maidir leis an gcuid lena mbaineann gáis ceaptha teasa fhluairínithe] ar aghaidh maidir le nósanna imeachta allmhairiúcháin seachas an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a), agus maidir le honnmhairiúchán.

Beidh feidhm ag Airteagal 17(5) ó *[OF: Cuir isteach an* bhliain *tar éis bhliain theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### Clár


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 48

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 48

*1.2.* Réimsí beartais lena mbaineann ..... 48

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 48

1.4. Cuspóirí ..... 48

1.4.1. Cuspóirí ginearálta ..... 48

1.4.2. Cuspóirí sonracha (athbhreithnithe) ..... 48

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ..... 49

1.4.4. Táscairí feidhmíochta ..... 49

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 50

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh50

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ..... 52

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 52

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 53

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 53

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ..... 54

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ..... 54

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 55

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 55

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ..... 55

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe55

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 55

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ..... 55

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 56

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 57

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar ..... 57

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 58

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 58

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 60

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 62

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 65

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 65

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 66

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Ceannteideal 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

Teideal 9 – An Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[47]

✓ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

[47] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Cuspóirí

### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Tá sé de chuspóir ginearálta ag Rialachán an Aontais maidir le F-gáis an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Astaíochtaí F-gás a chosc, agus ar an mbealach sin rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais;

– Comhlíontacht a áirithiú maidir le hoibleagáidí a bhaineann le hidreafluaracarbóin (HFCanna) faoi *Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin*.

### *1.4.2. Cuspóirí sonracha (athbhreithnithe)*

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha atá ag an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe (an Rialachán maidir le F-gháis):

– Laghduithe breise ar astaíochtaí F-gás a bhaint amach chun rannchuidiú níos mó leis an sprioc mar atá lúide 55 % a bhaint amach faoi 2030 agus le neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050.

– Rialacha an Aontais maidir le F-gáis a ailíniú go hiomlán le Prótacal Montréal chun neamhchomhlíontacht a chosc.

– Cur chun feidhme agus forfheidhmiú feabhsaithe a éascú, feidhmiú an chórais cuótaí agus oiliúint maidir le roghanna ar F-gáis.

– Feabhas a chur ar fhaireachán agus ar thuairisciú chun na bearnaí atá ann cheana a líonadh agus chun cáilíocht na bpróiseas agus cáilíocht na sonraí maidir le comhlíontacht a fheabhsú.

– Feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar chomhleanúnachas inmheánach chun tacú leis na rialacha a thuiscint agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.

### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuspóir sonrach athbhreithnithe A:

Astaíochtaí a laghdú, ar bhonn carnach, faoi thart ar 40 milliún tona de choibhéis $CO_2$ faoi 2030 agus faoi thart ar 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ faoi 2050, sa bhreis ar na laghduithe sin a bhfuil súil leo cheana leis an Rialachán maidir le F-gáis atá i bhfeidhm faoi láthair. De thoradh na n-athruithe atá beartaithe, laghdófar costais ar an iomlán agus i gcuid mhór fo-earnálacha den gheilleagar, agus cuirfidh siad

GA GA

nuálaíocht agus teicneolaíochtaí glasa chun cinn, agus is iad na tairbhí a bhainfidh roinnt earnálacha astu tuilleadh aschuir, taighde agus fostaíochta san fhadtéarma.

Cuspóir sonrach athbhreithnithe B:

Comhlíonadh iomlán Phrótacal Montréal a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí a bhaineann le hidreafluaracarbóin.

Cuspóir sonrach athbhreithnithe C:

Laghdófar gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, go háirithe mar gheall ar rialacha níos beaichte i ndáil le hidreafluaracarbón a allmhairiú agus mar gheall ar an aistriú a bheidh ann ón leithdháileadh cuótaí saor in aisce go dtí praghas a éileamh le haghaidh an chuóta arna leithdháileadh (EUR 3 in aghaidh an tona de choibhéis $CO_2$). Is é an toradh a bheidh ar chuid de na bearta nua méadú áirithe ar an ualach riaracháin ar an tionscal agus ar na húdaráis sna Ballstáit. Thairis sin, le praghas ar chuótaí a chur chun feidhme, laghdófar an tairbhe a bhaineann sealbhóirí cuótaí as difríocht sa phraghas ar hidreafluaracarbóin idir an tAontas agus an margadh domhanda. Le praghas ar chuótaí a chur chun feidhme, méadófar go mór an t-ualach ar an gCoimisiún de bhreis ar na mór-iarrachtaí a dhéantar cheana chun an córas cuótaí a óstáil, a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus a oibriú agus chun ceanglais cheadúnúcháin Phrótacal Montréal a chur chun feidhme maidir le F-gáis agus substaintí ídithe ózóin araon.

Cuspóir sonrach athbhreithnithe D:

Beidh an faireachán níos cuimsithí, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus bagairtí a bheidh ann amach anseo a shainaithint. Beidh sé níos éifeachtúla freisin trí thairseacha agus dátaí maidir le hoibleagáidí tuairiscithe agus fíoraithe a ailíniú, chomh maith leis an bpróiseas a dhigitiú.

Cuspóir sonrach athbhreithnithe E:

Comhlíonadh níos fearr an Rialacháin agus sineirgí le beartais eile.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Cuspóir A: Comparáid a dhéanamh idir an leibhéal astaíochtaí atá múnlaithe le haghaidh 2030 agus na hastaíochtaí iarbhír mar a thuairiscítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013;

Cuspóir B: Aon chinneadh ó Choiste Cur Chun Feidhme Phrótacal Montréal a sheachaint maidir le rialacha Phrótacal Montréal maidir le hidreafluaracarbóin a bheith á gcomhlíonadh ag an Aontas agus a Bhallstáit;

Cuspóir C: Sonraí arna mbailiú maidir le feidhmiú an chórais cuótaí mar aon le haiseolas ón tionscadal agus ó na Ballstáit, lena n-áirítear an leibhéal gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhraitear a bheith acu;

Cuspóir D: Aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit maidir leis an bpróiseas tuairiscithe agus taithí maidir le seiceáil comhlíontachta;

Cuspóir E: Aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit maidir leis an tsoiléireacht agus an comhleanúnachas le beartais eile a bhraitear a bheith ann.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

In 2021, mhéadaigh an tAontas a uaillmhian i leith na haeráide le Rialachán (AE) 2021/1119 (an ***Dlí Aeráide Eorpach***). Leis an dlí sin, leagtar síos sprioc ceangailteach maidir le glanlaghdú foriomlán gás ceaptha teasa (GCT) de 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus maidir le haeráidneodracht faoi 2050. Tá an dlí bunaithe ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2030[48] lena gcuirtear i dtábhacht go bhfuil gá le gníomhaíocht ar son na haeráide i ngach earnáil agus **nach mór gach ionstraim beartais atá ábhartha maidir leis an ngeilleagar a dhícharbónú a fheidhmiú i gcomhleanúnachas dá chéile**. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na spriocanna ceangailteacha bliantúla maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh na mBallstát a mhéadú ó 2021 go 2030 i gcás earnálacha nach gcumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais atá ann cheana sa togra uaidh chun Rialachán (AE) 2018/842 (an ***Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill***) a leasú.**[49]**

Is gáis ceaptha teasa a mbaineann roinnt téimh leo iad astaíochtaí F-gás a áirítear faoi na spriocanna náisiúnta astaíochtaí GCT le haghaidh na mBallstát. Sa lá atá inniu ann, gineann F-gáis nach mór 5 % d'astaíochtaí GCT a chumhdaítear lena spriocanna. Leis an Rialachán maidir le F-gáis atá beartaithe, **tacófar níos mó leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh a spriocanna náisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach** ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir. Tá an cur chuige céanna á leanúint ag an Rialachán atá beartaithe agus atá ag an Rialachán atá ann faoi láthair toisc go meastar go ginearálta go bhfuil sé éifeachtach go leor. Fós féin, ba dheis chaillte é gan leas a bhaint as acmhainneacht neamhúsáidte chun astaíochtaí F-gás a laghdú tuilleadh ar chostais mheasartha. Is gá a áirithiú freisin go gcomhlíonfar go hiomlán Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal, a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir le F-gáis atá i bhfeidhm faoi láthair. Ar deireadh, is gá a áirithiú gur féidir an Rialachán a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

[48] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Stepping up Europe's 2030 Climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our future* [Uaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a ghéarú. Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leasa ár ndaoine], COM(2020) 562 final.

[49] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, COM(2021) 555 final

Tá an Rialachán **infheidhme go díreach i ngach Ballstát** agus ceanglófar leis ar na Ballstáit cláir oiliúna agus deimhniúcháin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme leasaithe laistigh de bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin. Beidh ar na Ballstáit a bpionóis a ghabhann le sáruithe ar an Rialachán maidir le F-gáis a choigeartú freisin laistigh de bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin. Sa Rialachán athbhreithnithe, soiléirítear na hoibleagáidí atá ar údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis chustaim agus faireachais chun feabhas a chur ar rialuithe agus ar fhorfheidhmiú.

Ní mór don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) a huirlis tuairiscithe le haghaidh gnóthais a thuairiscíonn F-gáis a oiriúnú de bheagán, de thoradh athruithe ar na ceanglais tuairiscithe.

Ní mór don **Choimisiún** a áirithiú go leanfar den chóras cuótaí agus ceadúniúcháin trádála maidir le hidreafluaracarbóin a chur chun feidhme go hiomlán, córas lena gcumhdaítear thart ar 5000 gnóthas faoi láthair. Má ghlactar leis go mbeidh feidhm ag an Rialachán atá beartaithe ó 2024 amach, ní mór don Choimisiún an méid seo a leanas a áirithiú:

**2023 - 2024:**

– Óstáil, oibriú agus cothabháil leanúnach a dhéanamh ar Thairseach F-gás agus ar Chóras Ceadúnúcháin HFC agus ar fhorbairtí a bhaineann le malartuithe sonraí idir Tairseach F-gás agus Córas Ceadúnúcháin HFC agus córais TF chustaim na mBallstát trí Chóras Malartaithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam de chuid AS TAXUD, ar comhpháirt lárnach é de Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim mar aon le bearta iomchuí slándála sonraí.

– A fháil amach céard iad na hidirnaisc leis an modúl tuairiscithe arna óstáil ag EEA agus tuilleadh forbartha de réir mar is gá mar gheall ar an athbhreithniú, go háirithe an modúl fíorúcháin leictreon.

– Forbairtí TF ar Thairseach F-gás agus ar Chóras Ceadúnúcháin HFC a ullmhú chun an córas TF atá ann faoi láthair a chomhlánú le feidhmeanna nua chun na hathruithe atá beartaithe a chur chun feidhme más rud é go mbeidh an Rialachán atá beartaithe agus an reachtaíocht thánaisteach, go háirithe an próiseas íocaíochta cuótaí agus feabhas a chur ar na naisc leis an Rialachán maidir le Substaintí Ídithe Ózóin.

– Iarrachtaí oibríochtúla agus riaracháin a bhaineann le hathruithe ar leithdháileadh cuótaí agus ar cheanglais chlárúcháin a ullmhú, lena n-áirítear bailiú ioncaim.

– Na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh.

– **2025:**

– Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Thairseach F-gás agus ar Chóras Ceadúnúcháin HFC agus teacht i bhfeidhm na bhfeidhmiúlachtaí nua.

– Modúl nua fíoraithe a chur i bhfeidhm agus a thosú.

– Cúraimí a bhaineann le malartuithe sonraí le Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim agus le modúl tuairiscithe EEA a leanúint.

– An leithdháileadh nua cuótaí atá beartaithe agus an próiseas chun an t-ioncam a bhailiú a ullmhú agus a chur chun feidhme.

– **2026 – agus ar aghaidh:**

– Córas cuótaí HFC athbhreithnithe agus Tairseach F-gás agus Córas Ceadúnúcháin HFC a chur chun feidhme ina n-iomláine.

– Cothabháil TF Thairseach F-gás agus an Chórais Ceadúnaithe HFC.

– Tá gá le leibhéal leordhóthanach cobhsaí acmhainní chun cur chun feidhme agus feidhmiú cuí na gcóras a áirithiú, ar córais iad is gá chun comhlíonadh iomlán Phrótacal Montréal a áirithiú.

De bhrí go bhfuil sealbhóirí cuótaí ag baint tairbhe as an gcuóta a leithdháileadh orthu, dealraíonn sé gurb iomchuí an t-ioncam a thagann as an bpraghas cuóta, a luaithe a bheidh sé ar fáil, a úsáid chun na costais a bhaineann le cur chun feidhme an chórais a chumhdach. Thairis sin, mar gheall ar cheanglais Phrótacal Montréal maidir le hidreafluaracarbóin agus substaintí ídithe ózóin araon, naisc riachtanacha chuig Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim agus forfheidhmiú níos fearr a éascú, tá sé beartaithe go n-úsáidfear an t-ioncam ó dhíol cuótaí chun costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí riachtanacha sin a chumhdach. Tá sé beartaithe an t-ioncam iarmharach a chur ar ais chuig Buiséad an Aontais mar ioncam neamhshannta. Go dtí go nginfear ioncam mar gheall ar leithdháileadh cuóta, is ar an gCoimisiún a bheidh sé na costais cur chun feidhme a íoc.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Baineann na bearta sa Rialachán le táirgí agus le trealamh a thrádáiltear i margadh aonair an Aontais. Baineann na bearta freisin leis an ngá atá le hoibleagáidí Phrótacal Montréal a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais. Ní hamháin gurb é an rud is éifeachtaí na bearta sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach ní bheadh sé geall le hindéanta comhlíonadh Phrótacal Montréal a chosaint trí 27 gcinn de rialacha náisiúnta agus de chórais cheadúnaithe trádála. Deimhnítear an méid sin go hiomlán sa mheastóireacht (Iarscríbhinn 5 den mheasúnú tionchair).

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Glacadh an Rialachán maidir le F-gáis atá i bhfeidhm faoi láthair in 2014 agus cuireann sé leis an gcéad Rialachán maidir le F-gáis ó 2006. Léirítear sa mheastóireacht ar an Rialachán maidir le F-gáis atá i bhfeidhm faoi láthair go raibh sé éifeachtach den chuid is mó.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu *(féach na cuspóirí sonracha athbhreithnithe thuas)*. Leis an togra, dírítear ar na saincheisteanna sin le bearta éagsúla atá bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh.

A mhéid a bhaineann leis an gcóras cuótaí agus ceadúnúcháin a chur chun feidhme, tá baol ann do shláine chomhshaoil, d'iomaíochas fíorthrádálaithe agus do chlú an Aontais mar gheall ar dhúshláin forfheidhmithe agus leibhéal míshásúil allmhairiú neamhdhleathach. Thairis sin, rinneadh na hiarrachtaí riaracháin a bhí de dhíth ar an gCoimisiún chun an Rialachán atá ann faoi láthair a chur chun feidhme a ghannmheas go mór ar na cúiseanna seo a leanas:

– Bhí méadú géar gan choinne ar shealbhóirí cuótaí (ó 100 go thart ar 2000 allmhaireoir hidreafluaracarbón).

– Áiríodh allmhaireoirí trealaimh ina bhfuil hidreafluaracarbóin le linn an nós imeachta comhchinnteoireachta (3000 gnóthas breise).

– Theastaigh a lán gníomhaíochtaí de dheasca allmhairiú neamhdhleathach, lena n-áirítear obair chuimsitheach chun ullmhú le haghaidh naisc leis Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim.

– An gá leanúnach slándáil TF a neartú.

Go dtí seo, rinne an Coimisiún acmhainní a athúsáid agus bhí sé ag brath ar sholáthar seirbhísí ón margadh. Ní réiteach inbhuanaithe fadtéarmach é sin, áfach, ós rud é go bhfuil bearta nua sa togra seo ag éileamh níos mó acmhainní le haghaidh cur chun feidhme ag an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Leis an togra, ní éileofar acmhainní breise ar bhuiséad an Aontais. Os a choinne sin, a luaithe a bheidh an praghas cuóta á bhailiú, tosóidh an córas cuótaí ag giniúint ioncam bliantúil ó chuótaí a dhíol a bheidh, den chuid is mó, níos mó ná na méideanna is gá chun na costais uile a bhaineann le hoibriú, cothabháil agus forbairt na nithe seo a leanas a chumhdach: an córas cuótaí le haghaidh hidreafluaracarbón, an ceadúnúchán trádála a cheanglaítear le Prótacal Montréal agus na naisc is gá le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim.

Tar éis na costais TF agus riaracháin sin a chumhdach, iontráilfear an t-ioncam iarmharach substaintiúil i mBuiséad an Aontais mar ioncam neamhshannta.

Tá an t-**uasioncam** ó chuóta a dhíol (EUR 3 in aghaidh an tona de choibhéis $CO_2$) á laghdú de réir a chéile ó EUR 125 milliún in 2024 go dtí EUR 20 milliún in 2036, féach an tábla i roinn 3.3.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Go dtí go mbeidh ioncam ar fáil mar gheall ar chuótaí a dhíol, tá sé beartaithe go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag áirithiú go gcuirfear córas cuótaí HFC agus na

córais cheadúnúcháin trádála maidir le HFCanna agus substaintí ídithe ózóin a cheanglaítear faoi Phrótacal Montréal chun feidhme trí acmhainní a athúsáid. A luaithe a bheidh an t-ioncam ar fáil, maoineofar cuid de na cúraimí atá ábhartha maidir leis an gcur chun feidhme trí chuótaí a dhíol leis na gnóthais a úsáideann agus atá ag baint tairbhe as an gcóras.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

✓ **tréimhse neamhtheoranta**

✓ Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2023 go 2025,

✓ agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[50]

✓ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ✓ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

---

50 Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Barúlacha

| |
|---|
| Maidir leis an tuairisciú a cheanglaítear in Airteagal 26 den togra, cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an cur chun feidhme a dhéanamh. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Tugtar tuairisc ar na rialacha maidir le faireachán agus meastóireacht in Airteagail 26 agus 34 den Rialachán maidir le F-gáis atá beartaithe.

Leanfaidh an Coimisiún freisin d’fhaireachán agus de mheastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le F-gáis, lena gceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe tuarascáil bhliantúil maidir lena ngníomhaíochtaí faoi thairseacha áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Leanfaidh EEA de bheith ag stiúradh an Stór Sonraí Gnó (BDR) trína gcuirtear tuarascálacha an dá chuideachta faoi bhráid an Choimisiúin agus trína ndéantar tuairisciú Montréal ar leibhéal an Aontais.

Ar deireadh, déanann an Coimisiún staidéir go tráthrialta ar ghnéithe ábhartha éagsúla de bheartas aeráide an Aontais.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Chun an togra seo a chur chun feidhme, beidh gá le hacmhainní daonna a athúsáid laistigh den Choimisiún (le haghaidh na céime ullmhúcháin 2023-2025), ach tar éis an leithdháileadh nua cuótaí atá beartaithe, an próiseas bailithe ioncaim, an bailiú ioncaim, agus cúraimí gaolmhara eile a d’fhéadfadh a bheith ann ar fad a chur chun feidhme, ba cheart na hacmhainní is gá chun na costais bhainistíochta a chumhdach a mhaoiniú leis na hioncaim. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Deacrachtaí le huasghrádú tráthúil na gcóras TF. |

Ón taithí a fuarthas le linn fhorbairt agus oibríochtaí na Tairsí F-gás agus Chóras Ceadúnúcháin HFC atá ann faoi láthair, is féidir a bheith ag súil go mbeidh forbairt thráthúil bhreise ar an gcóras, lena n-áirítear an córas bailithe ioncaim a bhunú, ina fhachtóir ríthábhachtach chun coigeartú a dhéanamh go rathúil.

A mhéid is féidir, ba cheart a bheartú go seachfhoinseofar an bailiú ioncaim agus na cúraimí gaolmhara chun rioscaí a íoslaghdú.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag áirithiú go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt Thairseach F-gás agus Chóras Ceadúnúcháin HFC i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil agus le costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú Thairseach F-gás agus Chóras Ceadúnúcháin HFC, lena n-áirítear é a chomhtháthú i Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim, i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Ní eascraíonn rialuithe/rioscaí suntasacha nua nach gcumhdófaí faoi chreat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana mar gheall ar an togra seo. Níor beartaíodh aon bheart eile seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Beidh feidhm ag straitéis AS CLIMA maidir le calaois a chosc agus a bhrath.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte[1] | ó thíortha de chuid CSTE[2] | ó thíortha is iarrthóirí[3] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 09 01 01 01 | Neamhdhifreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3 | 09 02 03 | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 06 01 | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 06 02 | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: Neamhbhainteach

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

| AS: CLIMA | | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| 09 02 03 | Gealltanais | (1) | 0 541 | 0 410 | 0 280 | 0 200 | 0 200 | **1 631** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 541 | 0 410 | 0 280 | 0 200 | 0 200 | **1 631** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | |
| 09 01 01 01 | | (3) | 0 560 | 0 840 | 0 840 | 0 840 | 0 560 | **3 640** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS CLIMA** | **Gealltanais** | **= 1 + 3** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 040** | **0 760** | **5 271** |
| | **Íocaíochtaí** | **= 2 + 3** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 040** | **0 760** | **5 271** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0 541 | 0 410 | 0 280 | 0 200 | 0 200 | **1 631** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0 541 | 0 410 | 0 280 | 0 200 | 0 200 | **1 631** |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | 0 560 | 0 840 | 0 840 | 0 840 | 0 560 | 3 640 |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **Gealltanais** | **= 4 + 6** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 04** | **0 76** | **5 271** |
| | **Íocaíochtaí** | **= 5 + 6** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 04** | **0 76** | **5 271** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **Gealltanais** | **= 4+ 6** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 040** | **0 760** | **5 271** |
| | **Íocaíochtaí** | **= 5+ 6** | **1 101** | **1 250** | **1 120** | **1 040** | **0 760** | **5 271** |

| (Méid tagartha) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

| | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: CLIMA | | | | | | | |
| Acmhainní daonna (buiséad ar vótáladh ina fhabhar) | | 0 785 | 1 452 | 1 452 | 0 942 | 0 942 | 5 573 |
| Acmhainní daonna (foireann sheachtrach a íoctar ó ioncam sannta) | | - | - | - | 0 510 | 0 510 | 1 020 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0 008 | 0 008 | 0 004 | - | - | 0 020 |
| **IOMLÁN AS CLIMA** | Leithreasuithe | **0 793** | **1 460** | **1 456** | **1 452** | **1 452** | **6 613** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0 793 | 1 460 | 1 456 | 1 452 | 1 452 | **6 613** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | Gealltanais | 1 894 | 2 710 | 2 576 | 2 492 | 2 212 | **11 884** |
| | Íocaíochtaí | 1 894 | 2 710 | 2 576 | 2 492 | 2 212 | **11 884** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | | **2023** | | **2024** | | **2025** | | **2026** | | **2027** | | **iomlán** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[1] | Meánchosta s | NÍL | Costa s | NÍL | Costa s | NÍL | Costa s | NÍL | Costa s | NÍL | Costa s | NÍL | Costa s |
| Córas TF Thairseach F-gás agus an Chórais Ceadúnúcháin a dhearadh agus a fhorbairt tuilleadh | QTM nó conarthaí seirbhíse | 0 140 | 2 | 0 280 | 2 | 0 280 | | 0 000 | | 0 000 | | - | | 0 560 |
| Forbairt a dhéanamh ar Thairseach F-gás agus ar Chóras Ceadúnúcháin HFC agus teacht i bhfeidhm na bhfeidhmiúlachtaí nua, lena n-áirítear cur chun feidhme an phróisis leithdháilte cuótaí agus díolacháin cuótaí | QTM nó conarthaí seirbhíse | 0 140 | 2 | 0 280 | 4 | 0 560 | 6 | 0 840 | 6 | 0 840 | 4 | 0 560 | | 3 080 |
| CSW-CERTEX AE/Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le | Meabhrán Tuisceana ó | | | 0 541 | | 0 410 | | 0 280 | | 0 200 | | 0 200 | | 1 631 |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Custaim[51] | TAXUD | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | 4 | 1 101 | 6 | 1 250 | 6 | 1 120 | 6 | 1 040 | 4 | 0 760 | 0 | 5 271 |

[51] Ó 2026 ar aghaidh, beartaítear costais chothabhála de EUR 0 200 milliún in aghaidh na bliana chun an t-idirnasc le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE do Chustaim a chothabháil le CSW-CERTEX AE a choinneáil ar bun

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7**<br>**den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | |
| Acmhainní daonna (buiséad ar vótáladh ina fhabhar) | 0 785 | 1 452 | 1 452 | 0 942 | 0 942 | **5 573** |
| Acmhainní daonna (foireann sheachtrach a íoctar ó ioncam sannta) | - | - | - | 0 510 | 0 510 | 1 020 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0 008 | 0 008 | 0 004 | - | - | **0 020** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7**<br>**den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0 793 | 1 460 | 1 456 | 1 452 | 1 452 | **6 613** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7**[52]<br>**den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | - | - | - | - | - | **-** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0 560 | 0 840 | 0 840 | 0 840 | 0 560 | **3 640** |
| **Fo-iomlán**<br>**lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7**<br>**den chreat airgeadais** | 0 560 | 0 840 | 0 840 | 0 840 | 0 560 | **3 640** |

[52] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ilbhliantúil** | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1 353** | **2 300** | **2 296** | **2 292** | **2 012** | **10 253** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 5 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[53] | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 6 | 6 | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | 6 | 6 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** *[54]* - sa Cheanncheathrú | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** *[54]* - i dToscaireachtaí | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| **IOMLÁN** | **5** | **12** | **12** | **12** | **12** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Céimniú amach níos déine a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le táirgeadh, ailíniú le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus reachtaíocht maidir le toirmisc atá níos cuimsithí agus níos casta |
| Pearsanra seachtrach | Cúnamh a thabhairt le bainistíocht oibríochtúil an chórais cuótaí agus ceadúnúcháin, |

[53] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[54] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | lena n-áirítear an phraghsáil |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ✓ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Gheofar na hacmhainní airgeadais is gá in imchlúdach chlár LIFE agus/nó in ioncam arna ghiniúint ag an bpraghas leithdháilte cuótaí. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| .. |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| .. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ✓ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ✓ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ✓ ar ioncam eile

– má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais x, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[55] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal 6 2 1 1<br>An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide — Ioncam sannta | - | - | 125 000 | 125 000 | 125 000 | 53 000 |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')<br><br>09 01 01 01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide<br><br>09 02 03 – Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Áireofar sa bhuiséad an t-ioncam a ghinfear ón bpraghas leithdháilte cuótaí. Maidir le forbairt, oibriú, cothabháil agus slándáil TF breise an chórais cuótaí HFC – lena n-áirítear modúl nua díolacháin cuótaí – agus ar chóras ceadúnúcháin F-gás agus substaintí ídithe ózóin a cheanglaítear faoi Phrótacal Montréal, chomh maith leis na naisc riachtanacha le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim agus forfheidhmiú níos fearr a éascú, tá sé beartaithe go maoineofar an méid sin le hioncam a bhaileofar.

Tar éis na costais TF agus riaracháin sin a chumhdach, iontráilfear an t-ioncam iarmharach i mBuiséad an Aontais mar ioncam neamhshannta.

Léirítear an t-**uasioncam** ó chuóta a dhíol ar phraghas EUR 3 in aghaidh an tona de choibhéis $CO_2$ sa tábla thíos. Beidh **an t-ioncam iarbhír beagán níos ísle** toisc go leithdháilfear cuid/mionchuid den chuóta foriomlán saor in aisce fós. Ní féidir a thuar

[55] A mbhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

roimh ré cén deighilt a bheidh ann idir an cuóta íoctha agus an cuóta saor in aisce, ach meastar fós go ndéanfar sciar an-ard den uasmhéid cuóta a leithdháileadh ar íocaíocht. Tá sé beartaithe go bhféadfaidh an Coimisiún an praghas seasta cuóta a athrú más gá mar gheall ar chúinsí an-sonrach.

An t-uasioncam bliantúil measta i milliúin EUR:

| | |
|---|---|
| 2025 - 2026 | 125 |
| 2027 - 2029 | 53 |
| 2030 - 2032 | 27 |
| 2033 - 2035 | 25 |
| 2036 - 2038 | 20 |